Is tionscnamh rialtais atá sa Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail a thugann an earnáil phobail agus dheonach, an pobal, seirbhísí reachtúla éagsúla eile, agus comhairleoírí áitiúla chun oibriú le chéile chun saincheisteanna sábháilteachta pobail a athint agus dul i ngleic leo ar leibhéal áitiúil. Táthar ag cur túis le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ar bhun píolótach ar feadh 24 mí i dTuaisceart Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, sa Longfort agus i bPort Láirge.

Córas CRM: Is córas digiteach é an córas Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí a dhéanann bainistiú ar an gcaidreamh agus ar an idirghníomháiocht le claint agus le custaiméirí agus tugann sé deis leanúnach sonraí a bhailíú agus a anailísíú.

Ciallaíonn **DoS** Stiúrthóir Seirbhísí (Údarás Áitiúil).

The Department of Housing, Planning and Local Government oversees the operation and development of the local government system and provides the policy framework within which local authorities work and deliver services to the communities that they represent and serve. From July 2017, the policy framework regarding LCDCs, LECPs and PPNs transferred from the Department of Housing, Planning & Local Government to the Department of Rural & Community Development. Article 28A of the Irish Constitution recognises the role of local government in providing a forum for the democratic representation of communities and in exercising and performing powers conferred by law.

Déanann an **Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** maoirseacht ar fheidhmiú agus ar fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus soláthraíonn sí an creat beartais a n-oibríonn údarás áitiúla laistigh de agus a sholáthraíonn seirbhísí do na pobail a ndéanann siad ionadaíocht thar a gceann agus a bhfreastalaíonn siad orthu. Ó mhí Iúil 2017, aistríodh an creat beartais maidir le LCDCanna, LECPanna agus PPNanna ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear in Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann ról an rialtais áitiúil maidir le fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach na bpobal agus na cumhactaí a thugtar le dlí a úsáid agus a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh an **Róinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD / an Róinn)** i mí lúil 2017 chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bhríomhara, cuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na tíre. Maidir leis an PPNanna, is í an Róinn an príomh-mhaoinitheoir, cuireann an Róinn Cathaoirleach ar fáil don Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach agus tá an Róinn freagrach as forbairt agus maoirseacht fhiorimlán na PPNanna.

Is ionann an **Chomhairle Thofa** agus fóram ceapadh beartais an údarás áitiúil; déanann comhaltaí na gceantar bardasach cinntí a mbíonn tionchar acu ar limistéar an cheantair bhardasaigh. Feidhmíonn Comhairlí Tofa (a feidhmíonn ar leibhéal údarás áitiúil nó ceantair bhardasaigh) ‘feidhmeanna forchoimeádta’ de réir mar atá sainmhínithe ar fud raon leathan reachtaíochta. Is í an fheidhmeannacht a dhéanann bainistíocht ar údarás áitiúil ó lá go lá m.sh. na hoifigigh lánaimseartha faoi cheannas an phríomhfheidhmeannaigh. Tá sé de dhualgas ar an bpriomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Thofa le linn di a feidhmeanna a feidhmiú.

Lámhleabhar: Sraith ilchodach Treoirínte agus comhairle a eisíodh i mí na Samhna 2020 chun cabhrú leis na PPNanna agus le páirtithe leasmhara eile, agus é ag teacht in ionad an **Treoir Úsáideora**.

FSS: Is í Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte an córas cúraim sláinte a mhaoinítear go poiblí i bPobalacht na hÉireann.

JPC: An Comhchoiste Póilíneachta Coiste Údarás Áitiúil a chuimsíonn, comhairleoirí, Teachtaí Dála, Seanadóirí, na Gardaí agus páirtithe leasmhara seachtracha ar nós na PPNanna a dhéanann moltaí beartais maidir le saincheisteanna pólíneachta. Déantar foráil in Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána i leith bunú JPC i ngach ceantar riarracháin Údarás Áitiúil agus mar chuid de struchtúir Rialtas Áitiúil.

LAGS: Riartar an Clár Leader ag an leibhéal áitiúil trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAGanna).

LCDC: Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil – Coiste Údarás Áitiúil ar a bhfuil comhaltaí poiblí agus comhaltaí phríobháideacha agus a dhéanann maoirseacht ar chláir forbartha pobail i gceantair áirithe, lena n-áirítear, LEADER agus SICAP. De ghnáth, bíonn 5 chomhalta ag PPNanna ar an gcoiste sin. Tá sé mar aidhm ag LCDCanna cur chuige comhleanúnach, comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i réimse na forbartha áitiúla agus na forbartha pobail.

LEADER: Clár maoinithe a chuirtear ar fáil trí LAGS, a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil i gceantair thuaithe. Is clár é LEADER trína dtugtar tacaíocht d'fhiontair phríobháideacha agus do ghrúpaí pobail chun tionscadail a chur i gcrích atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála i gceantair thuaithe agus ar spreagadh a thabhairt maidir le héagsúlú a dhéanamh ar ghníomhaíochta eacnamaíochta i gceantair thuaithe.

LECP: Plean Pobail Eacnamaíochta Áitiúil - Is é is aidhm leis an bpleasean ná na cuspóirí agus gníomhartha atá de dhíth chun forbairt eacnamaíochta agus forbairt áitiúil agus phobail an limistéir Údarás Áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo ar feadh tréimhse sé bliana, as féin go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara forbartha eacnamaíochta agus pobail eile.

Nascgrúpa: Grúpa de pháirtithe leasmhara PPN atá ag plé le saincheist áirithe a thagann le chéile chun moltaí beartais a dhéanamh agus a oibríonn go dlúth le hionadaí an PPN ar Bhord nó ar Choiste ábhartha.

Údarás Áitiúla (ÚÁ): Comhairlí Cathracha nó Contae. Tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíocht ag leibhéal áitiúil. Tá tacaíocht an Rialtais Áitiúil ar an talamh ríthábhachtach do rathúlacht an líon mór tionscnaimh a chuireann treallús faoi phobail áitiúla. Ina measc seo tá féilte agus imeachtaí áitiúla; dearadh sráid-dreacha agus scéimeanna athnuachana sráidbhailte; tacaíocht do mhicrifhiontair, páirceanna gnó agus aonaid ghoir; rannpháirtíocht i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh; leathanbhanda tuaithe a chur chun cinn agus pleánail le haghaidh infheistíochtaí móra sa gheilleagar glas.

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDC): Eagraíochtaí a bhfuil sé de chúram orthu tacú le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta sna ceantair ar a bhfuil siad ag freastal. De ghnáth, déantar conarthaí le LDCanna chun cláir a sheachadadh, ar nós, an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER), an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus Tús.

Déantar foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 do raon athruithe ar eagrú agus ar obair na n-údarás áitiúil. I measc nithe eile, déantar foráil do chónascadh lín údarás áitiúil, maidir le deireadh a chur le comhairlí baile, maidir le deireadh a chur le boird forbartha cathrach agus le boird forbartha contae agus maidir le bunú coistí áitiúla forbartha pobail agus déantar foráil do raon athruithe ar na feidhmeanna a dtugann údarás áitiúla fúthu. Cuireadh tús le hAlt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 an 1 Meitheamh 2014 and soláthraíonn sé an bonn reachtach a thugann éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Phoiblí agus do na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna).

Ciallaíonn MOU Meabhrán Tuisceana (comhaontú idir LA agus PPN).

Ceantar Bardasach (MD): Fo-rannán de chuid ceantar Údarás Áitiúil. Tagann Comhairleoirí le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh agus, chomh maith leis sin, ag leibhéal na comhairle ina hiomláine. Bunaíodh Ceantair Bhardasacha (MDanna) tar éis an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 a achta.

(n=XXX) Léiríonn sé uimhir e.g., lín na bhfreagraí, lín na ndaoine a d'fhreagair ceist.

Ciallaíonn NAG an Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN.

Is ionann eagraíochtaí seachbhrabúsacha agus eagraíochtaí a oibríonn ar mhaithle le leas na sochaí, leas an phobail agus/nó ar mhaithle le sainleas. Ní dhéanann siad aon bhrabús agus aon ioncam farasbairr nach dteastaíonn uathu leis an eagraíocht a reáchtáil déanann siad an t-ioncam sin a infheistiú ar ais san eagraíocht chun nithe a fheabhsú nó a choinneáil ag imeacht. Ní dhéantar aon íocaíochtaí le scairshealbhóirí. Áirítear ann raon ollmhór eagraíochtaí idir ghrúpaí beaga gan aon ioncam agus charthanais mhóra.

Iomlánach: Grúpaí comhaltais go léir i PPN. Is é an PPN Iomlánach comhlacht críochnaitheach cinnteoireachta an PPN.

Ciallaíonn **Buiséad PPN** an tsuim bhliantúil a bhíonn ar fáil don PPN ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail DRCD, ón Údarás Áitiúil agus ó fhoinsí eile.

Is ionann **Salesforce** agus córas bainistíochta sonraí agus faisnéise a úsáideann gach PPN. Ligeann an córas do PPNanna faisnéis faoi ghrúpaí comhaltais a fháil agus a bhainistiú, mionsonraí a stóráil maidir le heagraíochtaí, grúpaí pobail agus línora, bainistíochta a dhéanamh ar mhaoiniú ó eagraíochtaí, bainistíocht a dhéanamh ar fheachtais ar nós cumarsáidí ríomhphoist agus tuarascálacha saincheaptha a chruthú agus mar sin de.

Ciallaíonn **Rúnaíocht** comhlacht riarrachán an PPN a bhfuil sé mar ról aige cleachtais agus cinntí an PPN Iomlánach a chur i bhfeidhm; a chinntí go bhfuil an PPN á reáchtáil gan stró idir na Cruinnithe Iomlánacha; gníomhaíochtaí an PPN a chomhordú; cumarsáid rialta a dhéanamh le Grúpaí Comhaltais go léir an PPN agus faisnéis a scaipeadh chomh forleathan agus is féidir maidir le gníomhaíochtaí go léir an PPN; agus Oibrithe an PPN a éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla chun cuspóirí an PPN a sheachadadh.

Tá **SICAP** (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht agus chun cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn. Oibríonn gach soláthróir SICAP le daoine aonair agus le grúpaí pobail araon i gcathair/i gcontae nó i bhforannán de chathair/chontae agus iad ag díriú ar dhaoine atá thíos le míbhuntáiste agus ar cheantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Ciallaíonn **SLA** Comhaontú Seirbhíse (de ghnáth idir an PPN agus soláthróir seirbhíse nó an tÚdarás Áitiúil agus soláthróir seirbhíse).

Is beartas Rialtais 10 mbliana é **Sláintecare** a bhfuil sé mar aidhm leis athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras sláinte agus cúram sláinte do chách a sholáthar.

Cuimsiú Sóisialta: gníomhaíocht atá dírithe ar fheabhas a chur ar sheansanna agus ar dheiseanna saoil daoine atá ar an iméall sa tsochaí, atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá difhostaithe trí leas a bhaint as cur chuige forbartha pobail chun pobail inbhuanaithe a bhunú ina ndéantar luachanna an chomhionannais agus an chuimsithe a chur chun cinn agus ina bhfuil meas ar chearta an duine.

SPC (Coiste um Beartais Straitéiseacha): coistí áitiúla de chuid comhairlí cathrach agus contae atá comhdhéanta de Chomhairlí Tofa agus d'ionadaithe ón réimse gnó, ón réimse talmhaíochta, ó ghrúpaí comhshaoil/ caomhantais agus ó na ceardchumainn, mar aon le comhaltaí ón earnáil phobail agus dheonach. Tá sé mar dhualgas ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna), mar choistí de chuid na comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Níl aon chúram orthu maidir le gnáthchúrsaí oibríochtúla maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá sé i gceist le córas SPC deis a thabhairt do chomhairleoírí agus do leasanna earnála ábhartha ról ionlán a bheith acu sa phróiseas ceaptha beartais ó na céimeanna is luithe den phróiseas sin.

Ciallaíonn **Forbairt Inbhuanaithe** forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais faoi láthair gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: Grúpa de pháirtithe leasmhara an PPN a oibríonn ar théama beartais a bhfuil baint aige leo ar fad, m.sh., míchumas, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht.

Tusla: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh, ghníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí níos fhearr do leanaí.

Treoir Úsáideora: Sraith ilchodach Treoirínte agus comhairle a eisíodh in 2016 chun cabhrú leis na PPNanna agus na páirtithe leasmhara eile, cuireadh an Lámhleabhar ina ionad i mí na Samhna 2020.

Is ionann **Eagraíochtaí faoi cheannas oibrithe deonacha** agus eagraíochtaí atá á rialú ag grúpa oibrithe deonacha agus iad ag gníomhú mar choiste, mar bhord nó de réir struchtúr éigin eile. D'fhéadfadh comhaltaí foirne íoctha a bheith acu freisin chun gníomhú thar ceann an Bhoird.

Déanann **Folláine** cur síos ar phobal a bhfuil freastal á dhéanamh ar a bhunriachtanais agus ina motháíonn daoine go bhfuil ról fiúntach acu agus go bhfuil siad in ann spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus saol a chaitheamh a bhfuil meas acu air agus a bhfuil cúis acu le meas a bheith acu air.

Ciallaíonn **Grúpa Oibre** an Grúpa Oibre um Rannpháirtíochta na Saoránach atá ag an Rialtas Áitiúil. Bunaíodh an grúpa seo i Meán Fómhair 2013. Bhí sé mar ról ag an nGrúpa moltaí a dhéanamh maidir le hionchur níos leithne agus níos ilchineálaí a bheith ag saoránaigh sa phróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre an 28 Feabhra 2014 agus d'eascair bunú na PPNanna as a chuid moltaí.

Ciallaíonn **Oibrí**, Oibrí Acmhainní, Oibrí Tacaíochta nó oibrí eile atá fostaithe ag PPN le tabhairt faoina chuid dualgas.



Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí – 2021

In 2021, chomh maith leis na ceisteanna a cuireadh sna blianta roimhe seo, d'iarr an Roinn ar gach PPN roinnt sonraí a chur ar fáil maidir leis an tionchar a bhí ag paindéim leanúnach Covid-19 agus na srianta um chomhairle sláinte ina dhiaidh sin ar obair a PPN. De bharr gur bliain a bhí sa bhliain 2021 inar raibh tionchair Covid-19 fós le brath, coinníodh na ceisteanna breise.

Luagh 30 freagróir gur lean Covid-19 ag imirt tionchair ar obair an PPN in 2021, ní raibh ach ceann amháin a thug le fios nach raibh. Tá cuid de na téamaí coitianta liostaithe thíos agus in Agusín 3 cuirtear san áireamh mionsonraithe ar thionchair a thuairiscigh gach PPN agus é ina bhfocail féin. Chomh maith le freagairt don phaindéim, iarradh ar na PPNanna samplaí a thabhairt freisin de thograí nó de ghníomhartha sonracha a thug ionadaithe an PPN chuig na boird agus na coistí cinnteoireachta agus chun cur síos a dhéanamh ar na tionchair a d'imir a PPN féin.

Freagraí maidir le Covid-19

- I gcaitheamh na bliana 2021, athraíodh an treoir sláinte poiblí ó threoir lárnach, reachtach i dtreo freagracht aonair agus bainistiú riosca. Chuir an PPN oiliúint agus ceardlanna ar fáil chun cuidiú le grúpaí filleadh go sábhláilte ar ghníomhaíocht a phleanáil, rioscái maidir le Covid-19 a bhainistiú agus riachtanais pobal casadh agus oibriú lena chéile a chomhlónadh ar bhealach sábhláilte i ndiaidh tréimhse ina raibh leithlisiú agus teagmháil theoranta i gceist.

- Chruthaigh an PPN Léarscáil Idirghníomhach de Ghrúpaí Pobail a bhí ag cur tacaíochtaí ar fáil le linn COVID- 19. Bhí grúpa ar fáil chun tacaíochtaí a sholáthar i ngach pobal tuaithe agus uirbeach sa Chontae. Bhain Líne Chabhrach Pobail na Comhairle Contae úsáid as an Léarscáil Idirghníomhach. Chuir an Príomhfheidhmeannach, na Comhairleoirí agus daoine leocheileacha sa chontae béim ar na buntáistí a bhain leis an Léarscáil Idirghníomhach.
- Le linn thréimhsí luatha de Covid-19, d'oibrigh an PPN i dteannta na Comhairle Cathrach agus Contae, Leabharlanna, an Bord Oideachais agus Oiliúna, an Chomhpháirtíocht Cheantair, Comhairle na Seandaoine, an FSS agus Cónaídhm na hÉireann um Míchumas i gcomhar lena chéile chun réiteach a fháil i ndáil le litearthacht dhigiteach sa phobal a fheabhsú trí oiliúint a chur ar dhaoine chun úsáid a bhaint as a ngutháin shoghluaiste, tábléid, agus teicneolaíocht. Chuaigh an PPN i mbun suirbhéanna chun riachtanais tacaíochta agus oiliúna a aithint.
- Bhí ról an PPN san fhoireann Freagartha Pobail ina ról suntasach; bhí cainéil chumarsáide an PPN ar an bpriomhchainéal le linn na paindéime. Lean siad den chomhoibriú leis an FSS, le Comhairlí Contae agus le Coistí Forbartha Áitiúla trí lónrú agus malartú faisinéise le grúpaí pobail maidir le cúrsaí COVID-19, go háirithe, chun léiriú a thabhairt ar sheirbhísí le linn na dianglasála a léiriú.
- Mar gheall ar ár sraith seisíúin oiliúna agus faisinéise a cuireadh ar fáil mar fhreagra díreach ar anailís a rinneadh ar riachtanais pobail, tugadh tacaíocht do go leor grúpaí téarnamh ó éifeacht na paindéime Covid-19 agus a gcuid oibre a mhéadú chun tacaíochtaí a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil do bhaill den phobal.

Tionchar i nDaonlathas Plégrúpa

- D'óstáil an PPN seimineáir gréasáin mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don Dréachtphlean Forbartha Contae (CDP), ag comhoibriú i ndlúthchomhar le rannóig Pleanála na Comhairle Contae. Bhí freastal maith orthu seo agus cuireadh ar chumas rannpháirtithe na seimineár gréasáin ó ghrúpaí comhaltaí an PPN tuiscint iomlán a fháil ar an bpriomhchainéal aighneachta, conas aighneacht a dhéanamh agus an chéim ag a raibh an dréachtphlean. Bhí aighneachtaí níos dírithe mar thoradh air seo agus, chomh maith leis sin, feasacht ar an mbealach ina raibh Fís an PPN i leith Folláine an Phobail á ghlacadh mar sheasamh an phobail do chontae sláintíúil agus bríomhar.
- Is é an príomfhfócas atá ag na hionadaithe Tráctica agus lompair ná go mbeidh na cónaitheoirí faoi mhíchumas uile in ann teacht ar an gcathair. Bíonn siad i dteagmháil lena nascgrúpaí agus le páirtithe leasmhara agus cuireann siad a dtuairimí in iúl don choiste maidir le páircéil do dhaoine faoi mhíchumas, rochtain ar shráideanna agus níos mó deacrachtaí a bhaineann le saincheisteanna soghluaisteachta sa chathair.
- Fágadh Straitéis Náisiúnta na mBan as an Aguisín i ndoiciméid pholasáí ábharthaí i dtreoirlínte an LECP – Chuir ionadaí um Chuimsíú Sóisialta an PPN é sin in iúl ag an LCDC agus aontaíodh go gcuirfí an straitéis san áireamh mar chuid de chainteanna amach anseo maidir leis an LECP.
- I ndiaidh cur i láthair inar mionsonraíodh “Cathracha Gníomhacha” i gCreat Náisiúnta an Tionscnamh ó Comhpháirtíocht Spóirt, moladh don PPN go mbeadh ainmniúchán á lorg uathu ag an gComhpháirtíocht Spóirt do Ghrúpa Stiúrtha chun an tionscnamh a chur chun cinn, lena chinntíú go bhfuil meicníocht i bhfeidhm d'ionadaíocht agus do rannpháirtíocht an oiread grúpaí agus coistí ábhartha agus is féidir.
- Thug ionadaithe LCDC PPN moltaí suntasacha i ndáil leis an LECP agus Fís 2030 a fhorbairt agus cuireadh go leor de na hionchuir agus aighneachtaí san áireamh agus rinneadh athruithe suntasacha ar na ceisteanna comhairliúcháin agus ar na dréacht-doiciméid ó chonaic na hionadaithe PPN an chéad dréacht.

Ag dul i bhfeidhm ar Fholláine an Phobail

- Bhí an PPN ar cheann de na comhiarrthóirí rathúla maidir le Tionscadal Píolótach Chiste Forbartha Pobail na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chun maoiniú a dhéanamh ar Thionscadal Forbartha Phobal an Lucht Siúil don Chlár. D'eascair rannpháirtíocht an PPN sa tionscadal seo ó údar imní a d'ardaigh Grúpaí Comhalaí um Chuimsiú Sóisialta a bhí a lorg bealaí chun oibriú go héifeachtach agus feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála agus folláine do thart ar 900 duine de Phobal an Lucht Siúil atá mar chuid den phobal. Cuirfear spás ar fáil don tionscadal san áitreabh ina bhfuil an PPN.
- Sheol comhaltaí na Rúnaíochta, tar éis aiseolas a fháil ó chomhaltaí an PPN, iarratas chuiig Stiúrthóir Seirbhísí Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta Pobail na Comhairle Contae ag lorg síneadh ar an gComhairliúchán Poiblí maidir le hAthbhreithniú na dTeorainneacha Luais don bhliaín 2021. Cuireadh síneadh leis an gcomhairliúchán, tar éis an iarratais seo, ar feadh 3 seachtaire eile chun tuilleadh ama a thabhairt dár gcomhaltaí chun aighneachtaí a chur faoi bhráid.
- Le Togra ón gComhchoiste Póilíneachta, ardaíodh an cheist maidir le Drochídé Baile agus iompraíocht Frithshóisialta. Leagadh béisim, in éineacht le comhairleoírí áitiúla, ar an ngá atá le Gardáí pobail, rud a bhí mar thosaíocht go háirithe le linn Covid-19.
- Tá an-suim ag ionadaithe compháirtíochta Spóirt sa smaoineamh maidir le corpacmhainn ilghlúine. Tá siad ag obair leis an gcompháirtíocht spóirt chun cláir acláiochta a chur ar fáil do thuismitheoirí a scaoileann a leanáí amach ag traenáil. In ionad iad a scaoileadh amach agus fágáil, bíonn na tuismitheoirí féin rannpháirteach ar na taobhlínte. Tagann an tionscnamh seo go díreach ónár n-ionadaithe.

- Mar chuid den Chiste um Athshamhlú Spásanna Amuigh Faoin Aer, d'óstáil an PPN cruinniú idir Nascghrúpa na nEalaón agus Cultúir agus an Chomhairle. Bhí an deis ag pobal na n-ealaón ionchur a bheith acu sna tosaíochtaí don chiste agus rinne an PPN comhordú ar aighneacht ar bhain an Chomhairle úsáid as mar bhonn chun iarratais a chur faoi bhráid an chiste. Chiallaigh an rannpháirtíocht seo le pobal na n-ealaón go mbeidh riachtanais ghrúpaí áitiúla lárnach sa togra.
- Trí rannpháirtíocht an phobail (tríd an PPN) agus ceardlanna rialta agus imeachtaí óráide, cuireadh muinín agus ardán ar fáil do phobail chun teagháil dhearfach a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil. Bhí ról suntasach ag an PPN ó thaobh níos mó daoine a spreagadh le páirt a ghilcadh / bheith rannpháirteach ina bpobal áitiúil. Thacaigh an PPN le daoine teacht le chéile trí dheiseanna ar líne le linn na paindéime.

“Trí rannpháirtíocht an phobail (tríd an PPN) agus ceardlanna rialta agus imeachtaí óráide, cuireadh muinín agus ardán ar fáil do phobail chun teagháil dhearfach a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil.”

Ag dul i bhfeidhm ar an gCuimisiú Sóisialta

- D'oibrigh an PPN i gcomhar le Comhairle na Seanóirí chun bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Táibléid Aoisbháúil Acorn do dhaoine breacaosta a bhí scoite amach ón gcuid eile den phobal. Ba é aidhm an tionscadail oibriú le daoine aosta agus múineadh dóibh leis an táibléad Acorn a úsáid mar uirlis chumarsáide. Rinneadh é seo chun an t-aonrú sóisialta agus an t-uaigneas a laghdú agus cabhrú le daoine aonair scilbhisiú a dhéanamh agus coinneáil i dteagmháil lena ngaoalta, lena gcairde agus lena dteaghlaigh.
- Tá léiriú déanta ag an lonadaí Tithíochta ó Chuimisiú Sóisialta ar shaincheisteanna a bhaineann le clár Plean Gnímh an Lucht Siúil (TAP) reatha. Ní bhaintear úsáid as aitheantóirí eitneacha sna hiarratais tithíochta a bhí molta ag eagraíochtaí an Lucht Siúil agus mar sin tá gach cosúlacht ann go bhfuil gannionadaíocht riachtanais ann ó thaobh na spriocanna. Is obair thábhachtach abhcóideachta atá i gceist anseo. D'oibrigh an PPN agus Oifigeach Forbartha Chumann Peile na hÉireann (FAI) i gcomhar le chéile chun campaí samhraidh peile a leagan amach do leanaí a raibh uathachas orthu. Ba é seo an chéad uair a réachtáladh tionscnamh den chineál seo sa tír agus tá sé beartaithe ag an FAI an tionscnamh a réachtáil i gcontaetha eile amach anseo.
- Chuir an PPN togra maidir le hateangaireacht teanga chomharthaíochta faoi bhráid na Stiúrthóireachta Seirbhíse (DoS) mar go bhfuil sé ríthábhachtach maidir le seoladh teachtaireachtaí agus a bheith aireach ó thaobh cuimisiú sóisialta.
- Tá baint mhór ag an PPN le líonra LGBT arbh ionann é agus rannpháirtíocht idir an comhairle, an PPN agus grúpaí seachtracha agus tá curtha acu le próifíl saincheisteanna LGBT san Údarás Áitiúil.

Ag dul i bhfeidhm chun tacú leis an gComhshaol

- Pléadh agus comhaontaíodh rún ar choisaint agus ar chaomhnú fálta sceach. Rinne an Nascghráupa, mar chuid den Chomhphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, óstach agus modhnú ar Chaomhnú Aeráide an PPN.
- Mhol an LCDC/LAG glacadh le roghanna fuinnimh inbhuanaithe agus bithéagsúlachta i mbreithníu agus i measúnú gach tionscadal, sa chás a leithéid a bheith indéanta go réasúnacha gan costais bhereise a bhrú nó oibleagáidí a éileamh ar thionscnóirí do chlár idirbhreimhseach LEADER (2021--2022).
- Rinne an PPN óstach ar sheimineáir ar chomhairliúchán poiblí maidir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí i gcomhar le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus le rannóg feabhsúcháin uisce na comhairle contae. Deis iontach a bhí inti seo do gach grúpa comhaltais an PPN, ach go háirithe, dul i gcomhairle leis an bpiléar Comhshaoil agus a bheith mar chuid de phróiseas aighneachtaí ábhartha den sórt sin.
- Mhol an PPN Turasóireacht Inbhuanaithe a chur ar an gclár mar gheall go raibh sé feicthe gur chóir go léireodh tionscnamh turasóireachta inbhuanaithe go bhfuil siad ar aon dul le beartais aeráide agus bithéagsúlachta ag leibhéal an AE agus ag leibhéal Náisiúnta.
- Tá an PPN mar chomhpháirtí le ‘Stepping Stones Forests’ – a bhfuil os cionn 10 mionfhiorois plandálaithe go díreach acu i scoileanna ar fud an chontae. Tugann sé seo tuiscint níos fearr ar an gcomhshaoil atá thart timpeall orthu do scoileanna, d'oirbithe deonacha agus do leanaí agus tuiscint níos fearr freisin ar an obair atá idir lámha ag an PPN sa choláiste comhshaoil.
- Mhol an SPC Pleanála, Comhshaoil, Aeráide; Gnímh Bithéagsúlachta, Fuinnimh agus Talmhaíochta ionchur sa togra faoi Athrú Aeráide go dtabharfaidh faoi fhíseán ar mhaithle le cuidíu leis an bpobal a bheith níos feasáí maidir le nithe simplí is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar athchúrsáil, athúsáid agus ar dhrámaíl go ginearálta agus rinne éileamh go dtabharfaidh an deis dáirngrúpaí a bheith rannpháirteach sa táirgeadh.

Ag dul i bhfeidhm ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe(SDGanna)

- Déanann an PPN comhordú ar Ghrúpa Oibre Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an LECP, lena n-áirítear comhaltaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaireachtaí agus Comhairleoirí Cathracha. Tá an tábhacht a bhaineann le SDGanna a neadú sa phleanáil chathrach aitheanta ag an ngrúpa, lena n-áirítear an Plean Forbartha Cathrach nua agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua. Ag leanúint ar aghaidh ón measúnú ar thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis an gcéad chéim i bpróiseas an Phlean Forbartha Cathrach i mí na Bealtaine, tá tú curtha le comhoibriú ó thaobh díriú ar chur i bhfeidhm na SDGanna.
- Chuir an Nascgrúpa um Athrú Aeráide, Comhshaol agus Uisce, Comhrá maidir le hAthrú Aeráide agus tuarascáil ghaolmhar ar fáil.
- Chuir an PPN, i gcomhar leis an Oifig na Comhairle Contae um Ghníomhú ar son na hAeráide, clabhsúr le Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, COP 26 i nGlaschú, le dhá lá de chainteanna, ceardlanna, taispeántais agus siúlóidí. Reáchtáladh imeachtaí do dhaoine óga, do ghrúpaí pobail, do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí. Is spás a bhí anseo do phobail chun foghlaim óna chéile maidir lena lorg carbón a laghdú agus le deiseanna tacaíochta agus maoinithe atá ar fáil a athint.
- Chuir an PPN Mol Beartais le chéile agus cuireadh an Mol sin ar fáil, mol ina bhfuil os cionn 120 beartas chun tacú le hionadaithe an PPN chun dul i bhfeidhm ar bheartas ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus an AE agus chun feidhmiú mar shuíomh lárnach do chomholtas an PPN níos leithne.
- Chuir an PPN clár leathan d'imeachtaí oiliúna ar fáil do chomhaltaí sa chéad leath den bliain 2021. Bhí maoiniú agus airgeadas, meán shóisialta, scileanna éascaithe agus abhcóideachta i leith pleánáil straitéiseach agus GDPR i gceist leis an oiliúint. Cuireadh an oiliúint ar fáil ar líne mar bhealach chun cur le hacmhainneacht grúpa le linn na tréimhse ina raibh srianta Covid-19.
- Cloisteáil ó ghrúpaí comhaltais a bhí i gceist leis an tionchar ar an taighde a bhí taobh thiar den phlean straitéiseach 5 bliana, maidir leis an méid a bhí úsáideach dóibh agus nach raibh chomh húsáideach sin maidir leis an PPN. Bhí sé sin indéanta do chomhaltaí níos leithne, go háirithe, ó thaobh guthanna a chloisteáil, iad a thaifeadadh agus a éisteacht le dul chun leasa an lónra ina ioimláine.
- Bhí ról gníomhach ag an PPN i gcomhairliúcháin amhail, Pleananna Oidreachta, Pleananna Leabharlainne, Straitéisí Crainn, Tionscadail Bonneagar lompair agus Réimse Poiblí, Pleananna Forbartha Contae agus Seirbhísí Cúram Sóisialta Míchumais, chun treoir a chur ar fáil don phlean sna 4 bliana atá amach romhainn (2022--2025).
- Mar chuid den phróiseas chun freastal ar na ceanglais rialachais éigeantacha atá i Lámhleabhar 2020, chuaigh an PPN i gcomhairle leis an gcomholtas chun creat rialachais agus prionsabail a fhorbairt mar bhonn d'fhorbairt rialachais laistigh den lónra.
- Tá an PPN ar an bhFoireann Freagartha Pobail leis an gComhairle agus leis na Príomhgníomhaireachtaí eile go léir mar ghné lárnach den phróiseas. Is ionann an PPN agus nasc díreach leis an Earnáil Pobail agus tá ar a gcumas fainsnéis agus taithí a roinnt leis na comhaltaí eile maidir le bearnaí nó réimsí atá lárnach i dtaca le gníomhartha.

Ag Dul i bhfeidhm chun leasa Ballgħrúpaí

- Chuir an PPN an fhaisnéis is déanaí ar fáil do Bhallgħrúpaí ar bhonn rialta maidir le deiseanna maoinithe agus d'oibrigh an PPN i gcomhar le Rannóġi Spóirt na Comhairle Contae chun fainsnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chlubanna lena n-iarratais ar Dheontais Caipitil Spóirt. Fuair an lón is mó riamh de chlubanna spóirt sa chontae Deontais Caipitil Spóirt. Rachaidh sé seo chun leasa do Chlubanna Spóirt agus do na pobail áitiúla go ceann na mblianta.

Dul i bhFeidhm ar an Lánpháirtíocht

- Thug an PPN faoi Insiúltacht agus aithníodh saincheisteanna móra maidir le cosáin agus le trasrianta agus tá tú curtha le hobair anois chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.
- Rinne an PPN athbhreithniú ar an Straitéis Lánpháirtíocha Imirceach i gcomhar leis an Údarás Áitiúil agus le Comhpháirtíocht LEADER agus bhunaigh an PPN Grúpa Stiúrtha Lánpháirtíocha Imirceach agus cuireadh mar chúram ar an PPN 3 chomhalta a thoghadh ón bPobal Imirceach.
- Tá an PPN ag leanúint ar aghaidh le habhcóideacht a dhéanamh agus le saincheist a ardú maidir le doiciméid, leabhrán nó cur i láthair a chur le chéile (lena n-áirítear an costas) gan aon chodarsnacht dathanna do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu amhail, dath gorm éadrom nó dath bándearg éadrom a úsáid ar chúlra bán nach féidir a léamh agus gan an phrontáil a dhéanamh ar pháipéar snasta mar go mbíonn sé sin mar chúis le dallrú.

Dul i bhFeidhm ar Chearta an Duine

- Bhí an PPN ar cheann de na hocht eagraíochta is fiche a fuair maoiniú ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoina Scéim Deontais um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain 2021. Tá an scéim Deontais um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid de chumhactaí reachtúla an Choimisiúin chun deontais a chur ar fáil ar mhaithe le cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo comhoibriú idir grúpaí a dhéanann ionadaíocht air agus a chuimsíonn na daoine siúd atá faoi thionchar ag eisiamh socheacnamaíoch, gníomh atá bunaithe ar straitéis in aghaidh na bochtaineachta a bheartú chun abhcóideacht a dhéanamh go héifeachtach ar mhaithe le tuiscint fhorásach ar chearta sóisialta agus geilleagracha. Bainfear úsáid as an straitéis mar chreat chun faisnéis a dhéanamh do na haighneachtaí beartais go léir chuig na hÚdarás Áitiúla.

- Socraíodh leis an tionscadal Comhionannais agus Cearta ag Feidhmiú, lenar thacaigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), Painéal Sochaí Sibhialta a bhunú. Tá grúpaí na sochaí sibhialta agus iadsan a bhí faoi réir ag idirdhealú, éagothroime agus ag diúltú chearta an duine sa riocht is fearr lena saineolas a úsáid mar shealbhóirí cearta chun tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm Leis an tionscadal, cuireadh le comhacmhainneacht Sealbhóirí Cearta chun a bheith rannpháirteach agus tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach agus tréadhearcach Dhualgas na hEarnála Poiblí ag gníomhairescaí agus eagraíochtaí a bhfuil an dualgas seo orthu. Baineann na daoine siúd a bhí faoi réir ag taithí idirdhealaithe, comhionannais agus ag diúltú chearta an duine, úsáid as a gcuid saineolais mar shealbhóirí ceart chun tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Dul i bhFeidhm ar Lónraí

- D'fhoilsigh na PPNanna nuachtltreacha seachtainiúla agus ríomhirisí míosúla ina bhfuil píosaí nuachta na gcomhaltaí a spreagann spiorad pobail agus a choinníonn gach uile dhuine ar an eolas maidir leis an méid atá ag tarlú. Acmhainn faisnéise luachmhar a bhfuil glacadh maith leis atá i gceist anseo maidir le Folláine, Maoiniú, Comhairliúcháin agus aon fhaisnéis eile atá ar a gcumas a bhailiú a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do ghrúpaí pobail agus dá gcomháltas.
- D'éirigh thar barr le cur chun cinn Oiliúna sa Chumarsáid tríd an teicneolaíocht. Thug sé seo an deis do na PPNanna tacú le scileanna nua a fhorbairt chun cuidiú le grúpaí a theacht le chéile ar bhealach fíorúil agus le haghaidh a thabhairt ar aonrú.

1



Comhallas

Tá go leor buntáistí ag gabháil le comhallas an PPN. Trí chlárú leis an PPN, beidh an méid seo a leanas á fháil ag eagraíocht:

- Rochtain ar fhasnéis ábhartha maidir le maoiniú agus deontais a thagann tríd an Údarás Áitiúil.
- An deis a gcuid gníomhaíochtaí a fhógairt trí nuachtlitir, láithreán gréasáin, ríomhphoist an PPN srl.
- Rochtain ar forbairt acmhainní agus ar imeachtaí oiliúna a thacóidh leo ina gcuid oibre.
- Rochtain ar fhasnéis faoi chinntí agus faoi mholtáí atá á ndéanamh ina gcontae/ ina gcathair agus an cumas chun tuairimí agus ionchur a chur ar fáil ina leith, chomh maith le heagraíochtaí comhallaíse eile an PPN.
- Deis chun nasc a chruthú le heagraíochtaí eile sa chontae / sa chathair atá b'fhéidir bainteach leis an gcineál céanna tionscadal oibre agus foghlaim uathu.
- An deis a bheith mar chuid de Nascghrúpa ar son Bord nó Coiste leasa agus a bheith in ann a dtuairimí a chur in iúl agus cur le beartais áitiúla.

- Deis chun comhaltaí a ainmniú le bheith ar Bhord nó ar Choiste thar ceann an PPN.

Ní mór do gach eagraíocht ar leith rogha a dhéanamh ansin a bheith mar chuid d'aon Choláiste amháin a dhéanann ionadaíocht ar a bpriomhábhar spéise – Pobal agus Deonach, Comhshaol agus Cuimsíú Sóisialta.

Ag deireadh na bliana 2021, b'ionann comhallas an PPN agus 18,121 grúpa comhallaíse (lena n-áirítear Comhaltaí Comhlacha) ar fud na 31 PPN. Déanann eagraíochtaí Pobail agus Deonacha suas tromlach na gcomhaltaí i gcónaí (79.8%), eagraíochtaí Cuimsithe Shóisialta ina dhiaidh sin (16.5%) agus Eagraíochtaí Comhshaoil (3.7%). Tugtar briseadh síos i dTábla 2 thíos ar an gcomhallas bunaithe ar an gcineáil eagraíochta agus léiríonn sé na hathruithe comparáideacha i ngach réimse le linn 2021.

Tábla 2: Comhdhéanamh chomholtas an PPN do na blianta 2020* agus 2021*

| Coláiste | 2020 (n=31 Figiúirí CRM) | 2021 (n=31) | Athrú ar Uimh. | % iomlán 2021 |
|--------------------|-----------------------------|----------------|-------------------|------------------|
| Pobal agus Deonach | 13,929 | 14,443 | +514 | 79.8% |
| Comhsaoil | 613 | 655 | + 42 | 3.7% |
| Cuimsú Sóisialta | 2,988 | 3,001 | +13 | 16.5% |
| Iomlán | 17,530 | 18,121 | + 591 | |

*Comhaltaí Comhlacha san Áireamh

** Tabhair faoi deara i dtaoibh méid iomlán 2021 de 18,121 ghrúpa - tá 22 cláraithe leis an LRP neamhshannta d'aon choláiste.

Chur 16 PPN ar an iomlán Comholtas Comhlach ar fáil, go ginearálta d'eagraíochtaí nár gcomhlíon na critéir iomlána comholtais, ach ar mian leo a bheith bainteach agus faisnéis a fháil. Ar an iomlán, bhí 362 Comhalta Comhlach ar na PPNanna – 273 Comhalta Comhlach ón Earnáil Pobail agus Deonach, 23 Comhalta Comhlach ón Earnáil Comhsaoil, agus 66 Comhalta Comhlach ón Earnáil Cuimsithe Shóisialta (ardú 16% ón 312 sa bhliain roimhe seo).

Rinne 17 PPN athchlárú iomlán agus rinne an chuid eile mionsonraí teagmhála na gcomhaltaí a uasdátú de réir mar a fuair siad faisnéis faoi athruithe.

Ar an iomlán, bhí

362 COMHALTA COMHLACH


ardú 16% ón
312 sa bhliain
roimhe seo



273
**COMHALTA
COMHLACH ÓN
EARNÁIL POBAIL
AGUS DEONACH**

23
**COMHALTA
COMHLACH
ÓN EARNÁIL
COMHSAOIL**

66
**COMHALTA
COMHLACH ÓN
EARNÁIL CUIMSITHE
SHÓISIALTA**



2

Ionadaíocht agus Cinnteoireacht

Iarradh ar na PPNanna tuairisc a thabhairt ar an mbealach ina ndeachaigh siad i gcomhairle lena ngrúpaí comhaltais, ó dháileadh faisinéise, go freastal ar imeachtaí comhairliúcháin agus le haighneachtaí i scribhinn a dhéanamh. Cuirtear achoimre ar fáil i dTábla 3 de na gníomhaíochtaí a ghlaic na PPNanna chun tacú lena gcomhaltas lena bheith rannphárteach i ndaonlathas pléigrúpa.

Tábla 3: Rannpháirtíocht i gComhairliúcháin, 2021

| An Modh | I gcónaí | Uaireanta | Go hannah | Riamh |
|---|----------|-----------|-----------|-------|
| Dáileadh faisinéise ar ghrúpaí comhaltais maidir le comhairliúcháin áitiúla | 25 | 4 | 1 | 1 |
| Dáileadh faisinéise ar ghrúpaí comhaltais maidir le comhairliúcháin náisiúnta | 22 | 7 | 1 | 1 |
| D'fhreastail ionadaithe an PPN ar imeachtaí comhairliúcháin chun ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN | 4 | 21 | 6 | 0 |
| D'fhreastail an tOibrí Acmhainní ar imeachtaí comhairliúcháin chun ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN | 5 | 17 | 5 | 4 |
| Rinneadh aighneachtaí i scribhinn maidir le comhairliúcháin, mar an PPN nó mar fhoghrúpa (nascgrúpa srl.) | 4 | 19 | 3 | 5 |
| D'eagraigh an PPN comhairliúcháin leis na comhaltaí (i.e., cruinnithe agus suirbhéanna a eagrú) | 3 | 20 | 4 | 4 |

Mar atá le feiceáil i dTábla 3 chuir formhór na PPNanna faisnéis ar fáil dá gcomhaltaí i gcónaí maidir le comhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta a bhí ar siúl. D'fhreastail Oibrithe Acmhainní nó Ionadaithe an PPN ar imeachtaí comhairliúcháin thar ceann an PPN 'I gCónai' nó 'Uaireanta' i bhformhór na gcásanna, agus thuairiscigh a bhformhór go ndearna siad aighneachtaí i scribhinn nó gur eagraigh siad a n-imeachtaí comhairliúcháin féin lena gcomhaltaí 'I gCónai' nó 'Uaireanta'.

Thaifead 31 PPN gur thug siad freagra ar 190 comhairliúchán sa bhliain 2021.

Thug 31 PPN a dtuairimí maidir leis an gcaoi a n-eagraítear comhairliúcháin agus /nó thug siad roinnt sonraí faoi chomhairliúcháin ar ghlac siad féin páirt iontu, mar atá in Agusín 4.

Tacaíocht don Ionadaíocht

Leis an rannpháirtíocht agus ionadaíocht, is gá go mbeadh na páirtithe ar fad rannpháirtíocht i ndáiríre. Iarradh ar PPNanna aiseolas a thabhairt maidir lena dtuairim faoin bpróiseas rannpháirtíochta agus tá an fhaisnéis sin leagtha amach i dTábla 4.

Tábla 4: Tacaíocht don Ionadaíocht, 2021

| Tacaíocht | Déanann an LA cinneadh nó cuireann sé gach rud i gcrích agus cuireann sé an PPN ar an eolas ina dhiaidh sin | Iarrann an LA ionchur ón PPN maidir le réimsí áirithe, a roghnaíonn an LA | Ciinníonn an LA smacht ar an bpróiseas, ach tugann sé deis don PPN ionchur a mholadh | Comhoibríonn an LA agus an PPN mar a bhaineann le gach gné den phróiseas |
|---|---|--|--|---|
| Mar a bhaineann le Socrú Cláir Oibre (An clár oibre a leagan amach don chruinniú / don bhliain nua / téarma oifige 5 bliana) | 9 | 7 | 10 | 5 |
| Mar a bhaineann le Dréachtú (beartais, pleannanna cumarsáide a scríobh etc.) | 6 | 10 | 13 | 2 |
| Mar a bhaineann le Cinnteoireacht (próiseas cinnteoireachta faoi bheartais, tionscnaimh srl.) | 5 | 7 | 16 | 3 |
| Mar a bhaineann le Cur i bhfeidhm (ag cur beartais i bhfeidhm) | 10 | 5 | 13 | 3 |
| Mar a bhaineann le Monatóireacht (monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí beartais nó cinnidh) | 13 | 6 | 9 | 3 |
| Mar a bhaineann leis an Athchóiriú (úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bailíodh sa chéim Mhonatóireachta chun beartas nó tionscnamh a mheas agus a athchóiriú) | 10 | 7 | 11 | 3 |

Níor thuairiscigh ach dhá PPN go dtarlaíonn comhoibriú go seasta ag gach céim den phróiseas ionadaíochta.

Fís d'Fholláine an Phobail

Le tacaíocht ó mhaoniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), thuairiscigh seacht PPN déag go raibh Fís críochnaithe acu mar a bhain le Folláine an Phobail. Thuairiscigh dóibhsean nach raibh fíos críochnaithe acu go bhfuil moill leis an obair seo mar gheall ar Covid-19, ráta athraithe foirne nó ganntanais agus tá siad ag obair go gníomhach chun é a chur i gcrích sa blíain 2022.

Samplaí den tionchar a bhí ag an bhFís ar chinnteoireacht

- Bainimíd úsáid as mar threoir chun tacú le tuairimí ionadaithe agus chomhaltaí an PPN agus meabhraítear do na príomhpháirtithe gurbh é seo an glór maidir le hionchur an phobail sna gnéithe seo.
- Bainimíd úsáid as mar dhoiciméad treorach ar fud gach Struchtúr an PPN.
- D'aistrigh an GCCN an Fhis d'Fholláine go doiciméad Beartais agus Riochtaí a bhfuil úsáid leathan á baint as mar bhunús le hionadaíocht a dhéanamh ar na struchtúir go léir. Tugtar breac-chuntas sa doiciméad ar an mbeartas náisiúnta agus ar dhea-chleachtas maidir le gach aon cheann de na saincheisteanna a raibh an GCCN ag déanamh ionadaíochta orthu, agus ina dhiaidh sin aidhm an GCCN don réimse atá i gceist agus do na riochtaí atá comhaontaithe ag an GCCN. Tabharfar an doiciméad seo cothrom le dáta sa blíain 2022.
- Baineann an PPN úsáid uaireanta as an bhFís ó 6 réimse chun faisnéis a chur ar fáil do smaointe agus do mholtáí maidir le comhairliúcháin. Baineann ionadaithe an PPN úsáid as seo freisin mar shainordú agus a ról á gcur i bhfeidhm acu agus i gcomhfhreagras le Nascgrúpaí.
- Daingníodh Ráitis Folláine Pobail an Chláir ag cruinníú iomlánach in Eanáir na bliana 2021 agus is doiciméad beo atá ann i gcónaí. Chuir an próiseas comhairliúcháin faisnéis ar fáil do réamhdhréacht Aighneachta chuig Plean Forbartha an Chontae agus bhí siad ina lionsáí úsáideacha agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Dréachtphealán nuair a foilsíodh an pleán sa blíain 2021. Tá na hionadaithe den tuairim go bhfuil sainordú acu a dhéanann ionadaíocht ar a bpiléar nuair a thógtar san áireamh an t-ionchur suntasach ó ghrúpaí comhalaíse agus tá a fhios acu gur féidir leo tagairt a dhéanamh

dó thar ceann na gcomhaltaí agus iad i mbun ionadaíochta ar bhoird agus ar choistí maidir le beartas. Bhí sé ar cheann de na bundoiciméid do chur i láthair shuntasach ar an gcomhshaol don LCDC i mbliana. Rinneadh tagairt dó go rialta inár n-aighneachtaí.

- Rinne ionadaithe PPN Chiarrá iarracht ionchur maidir le fíos folláine pobail a chur i láthair ar na boird agus ar na coistí a bhfuil siad ag freastal orthu. Is próiseas leanúnach é atá dúshláinach. Táthar ag suíl go mbainfear úsáid as an bhfaisnéis le linn phróiseas an LECP ar bhealach níos éifeachtaí ar mhaithe le tionchar a bheith ar athrú.
- Baineadh úsáid as an bhFís chun oiliúint a chur ar ionadaithe an PPN ar mhaithe le tosaíochtaí an phobail a chur i láthair ag cruinnithe. Baineadh úsáid as chun oiliúint a chur ar ionadaithe chun úsáid a bhaint as sonraí mar bhonn taca leis na físeanna. Baineadh úsáid as in go leor beartas, pleannanna agus straitéisí an LCC, amhail Plean Forbartha an Chontae, an Plean Corparáideach, Straitéis Idirchultúrtha an Longfoirt, Plean Folláine an Longfoirt, srl. Baineadh úsáid as mar bhunús do ghrúpaí chun forbairt a dhéanamh ar Shainorduithe Thoghcháin na gCeantar Bardasach sa blíain 2019. Rinneamar Scannán 2040 do Sheachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus baineadh úsáid as na físeanna do dhíospóireacht ar an scannán agus le Lónra Comhshaoil an Longfoirt a sheoladh. Is ionann na físeanna agus sainordú do phlean oibre an PPN.
- Foilsíodh le gairid é agus tá sé beartaithe againn é a úsáid chun faisnéis a sholáthar don LECP.
- Baineadh úsáid as i bhFís/LECP Shligigh sa blíain 2030. Baineadh úsáid as chun faisnéis a sholáthar d'íarratais mhaoinithe eagraíochtaí eile. Chuir sé faisnéis ar fáil do thionscnaimh agus d'fhorbairt cláir 'Let's Play Sligo'. Cuireann sé faisnéis ar fáil do Phlean Maolaithe Aeráide Shligigh. Baineann ionadaithe ar bhord an SPC úsáid as.
- Daingníodh an Ráiteas i mí na Nollag 2020 ach níor seoladh go hoifigiúil é mar gheall ar COVID-19. Cuireadh oiliúint mhionsonraithe ar fáil do na hionadaithe maidir leis an méid sin agus bainfidh siad úsáid as an ráiteas ina gcuid ionadaíochta ar choistí na comhairle sa blíain 2022.

- Baineadh úsáid as an bhFís d'Fholláine an Phobail go díreach i bpróiseas Dréachtphlean Forbartha an Chontae sa bhliain 2021 mar a baineadh úsáid as i bPlean Corparáideach an TCC sa bhliain 2020 agus tá a thionchar le feiceáil go soiléir mar phríomhchomhpháirt sa dréachtphlean. Trí chomhoibriú níos dlúithe le rannóg Comhshaoil agus Gníomhaith ar son na hAeráide san TCC, féachadh agus glacadh leis an bhFís d'Fholláine an Phobail mar shainordú d'ionadaithe PPN an SPC. Bhí cùig chruinniu maidir le Ceantar Bardasach ann i Ráithe 4 den bhliain 2021 agus d'fhreastail ionadaithe agus grúpaí pobail ar na cruinnithe sin agus fuair siad tacaíocht chun gnéithe den Fhis a aithint go gníomhach a bheadh úsáideach chun sainordú ábhartha a fhobairt amach anseo. Leanfaimid leis an méid seo a neadú i dTreoir na nlonadaithe, trí oiliúint agus trí phróifil ard na Fise d'Folláine an Phobail a chinntí mar ábhar dea-chleachtais, chun úsáid leanúnach na Fise d'Fholláine an Phobail a chinntí chun tacaíocht a thabhairt ó thaobh cur le glór ghrúpaí pobail an PPN ag fóraim chinnteoireachta áitiúla.
- Tá Fís Folláine Pobail na hIarmhí mar aon le comhairliúcháin iomlánacha mar bhonn do Phlean Straitéiseach 5 Bliana PPN na hIarmhí do na blianta 2021–2025, agus ina dhiaidh sin a phleananna oibre bliantúla. Scaipeadh cóipeanna d'fhís Folláine Pobail na hIarmhí ar gach grúpa comhaltais an PPN, comhairleoírí tofa agus ionadaithe an PPN. Cuireadh Fís Folláine Pobail na hIarmhí faoi bhráid chomhairliúchán Phlean Forbartha an Chontae (CDP) agus tá príomhghnéithe na fise á gcur san áireamh sa rannóg folláine de Phlean Forbartha an Chontae. Bainfear úsáid as an bhFís d'Fholláine an Phobail freisin sa Phlean Forbartha Eacnamaíochta Áitiúil (LECP) nua.
- Baineadh úsáid as sa bhreithniú chun Plean Forbartha an Chontae a dhréachtú.
- Baintear úsáid as mar shainordú d'ionadaithe an PPN agus mar bhonchnloch d'aighneachtaí uile an PPN. Cuireann siad treo ar fáil freisin don Phlean Oibre agus aithníonn siad tosaíochtaí oibre.

Ionadaíocht ar Chomhlactaí Cinnteoireachta

Ar cheann de na príomhréimsí a bhfuil sé ar chumas PPNanna tionchar díreach a bheith acu ar chinntí a dhéantar ag leibhéal an rialtais áitiúil, tá ionadaíocht ar Bhoird agus ar Choistí, amhail Coistí um Beartais Straitéiseacha, na Comhchoistí Pólíneachta, na Boird Chontae agus mar sin de. Cuirtear briseadh síos iomlán ar fáil i dTábla 5 maidir le comhdhéanamh an Bhoird agus an Choiste.

Tábla 5: Rannpháirtíocht Ionadaithe an PPN ar Bhoird agus ar Choistí sa bhliain 2021

| 2021 | |
|--|-------|
| Lón na nlonadaithe | 1,013 |
| Fear | 524 |
| Bean | 489 |
| Cion Fir: Mná: Eile | 52:48 |
| Lón na nlonadaithe nua a toghadh | 246 |
| Fear | 126 |
| Bean | 120 |
| Cion Fir: Bean | 51:49 |
| Lón na nlonadaithe a chuaigh ar scor le linn na bliana | 97 |
| Fear | 49 |
| Bean | 48 |
| Cion Fir: Bean | 51:49 |
| Lón iomlán na mBord agus na gCoistí | 397 |

Tháinig méadú ar líon iomlán na nlonadaithe ó 941, mar a bhí in 2020, go dtí 1,031 in 2021, ag tabhairt ar aird gur tagraíodh i dtuarascáil 2020 do 30 PPN agus go mbaineann tuarascáil 2021 le 31 PPN. Tháinig laghdú beag ar líon na mBord agus na gCoistí ar a bhfuil na hlonadaithe ó 410 i gcás na 30 PPN in 2020 go dtí 397 i gcás na 31 PPN in 2021.

Ba é 102 líon na suíochán a raibh iomaíocht fúthu sa bhliain 2021, cé nach raibh aon choimhlint i gceist le 138 suíochán (sé sin, níor ceadaíodh ach aon ainmniúchán amháin in aghaidh an tsuíocháin nó ní bhfuarthas ach aon ainmniúchán amháin don phost). Ba é 75 líon na suíochán oscailte a bhí ar fáil d'ionadaíocht an PPN ar Bhoird agus ar Choistí sa bhliain 2021.

De réir mar atá le feiceáil i dTábla 5, tá líon na bhfear agus líon na mban, maidir le hionadaíocht an PPN ar Bhoird agus ar Choistí beagnach comhionann, agus bhí líon na bhfear a toghadh sa bhliain 2021 beagán níos airde. Chomh maith

leis sin chuaigh an méid céanna ban agus fear ar scor in 2021.

Thuairiscigh ceithre PPN déag (46%) go bhfuil duine amháin ar a laghad a dhéanann ionadaíocht ar son an PPN ar níos mó ná Bord nó Coiste amháin, 29 duine san iomlán. I gcás go leor acu, tharla sé seo toisc go raibh sé deacair dóibh teacht ar a ndóthain ionadaithe a raibh saineolas ar leith acu agus tá cuid mhaith acu ag obair chun leigheas a fháil air seo in 2022 i bhfianaise na treorach a tugadh i Lámhleabhar an PPN i mí na Samhna 2020.

Chuir fiche de na 31 PPN in iúl go raibh deacracht acu ionadaithe a earcú in 2021. Tharla sé seo den chuid is mó mar thoradh ar shrianta leanúnacha Covid-19, an tiomantas ama atá riachtanach le freastal ar chruinnithe agus a bheith eolach ar na hábhair araon, agus easpa torthaí follasacha agus easpa tacaíochtaí agus saineolais i réimsí áirithe nuair a chuirtear san áireamh gur oibrithe deonacha iad seo ar fad.

Tacaíochtaí d'ionadaithe an PPN

Aithnítear ról ionadaithe an PPN ar fud líonra an PPN agus tá meas mór ar an obair dheonach a dhéanann siad agus ar an taithí atá acu. Tá raon tacáiochtaí i bhfeidhm ar fud PPNanna do na hlonadaithe, agus cuirtear níos mó mionsonraí ar fáil i dTábla 6.

| Cineál Tacaíochta | Líon na PPNanna | Líon na nGrúpaí (más infheidhme) |
|---|-----------------|----------------------------------|
| Nascgrúpaí | 22 | 115 |
| Grúpaí Téamacha/Gníomhaíochta | 15 | 37 |
| Cairt Ionadaithe | 27 | |
| Oiliúint Shonrach d'ionadaithe an PPN | 27 | |
| Oiliúint do Nascgrúpaí | 13 | |
| Foirmeacha Aiseolais ó Chruinnithe comhlánaithe ag Ionadaithe | 24 | |
| Líonra Áitiúil Ionadaithe an PPN | 16 | |
| Tacaíocht Duine le Duine | 28 | |
| Údarás Áitiúil/Óstach Coiste | 16 | |

Nuair a iarradh a dtuairim maidir leis na tacáiochtaí seo a thabhairt, chuir na PPNanna in iúl gur bhliain dheacair eile a bhí in 2021 le bheith ag idirghníomhú agus ag cur tacáiochtaí ar fáil, tráth a raibh gá níos mó ná riamh leis na tacáiochtaí sin. Tá tuisint ann go bhfuil tacáiochtaí leanúnacha ag teastáil ó ionadaithe. Bhí cursaí ama agus acmhainní ina saincheist do roinnt PPNanna.

Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha

Sa chás go mbíonn Nascghrúpaí nó Grúpaí Téamacha ann, d'fhéadfadh sé go mbainfidís le réimsí uileghabhálacha (mar shampla, Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol, Sláinte agus Folláine, Pobal agus Deonach, Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach, Forbairt Eacnamaíoch, Comhchoiste Póilíneachta agus mar sin de) nó le réimsí sainleasa (mar shampla nasctha le Coistí ar leith nó bainteach leis an Óige, Daoine Aosta, Athrú Aeráide, Daoine faoi Mhíchumas, an Cultúr agus na hEalaíona, an Comhshaol agus an tUisce agus mar sin de). Thuairiscigh trí cinn déag de na PPNanna gur thogh a gcuid Nascghrúpaí Ionadaithe le suí ar Bhoird agus ar Choistí agus thuairiscigh PPNanna eile nach raibh Nascghrúpaí bunaithe/gníomhach; nó rinneadh toghcháin a réachtáil trí Chruinniú lomlánach nó trí Choláiste.

Maidir leis na 115 Nascghrúpa a thuairisciú go raibh siad ag feidhmiú (Tábla 6), measadh go raibh 68 acu gníomhach, is é sin le rá go dtionólann siad trí chruinniú nó níos mó laistigh den bhliain (lena n-áirítear cruinnithe fíorúla). Tá na 68 Nascghrúpa seo scaipthe ar fud 25 PPN. Go comparáideach, bhí 43 Lónra Téamacha ann a bhí gníomhach. Rinneadh an chumarsáid go leictreonach leis na Nascghrúpaí agus na Lónraí Téamacha agus rinneadh roinnt cumarsáide ar an láthair den chuid is mó den bhliain 2021.

Nuair a cuireadh ceist faoin leibhéal rannpháirtíochta i measc na Nascghrúpaí ar fad, dúirt trí PPN go mbíonn 'An-lear' ann; thuairiscigh trí cinn acu go mbíonn 'Go leor' ann; dúirt 12 PPN go mbíonn 'Méid áirithe' ann; thuairiscigh 5 PPN gur 'Beagán' a bhíonn ann; agus thuairiscigh 6 PPN nach mbíonn 'aon rannpháirtíocht ann'. Nuair a cuireadh an cheist chéanna maidir leis na Grúpaí Téamacha, thuairiscigh 6 PPN go mbíonn 'An-lear' rannpháirtíochta ann; thuairiscigh 2 PPN go mbíonn 'Go leor' ann; thuairiscigh 6 PPN go mbíonn 'Méid áirithe' ann; thuairiscigh 4 PPN gur 'Beagán' a bhíonn ann; agus dúirt seacht gcinn nach mbíonn 'aon rannpháirtíocht ann'.

Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh

Thuairiscigh fiche PPN go raibh Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh acu. Bhí na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do na hlonadaithe sin beagnach mar a chéile leo sin dá dtagraítear dóibh i dTábla 6 agus reáchtáil roinnt PPNanna cruinnithe sonracha nó cláir bhreise oiliúna dá hlonadaithe Ceantair Bhardasaigh.

Thuairiscigh cúig PPN nach raibh aon Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh acu. Tuigtear go mbeadh sé amhlaidh sa chás nach raibh ach Ceantar Bardasach amháin sa limistéar, ach sa chás gur tuairiscíodh é sin áfach i limistéir ina raibh níos mó ná Ceantar Bardasach amháin, thuairiscigh na PPNanna arís go raibh tionchar ag Covid-19 agus ag easpa foirne orthu in 2021 agus go bhfuil siad ag obair ar an scéal a fheabhsú in 2022.

Maidir leis na 115 Nascghrúpa a thuairisciú go raibh siad ag feidhmiú, measadh go raibh 68 acu gníomhach, is é sin le rá go dtionólann siad trí chruinniú nó níos mó laistigh den bhliain



3

Cumarsáid agus PPNanna a Chur Chun Cinn

Tá cur in iúl ról agus chuspóirí an PPN fiorthábhachtach i leith teagmháil a dhéanamh le grúpaí comhalaí atá ann cheana féin agus le grúpaí comhalaí nua agus le páirtithe leasmhara eile. Bhí gach aon cheann de na 31 PPN a chur freagra ar fáil rannpháirteach go gníomhach i gcur chun cinn an PPN sa bhliain 2021.

Baineadh úsáid as ríomh-fheasacháin, imeachaí áitiúla, an raidió áitiúil agus na meáin chlóite áitiúla sa bhliain 2021. Bhí ról tábhachtach ag na meáin shóisialta maidir le cláir chumarsáide na PPNanna go léir agus baineadh úsáid fhoreathan as láithreáin ghréasáin thiomanta, as leathanaigh Facebook agus as Twitter.

Agus iad airdeallach go bhfuil grúpaí ann nach n-úsáideann na hardáin ar líne, bain cuid de na PPNanna úsáid as ábhair chlóite freisin chun cumarsáid a dhéanamh. Tugtar briseadh síos i dTábla 7 de na modhanna cumarsáide ar baineadh úsáid astu, lena n-áirítear an lín PPNanna a bhaineann úsáid as gach aon mhodh agus lín ionmlán na cumarsáide a bhí i gceist.

Tábla 7: Cumarsáid de réir an Mhodha a Úsaideadh, 2021

| An Modh Cumarsáide | Lón na PPNanna | An Lón Cumarsáide | An Lón Lucht Leanúna / 'Is Maith Liom' |
|---|----------------|-------------------|--|
| Nuachtlitir Phriontálte | 9 | 129 | |
| Ríomh-Nuachtltreacha Ar Líne | 29 | 850 | |
| Láithreán Ghréasáin | 31 | | 640,350 cuairt |
| Facebook | 30 | | 44,657 'Is maith liom' |
| Twitter | 24 | | 19,721 leantóir |
| Eile (Instagram, Tik Tok) | 10 | | 2.863 leantóir |
| Rannpháirtíocht in imeachtaí a d'óstáil dreamanna eile | 20 | 235 | |
| Raidió Pobail Áitiúil agus/nó Meáin Áitiúla Tráchtala, i.e. Cló raidió, podchraoltaí, irisí agus blaganna | 24 | 220 | |

Oibríonn na PPNanna freisin le hionaid chreidimh, clinicí dochúra, siopaí áitiúla, bainc, oifigí an phoist, leabharlanna áitiúla, ionaid Faisnéise do Shaoránaigh, ionaid Acmhainní Teaghlaigh, ionaid na nOibrithe Deonacha, Láithreán Oidhreachta áitiúla, agus ionaid Spóirt áitiúla, agus comhoibríonn siad le heagraíochtaí agus le meáin eile. Tháirg roinnt PPNanna pinn bhrandáilte agus licíní tralaí, etc. Tá mír rialta ag PPN Chathair Bhaile Átha Cliath ar an raidió pobail áitiúil agus rinneadh 30 agallamh sa bhliain 2021. Mar

gheall ar na srianta leanúnacha sa bhliain 2021, bhí orthu an chuid is mó den obair chumarsáide agus fógraíochta a dhéanamh ar líne amháin, rud a d'fhéadfadh roinnt páirtithe leasmhara a fhágáil ar lár, agus bhí easpa maoinithe mar shaincheist acu freisin.

Tá an fhaisnéis atá á cur in iúl do na comhaltaí chomh tábhachtach céanna leis na modhanna cumarsáide a bhfuiltear ag baint úsáid astu. Chuige sin, iarradh ar na PPNanna mionsonraí a thabhairt maidir leis an gcineál ábhar a cuireadh ar fáil ó sheitliosta (féach Tábla 8).

Tábla 8: Ábhar a Cuireadh in iúl don Chomhaltais, 2021

| Ábhar a cuireadh in iúl | Lón na PPNanna (n=31) |
|-----------------------------------|-----------------------|
| Imeachtaí an PPN | 30 |
| Gníomhaíochtaí an PPN | 30 |
| Folúntais an PPN | 27 |
| Gníomhaíochtaí Grúpaí Comhaltais | 29 |
| Tuarascálacha ó ionadaithe an PPN | 21 |
| Faisnéis faoi Mhaoiniú | 30 |
| Comhairliúcháin | 29 |
| Eile | 15 |

An dream a thuairiscigh go raibh 'Eile' i measc an ábhair a chuir siad an comholtas ar an eolas faoi, liostaigh siad míreanna amhail beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta agus reachtaíocht a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí, faisnéis a bhaineann le hábhair spéise chomhshaoil agus cuimsithe shóisialta; imlitreacha; deiseanna oiliúna agus deiseanna um fhorbairt acmhainne; faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don phobal; faisnéis agus tacaíochtaí Covid-19; imeachtaí áitiúla; oiliúint; fógraí poiblí; foláirimh phobail; fógraí maidir le seimineáir ghréasáin, sláinte agus folláine; suirbhéanna agus mar sin de.

Salesforce

Is é Salesforce an phríomh-mheicníocht a bhíonn in úsáid chun bunachar sonraí an chomhaltais agus an chumarsáid leis na PPNanna a bhainistiú. D'fhreagair deich PPN nach raibh aon ní ann a dteastódh uathu go dtacódh Salesforce leis nó a dtabharfadh sé tacaíocht dó ar bhealach níos fearr in 2021. Ba mhaith leis na freagróirí eile na nithe seo a leanas a fheiceáil, comhéadan úsáideora atá níos éasca le húsáid, simplithe agus cothrom le dáta; tuilleadh mionleasuithe ar aitheantóirí grúpa; an cumas doiciméid Word nó PDF a sheoladh en masse; níos mó físeán a léiríonn cén chaoi nithe a dhéanamh agus acmhainní eile an PPN maidir leis an Mol; feabhsuithe a rinneadh d'fheidhmeanna na Nuachtlitreach agus d'fheidhmeanna Chatter; díriú níos fearr ar an gcumarsáid; mionleasuithe a rinneadh ar na nósanna imeachta clárúcháin; na tuarascálacha a thabhairt le chéile ar bhealach níos éifeachtaí, lena n-airítear an tuarascáil bhliantúil agus an cumas toghcháin ar líne a reáchtáil. Moladh an tacaíocht a fuarthas le linn na bliana 2021.


An Phaindéim


De réir mar a leanadh leis na coinníollacha maidir le daoine a bheith ag obair ón mbaile le linn an chuid is mó den bhliain 2021, tugadh cead do na PPNanna taithí réidh a bheith acu maidir le bheith ag obair ón mbaile mar gheall ar an luach atá le réiteach bunaithe ar an néal a bheith ann. Bhí an chuid is mó de na cruinnithe a bhí againn leis na PPNanna ar siúl ar líne ach bhí muid in ann freisin leanúint leis na feidhmeanna oiliúna agus tacaíochta ó chian mar go raibh muid ag obair le bunachar sonraí ar líne.

Cásanna ó lá go lá


Lean Comm-IT ar aghaidh ag déileáil le cásanna a tháinig ó na PPNanna ó lá go lá, agus i rith na bliana tharraing na PPNanna aird ar os cionn 220 cás a bhain le fadhbanna bunúsacha tacaíochta a tharla ó lá go lá (féach Graf 1). Tugadh níos mó ná 164 uair an chloig don bhainistíocht ar chásanna a tharla ó lá go lá. Tharraing roinnt PPNanna (go háirithe na PPNanna a raibh ráta athraithe d'oibrithe acu) aird ar mhéid suntasach de chásanna seachas roinnt PPNanna nár tharraing aird ach ar 1 nó 2 chás. Baineann sé sin de ghnáth le PPNanna atá ag úsáid Salesforce go fadtéarmach agus atá compordach leis na bogearraí a úsáid.



Graf 1: Cásanna Comm-IT ar tharraing an PPN aird orthu


Graf 2: Na huaireanta a tugadh do na PPNanna

Mar a bhí sa bhliain 2021 - tugadh méid suntasach d'uaireanta don obair Náisiúnta (lena n-áirítear oiliúint náisiúnta agus oiliúint réigiúnach chomh maith le bheith ag obair ar fhorbairtí nua. Mar sin féin, fuair na PPNanna uile roinnt uaireanta tacaíochta ar bhonn indibhidiúil ó Comm-IT agus thug muid freagra ar na cásanna uile ar tarraigníodh aird orthu ar bhealach éifeachtúil.

Graf 3: Na huaireanta a tugadh in aghaidh na míosa.

Roinneadh an obair go cothrom le linn na bliana seachas i mí na Nollag mar go raibh briseadh na Nollag ann.

Forbairtí

Graf 4: Obair thacaíochta do PPNanna

Rinne Comm-IT forbairt bhereise ar an mol pobail le go mbeadh mír iomlán ann faoi "físeán" ann ina mbeadh roinnt físeáin nua do thosaitheoirí chomh maith le físeáin ardoiliúna.

Chuir muid méid suntasach oibre i gcrích maidir le haip nua a fhobairt, aip lena sioncronáitear Eventbrite (aip a úsáideann na PPNanna le haghaidh oiliúna) le Salesforce ionas go mbeadh muid in ann dul i dteagmháil (agus tuairisc a thabhairt orthu) le dóibhsean a chláraigh don oiliúint trí Eventbrite.

Chuir muid túis leis an bpróiseas freisin maidir le fiordheimniú Uile-Fhachtóirí do na PPNanna uile lena chinntíú go gcoinnítear sonraí sábháilte trí iarradh ar dhaoine freagra a thabhairt ar theachtaireacht téacs chun logál isteach ar an mbunachar sonraí.

Is éard a bhí sa chuid dheireanach den obair forbartha ná uasghrádú mór ar an ngné Téacsála Oll-Seoltaí lena dtugtar cead do na PPNanna teachtaireachtaí téacs a sheoladh chuig grúpaí ar leith chomhaltaí an PPN ar bhealach i bhfad níos ciallmhaire.

Feidhmiúlacht an Láithreáin Gréasáin

Tugtar rochtain ar fhaisnéis trí láithreán gréasáin tiomanta san aois dhigiteach seo. Thuiriscigh gach duine de na 31 freagróir go bhfuil láithreán gréasáin le leibhéal éagsúla feidhmiúlachta acu, mar atá mionsonraithe i dTábla 9.

Tábla 9: Feidhmiúlacht an Láithreáin Gréasáin, 2021

| Feidhmeanna | Líon na PPNanna (n=31) |
|--|------------------------|
| Liosta/Bunachar Sonraí Comhaltaí Cláraithe | 28 |
| Miontuairiscí / Tuarascálacha ar Chruinnithe Rúnaíochta | 19 |
| Miontuairiscí / Tuarascálacha ar Chruinnithe Iomlánacha | 22 |
| Miontuairiscí / Tuarascálacha ar Chruinnithe an Naschgchrúpa | 12 |
| Tuarascálacha ó lonadaithe an PPN | 16 |
| Nuachtltreacha an PPN | 27 |
| Fógraíocht/Nuacht faoi Imeachtaí na gComhaltaí | 27 |
| Liosta cothrom le dáta d'lonadaithe uile an PPN | 29 |
| Beartais PPN atá glactha | 21 |
| Buiséid/Cuntas an PPN atá glactha | 16 |

I measc fheidhmeanna eile an láithreáin gréasáin, tá faisnéis agus eolas faoi ról agus struchtúr an PPN agus faisnéis maidir le comhairliúcháin a roinnt, deiseanna maoinithe, doiciméid acmhainne, féilirí do chruinnithe, tuarascálacha, aighneachtaí, uirlís inrochtaineachta, gluais, deiseanna oiliúna, cairteacha agus comhairliúcháin, naisc chuig aon fhaisnéis ábhartha ón Roinn agus ón Údarás Áitiúil. Baintear úsáid as an láithreáin gréasáin chun nuachtltreacha, naisc chuig na meáin shóisialta, sonraí teaghmála

d'ionadaithe agus foirmeacha aiseolais a roinnt. Tá spéis ar leith ag roinnt PPNanna ná tá leathanaigh na dtionscadal acu amhail nuacht agus an t-eolas is déanaí faoi Covid-19, Ráiteas Folláine an Phobail, Clár Raidió um Pobail a Nascadh, clárúchán d'Oiliúint agus Imeachtaí an PPN agus Clárúcháin Comhaltais. Tugann roinnt PPNanna ar aird go bhfuil uasdátú ag teastáil óna láithreáin ghréasáin agus beidh gá le acmhainní a chur ar fáil dó sin.

4

Oiliúint agus Forbairt Acmhainne

Cuireann na PPNanna oiliúint luachmhar a bhíonn saor in aisce nó ar chostas íseal ar fáil dá mballraíocht, dá Rúnaíochtaí agus dá nlonadaithe chun cabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail. D'fhéadfadh gur oiliúint theicniúil a bheadh i gceist (mar shampla, conas iarratais ar mhaoiniú a scríobh; rialachas; cosaint sonrái, oriúnú do thimpeallacht ar líne) nó go mbainfeadh sé níos mó le scileanna boga (mar shampla, ceardlanna féinabhcóideachta; forbairt pobail; taispeántais théamacha).

Tá eagrú agus soláthar na feidhme oiliúna agus na forbartha acmhainne seo dian ar am agus ar acmhainní agus níos déine fós mar gheall ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana. Mar sin féin, is cuid thábhachtach d'obair na PPNanna é ionas gur féidir leo tacú leis na grúpaí pobail atá acu chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht áitiúil agus chuir siad uilig iad féin in oriúint le go bhféadfaidís freastal ar riachtanais oiliúna atá ag athrú agus do mhodhanna nua seachadta. Tá roinnt samplaí de na cineálacha oiliúna a chuirtear ar fáil liostaithe thíos agus tá briseadh síos den am atá i gceist curtha ar fáil i dTábla 10.

Samplaí de chlárí Oiliúna agus Forbartha Acmhainne a chuir na PPNanna ar fáil sa bhliain 2021

- Conas Zúm a úsáid/Oiliúint Dhigiteach
- Faisnéis agus larratas maidir le Deontas
- GDPR/ FOI/AIE
- Na Meáin Shóisialta
- Cód Rialachais na gCarthanachtaí/ CRO
- Tuairisciú Airgeadais
- Ceardlanna ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Tús a chur le Forbairt Pobail agus í a choinneáil

- Tuiscint ar an Rialtas Áitiúil
 - Comharthaí bóthair
 - Ról an PPN
 - Scileanna Deartha Ghrafaigh
 - Dualgas na hEarnála Poiblí
 - Éascú Scileanna
 - Tiomsú airgid go héifeachtach
 - Bainistiú Oibrithe Deonacha
 - Measúnú Riosca agus Tionchair
 - Scileanna Ceannaireachta
 - Tionscnamh um Fhuinneamh Pobail
 - Folláine/Teacht Aniar
 - Réimse leathan de chleachtais inbhuanaithe agus chomhshaoil
 - Abhcóideacht agus Tionchar
 - Ról na nlonadaithe
 - Scileanna an Choiste
 - Aighneachtaí Éifeachtacha
 - Éagsúlacht, cuimsiú, feasacht idir-chultúir agus frithchiníochais
 - Pleanáil straitéiseach
- Ag teacht lena n-éiteas pobail, sa chás gur cuí, tá oiliúint ar fáil do chomhaltaí agus do na grúpaí go léir sa cheantar. Déantar oiliúint shonrach a fhhorchoimeád, ar ndóigh, do ghrúpaí/comhlachtaí sonracha (mar shampla an Rúnaíocht agus lonadaithe).

Tábla 10: Oiliúint agus Forbairt Acmhainne, Acmhainní agus Rochtain, 2021

| | |
|--|--------|
| Líon na gClár Oiliúna | 206 |
| Líon na Seisiún Oiliúna | 491 |
| An líon uaire an chloig oiliúna a cuireadh ar fáil | 1219.5 |

Oiliúint a cuireadh ar fáil do na PPNanna

Pobail Chumasacha a Chruthú

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i gcomhar le Ceartas Sóisialta Éireann agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge oiliúint ar fáil do na PPNanna in 2021. Cuireadh an oiliúint maidir le 'Pobail Chumasacha a Chruthú' ar fáil ar líne trí mheascán de sheisiúin réamhthaifeadta agus seisiúin bheo ar líne. Ghlac aon chohort déag páirt ar fud na trí chlár san iomlán sa bhliain 2021.

Oiliúint Salesforce

Lean muid orainn leis an oiliúint ar líne a chur ar fáil d'úsáideoirí nua agus d'ardúsáideoirí. Roll muid amach go sonrach tacaíocht ar líne duine le duine d'úsáideoirí aonair.

- Tugadh 96 uair an chloig chun oiliúint a chur ar úsáideoirí nua.
- Tugadh 15 uair an chloig don oiliúint réigiúnach.

5

Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas

Tugtar tacaíocht do riarchán an PPN trí Rúnaíocht dheonach atá comhdhéanta den chomholtas. Tuairiscíonn an comhlacht sin do Chomhlacht lomlánach an PPN agus ní mór an cruinniú sin a bheith ann dhá uair sa bhliain ar a laghad. D'fhéadfadh sé freisin go dtiocfadh na PPNNanna le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh nó ar leibhéal áitiúil eile. Tá freagracht ar an Rúnaíocht freisin maidir le gníomhaíochtaí laethúla Oibrithe an PPN a éascú agus a chumasú agus maidir leis an bPlean Oibre a chur i bhfeidhm.

In 2021, leithdháileadh 362 áit ar 31 Rúnaíocht an PPN trí chéile, le meán-leithdháileadh de 11 Comhalta Rúnaíochta (tá na huimhreacha idir 8 agus 22). Bíonn an leithdháileadh comholtas bunaithe go príomha ar dháileadh Choláistí/ Cholúin na PPNNanna (Pobal agus Deonach; Cuimsiú Sóisialta; agus an Comhshaol) chomh maith le ról ar na Ceantair Bhardasacha (más infheidhme). Idir 3 agus 4 bliana a bhíonn téarma oifige comholtas den Rúnaíocht, 4 bliana ar an meán.

As na 362 áit atá leithdháilte, thuairiscigh 30 PPN go raibh 53 suíochán folamh. Thug 30 PPN le fios go raibh ráta tinrimh de 50 faoin gcéad nó níos mó ó laistigh de chomholtas na Rúnaíochta in 2021, agus thuairiscigh 13 PPN go raibh ráta 80 faoin gcéad nó níos mó ann, agus meánráta de 75.77 faoin gcéad (féach Tábla 11).

Tábla 11: Leithdháileadh Rúnaíochta, Folúntais agus Ráta Freastail in aghaidh gach PPN, 2021

| Ainm an PPN | Leithdháileadh | Folúntais | Ráta Freastail (%) |
|----------------------------|----------------|-----------|--------------------|
| Ceatharlach | 9 | 2 | 100 |
| An Cabhán | 12 | 1 | 80 |
| An Clár | 10 | 0 | 75 |
| Cathair Chorcaí | 9 | 4 | 80 |
| Contae Chorcaí | 22 | 6 | 75 |
| Dún na nGall | 19 | 0 | 60 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 9 | 0 | 75 |
| Dún Laoghaire/Ráth an Dúin | 9 | 1 | 78 |
| Fine Gall | 12 | 0 | 75 |
| Cathair na Gaillimhe | 16 | 9 | 80 |
| Contae na Gaillimhe | 11 | 0 | 85 |
| Ciarraí | 11 | 0 | 80 |
| Cill Dara | 11 | 2 | 79.5 |
| Cill Chainnigh | 10 | 4 | 90 |
| Laois | 12 | 4 | 77 |
| Liatroim | 9 | 0 | 66 |
| Luimneach | 10 | 1 | 50 |
| An Longfort | 9 | 0 | 70 |
| Lú | 17 | 0 | 75 |
| Maigh Eo | 14 | 2 | 70 |
| An Mhí | 12 | | |
| Muineachán | 12 | 2 | 80 |
| Uíbh Fhailí | 9 | 1 | 80 |
| Ros Comáin | 9 | 1 | 55 |
| Sligeach | 9 | 2 | 80 |
| Baile Átha Cliath Theas | 12 | 2 | 80 |
| Tiobraid Árann | 15 | 5 | 68.6 |
| Port Láirge | 11 | 1 | 90 |
| An Iarmhí | 8 | 0 | 70 |
| Loch Garman | 11 | 0 | 69 |
| Cill Mhantáin | 13 | 3 | 80 |
| IOMLÁN | 362 | 53 | 75.77 (Meán) |

Struchtúr Cothrom a Bhainistiú

Tá na PPNanna bunaithe ar bhonn Struchtúr Cothrom. Cinntítear leis an Struchtúr Cothrom a bheith i bhfeidhm nach rialáinn aon ghuth amháin nó aon ghrúpa de ghuthanna aon PPN. Ciallaíonn sé go bhfuil comhfhreagrácht ann i leith nithe a dhéanamh agus i leith aidhmeanna an phlean oibre a bhaint amach. Forbraíonn sé sin acmhainneacht an ghrúpa ina iomláine agus ciallaíonn sé go bhfuil tuiscint ag na comhaltaí ar fad ar gach gné den phróiseas. Déantar cothabháil ar struchtúr cothrom ar roinnt bealaí ar fud na PPNanna, mar a shonraítear i dTábla 12.

Tábla 12: Struchtúr Cothrom a Bhainistiú, 2021

| Meicníocht Oibríochtúil | Líon na PPNanna (n=31) |
|---|------------------------|
| Éascaitheoir Uainíochta | 26 |
| Róil Uainíochta (Idirchaidreamh Foirne, Airgeadas srl.) | 12 |
| Cinntí a rinneadh ar bhonn comhthola | 28 |
| Tograí a chur faoi bhráid an Chomhlachta lomlánáigh | 26 |
| Téarmaí Tagartha ina leagtar béim ar struchtúr cothrom | 23 |
| Miontuairiscí/Tuarascálacha ar fáil do gach comhalta an PPN | 21 |

Chomh maith leis an méid thuas, thuairiscigh 25 PPN go raibh foghrúpa amháin ar a laghad ag a Rúnaíocht sa bhliain 2021. Áirítear orthu sin Airgeadas, Acmhainní Daonna, Idirchaidreamh Foirne, Earcaíocht, Cuimsiú, Forbairt Acmhainne, Idirlón agus na Meáin Shóisialta, Tairiscintí, athbreithniú ar Lámhleabhar, MOU, Beartas agus Nósanna Imeachta, Folláine, Gearáin, Cumarsáid agus Tionscadail, Tacaíocht agus Straitéis.

Cruinnithe

Thionólí cúig PPN is fiche 59 Cruinniú Iomlánach san iomlán in 2021. Astu seo, reáchtáladh ceithre cinn i rith an lae, bhí 53 acu ar siúl sa tráthnóna agus bhí dhá cheann ar bun ag an deireadh seachtaire. Ina theannta sin, thionólí tríocha PPN 321 Cruinniú Rúnaíochta in 2021, agus reáchtáladh 48 díobh sin i rith an lae agus reáchtáladh 273 sa tráthnóna.

Thionólí dhá PPN is fiche 268 Cruinniú Nascgrúpaí san iomlán in 2021, bhí 97 díobh seo ar siúl i rith an lae agus 167 acu sa tráthnóna agus bhí ceithre cinn ar siúl ag an deireadh seachtaire. Thionólí trí PPN déag 54 cruinniú Ceantair Bhardasaigh, tionóladh dhá cheann déag acu sin le linn an lae agus 42 sa tráthnóna.

Bhí meascán de chruinnithe eile ag dhá PPN is fiche (443 san iomlán) agus iad ag plé le ceisteanna amhail Comhairliúcháin Folláine, Dámhachtainí Pobail, Imeachtaí um Chuimsiú Sóisialta, agus fóraim Chomhshaoil. D'éirigh go maith le cineálacha difriúla cruinnithe a chur ar fáil ag amanna difriúla agus le cur chuige cumaiscthe idir cúrsaí digiteacha agus cúrsaí ar an láthair a choinneáil.

Meabhrán Tuisceana

Bhí Meabhrán Tuisceana (MOU) gníomhach i bhfeidhm idir 27 PPN agus an tÚdarás Áitiúil sa bhliain 2021. Maidir leis na PPNanna sin a d'oirigh trí ósteagraíocht, bhí Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm i gcás deich gcinn acu.

Struchtúr na PPNanna

Is féidir PPNanna a bhunú agus a fheidhmiú faoi líon struchtúr dlí agus riarracháin. As na 31 PPN a d'fhreagair, bhí 19 díobh á n-óstáil ag an Údarás Áitiúil; d'óstáil Eagraíocht Pobail eile sé cinn acu agus bhí ceithre cinn acu ag feidhmiú mar Chuideachtaí Neamhspleácha. Tá dhá cheann fós leathbhealach tríd na struchtúir a athrú; tá ceann amháin ag aistriú ó bheith ina chuideachta neamhspleách go dtí a bheith á óstáil ag an Údarás Áitiúil agus tá an ceann eile ag athrú an óstaigh atá acu.

Foireann agus Earcaíocht 2021

Sa bhliain 2021 bhí comhalta foirne amháin ar a laghad ag 29 PPN agus bhí lín eile ag tabhairt faoi roinnt oibre ar bhonn conartha. Tá briseadh síos de na socruite foirne curtha ar fáil i dTábla 13.

Tábla 13: Socruite Foirne in aghaidh an PPN, 2021

| PPN | Oibrí Acmhainní (WTE) | Riarthóir / Oibrí Tacaíochta (WTE) | Oibrí Forbartha (WTE) | Oibrí Deonach | Eile (Tabhair mionsonraí) |
|----------------------------|-----------------------|------------------------------------|-----------------------|---------------|---------------------------|
| Ceatharlach | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Cabhán | 1 | .5 | 0 | 0 | 0 |
| An Clár | 1.6 | .4 | 0 | 0 | 0 |
| Cathair Chorcaí | 0 | 0 | | | 1 Éascaitheoir |
| Contae Chorcaí | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 Eadránaí |
| Dún na nGall | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Dún Laoghaire/Ráth an Dúin | 1 | .8 | 0 | 0 | 0 |
| Fine Gall | 1 | 1.6 | 0 | 0 | 0 |
| Cathair na Gaillimhe | .5 | .5 | 1 | 0 | 0 |
| Contae na Gaillimhe | 1 | 1.5 (ar .5 é an RSS) | 0 | 11 Rúnaíocht | 0 |
| Ciarraí | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Dara | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Chainnigh | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Laois | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Liatroim | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 Éascaitheoir |
| Luimneach | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Longfort | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Lú | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Maigh Eo | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Mhí | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Muineachán | 1 | .8 | 0 | 0 | 0 |
| Uíbh Fhailí | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Ros Comáin | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Sligeach | .66 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Baile Átha Cliath Theas | 1 | .85 | 0 | 0 | 0 |
| Tiobraid Árann | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Port Láirge | 1 | .5 | 0 | 0 | 0 |
| An Iarmhí | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Loch Garman | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Mhantáin | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |

D'earcaigh 13 PPN baill foirne in 2021 - Folántais d'Oibritheoirí Acmhainní a bhí i 10 gcinn acu, bhí 7 gcinn acu d'Oibritheoirí Tacaíochta, rud a chiallaigh go raibh ar roinnt PPNanna baill foirne nua a earcú sa bhliain 2021. Thóg sé ceithre mhí ar an meán chun na folántais a lónadh. Thuairiscigh ceithre cinn de na PPNanna gur earcaigh siad daoine ó phainéil sheanbhunaithe, lónadh sé fholántas trí úsáid a bhaint as próiseas oscailte, agus lónadh na 3 cinn atá fágtha tríd an Údarás Áitiúil.

I gcás 19 de na PPNanna tá an fhoireann fostaithe ag an Údarás Áitiúil, tá cúigear fostaithe go díreach ag an gCuideachta PPN agus tá seachtar fostaithe ag an Ósteagraíocht. Tá difríochtaí freisin idir na PPNanna mar a bhaineann leis an gaoi a ndéantar an fhoireann a bhainistiú agus cé a dhéanann an bhainistíocht, agus thuairiscigh PPN amháin go bhfuil an fhoireann á bainistiú ag an Údarás Áitiúil amháin; cúig cinn a dúirt go raibh an fhoireann á bainistiú ag an Rúnaíocht amháin; thug 14 de na PPNanna le fios go raibh an bhainistíocht comhroinnt idir an tÚdarás Áitiúil agus an Rúnaíocht; tá dhá cheann á bhainistiú ag Bord Cuideachta agus ag Rúnaíocht; thug seacht PPN le fios go raibh a bhfoirne á mbainistiú ag Cuideachta Óstach agus Rúnaíocht; agus ní raibh foireann ar bith fostaithe ag dhá cheann acu don bhliain 2021.

Sa chás go ndéantar comhroinnt ar bhainistíocht na foirne, déanann an Rúnaíocht bainistiú ar an bplean oibre, agus tagann na feidhmeanna riarrachán agus Acmhainní Daonna faoi réim chúram an Údarás Áitiúil/na hÓsteagraíochta.

Chuir fiche de na 31 PPN a d'fhreagair in iúl go raibh an spás oifige atá acu lonnaithe taobh istigh d'fhoirgneamh an Údarás Áitiúil; bhí ceithre cinn lonnaithe i bhfoirgneamh na hÓsteagraíochta agus bhí seacht gcinn i spás neamhspleách a bhí ar cíos.

Airgeadas

Cuirtear maoiniú ar fáil do na PPNanna idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn) agus na hÚdarás Áitiúla. Cé go gcuireann an Roinn formhór an chroí-mhaoinithe ar fáil do na PPNanna, faigheann lín beag acu méideanna sa bhreis ar an leithdháileadh a bhfuil siad ag súil leis óna nÚdarás Áitiúil féin chun tacú lena gcuind oibre. Ní chuirtear ar fáil miondealú ar leithdháiltí maoinithe agus ar cheannteidil chaiteachais laistigh den Tuarascáil Bhliantúil seo, toisc gur iarr an Roinn an fhaisnéis seo sula raibh an Tuarascáil Bhliantúil réitithe. Bhí caiteachas iomlán de €3,035,040.79, áfach, ar fud na 31 PPN sa bhliain 2021.

An Buiséad Bhliantúil a Chomhaontú

Tá an próiseas maidir le Buiséad bliantúil an PPN a cheadú mórán mar a chéile ar fud na 31 PPN a d'fhreagair an cheist seo. Is é an tOibrí Acmhainne agus/nó Fochoiste Airgeadais na Rúnaíochta a dhréachtaíonn an Buiséad i gcomhréir le beartas. Ceadaíonn an Rúnaíocht an buiséad sin ansin sula gcuirtear faoi bhráid an Chomhlachta lomlánáigh agus an Údarás Áitiúil é (i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana atá i bhfeidhm).

An Buiséad Bhliantúil a Chaitheamh

Déanann an Rúnaíocht maoirseacht ar chaiteachas na PPNanna agus pléitear é ag cruinnithe na Rúnaíochta i gcomhréir leis an bplean oibre agus beartais airgeadais, de bhun tuarascáil airgeadais chuig an gcuinniu nó mar mhír bhuan. Sa chás go mbaineann an PPN úsáid as Córas Agresso an Údarás Áitiúil chun a bhuiséad a bhainistiú, déantar an córas ceadaithe atá ann a leanúint.

Faisnéis a Chur ar Fáil don Chomhlacht Iomlánach

Thuairiscigh formhór na bhfreagróirí (n=29) go gcuireann a PPN an Buiséad ar líne nó go ndéantar a bhuiséad a phlé ag cruinnithe lomlánacha. Thuairiscigh dhá PPN nach raibh aon phróiseas i bhfeidhm faoi láthair chun an Buiséad a cheadú ag an Seisiún Iomlánach agus go dtabharfar aghaidh ar an gceist seo in 2022.

Costais a Aisíoc le hlonadaithe

Ar an mhír chaiteachais ba mhó i mBuiséad iomlán an PPN (gan tuarastail agus caiteachas gaolmhar a áireamh) sna blianta roimhe seo bhí Costais na nlonadaithe. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh modh comhaontaithe ag na PPNanna i leith aisíoc costas. Maidir le costais a bhain le Boird agus Coistí na nÚdarás Áitiúil, thuairiscigh 10 de na PPNanna gur tháinig siad seo as Croíhuiséad an PPN; thuairiscigh 15 PPN gur íoc an tÚdarás Áitiúil astu; agus thuairiscigh sé PPN gur meascán éigin den dá rud a bhí i gceist. Sá chás gur raibh an péire i gceist sa fhreogra, bhí socrú idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil maidir le haisíocaíocht na gcostas seo nó maidir le seirbhísí a mhalartú.

Sa chás go dtugtar cuireadh d'lonadaithe an PPN glacadh le suíochán ar Bhoird nó ar Choistí nach Coistí Údarás Áitiúla nó PPN iad, thuairiscigh 13 PPN gur íoc an eagraíocht a bhí ag óstáil an chruinnithe as na costais seo; agus thuairiscigh 18 PPN nár íocadh na costais.

Muirear Óstála

Thuairiscigh aon cheann déag de na 31 PPN gur íoc siad muirear óstála nó táille bainistíocha. Tá éagsúlacht sa mheicníocht ar fud na PPNanna seo lena gcinntear an táille seo, muirear seasta nó muirear bunaithe ar chéadadán de na hollchostais turastail nó ríomh deisce.

An Buiséad a Bhainistiú

D'aistrígh naoi gcinn de na 30 PPN a mBuiséad iomlán chuig cuntas bainc de chuid an PPN; bhí buiséad naoi gcinn déag de na PPNanna á bhainistiú ag an Údarás Áitiúil agus thuairiscigh PPN amháin gur aistríodh roinnt airgid chuig cuntas Bainc de chuid an PPN atá á bhainistiú ag an Rúnaíocht. Thuairsigh ceann amháin acu go raibh an buiséad á bhainistiú ag an gcuideachta óstach agus dúirt ceann amháin acu nach raibh aon ghníomhaíocht foirne ar siúl in 2021.

Tá briseadh síos maidir leis an mbealach ina gceadaítear caiteachas an Bhuiséid leagtha amach i dTábla 14.

Tábla 14: Próiseas Ceadaithe Bhuiséad an PPN, 2021

| An Próiseas Ceadaithe | Líon na PPNanna (n=31) |
|--|------------------------|
| Ceadaíonn an Rúnaíocht an caiteachas ar fad | 13 |
| Ceadaíonn an tÚdarás Áitiúil an caiteachas ar fad | 1 |
| Roinneann an Rúnaíocht agus an tOibrí Acmhainní an ceadú | 12 |
| Roinneann an Rúnaíocht, an tÚdarás Áitiúil agus an tOibrí Acmhainní an ceadú | 5 |

**Cuirtear maoiniú ar fáil
do PPNanna idir an Roinn
Forbartha Tuaithe agus Pobail
agus an Údarás Áitiúla**



Beartais agus Nósanna Imeachta

Ar mhaith le dea-chleachtais a chinntíú i rialachas na PPNanna, tá forbairt déanta ag gach PPN ar shraith Beartas agus Nósanna Imeachta chun tacú leis an Rúnaíocht, leis an bhFoireann agus le Comhaltaí. Cuirtear briseadh síos ar fáil i dTábla 15 maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2021.

Tábla 15: Beartais agus Nósanna Imeachta atá i bhfeidhm, 2021

| Beartas / Nós Imeachta | Lín na PPNanna (n=31) |
|--|-----------------------|
| Bunreacht | 28 |
| Beartas i leith Taistil agus Costas | 29 |
| Nós Imeachta Gearáin/Coimhlinte | 25 |
| Beartas i leith Rochtana agus Comhionannais | 10 |
| Beartas i leith Acmhainní Daonna | 17 |
| Beartas i leith tiomáint don obair | 15 |
| Beartas agus Treoirlínte um Chosaint Sonraí | 27 |
| Beartas i leith Ríomhphoist agus Úsáid Idirlín | 17 |
| Beartas Airgeadais | 24 |
| Beartas i leith Aosaigh Leochaileacha | 13 |
| Beartas i leith Dínit san Áit Oibre | 21 |
| Beartas maidir le Sláinte agus Sábháilteachta | 18 |
| Eile | 12 |

Mionsonraí maidir le 'Eile'

Coimhlint Leasa; Calaois a chosc; Nósanna Imeachta maidir le Vótáil ar Líne; Beartas Fleisc-ama; Frith-bhulaíocht agus Ciapadh; Cait an Ionadaí; Beartas fógraíochta do Láithreán Gréasáin agus Nuachtlitir; Beartais na hÓsteagraíochta; Comhaontú lasachta Trealaímh; Beartas Oideachais agus Oiliúna; Téarmaí Tagartha do pháirtithe leasmhara éagsúla; Nósanna Imeachta maidir le Gearáin; Prótacail maidir le hAth-Chlárú; Earcú an Bhoird; Beartas Measúnaithe agus Comharbais; Beartas um Chosaint Sonraí/um Shárú ar Shonraí an GDPR; Beartas na hOifige Glaise; Beartas Measúnaithe an tStáisiún Oibre; Beartas Tairiscintí.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

In ainneoin thionchar leanúnach Covid-19, thuairiscigh naoi PPN is fiche go raibh siad i mbun roinnt comhoibriú idirghníomhaireachta in 2021, taobh amuigh dá gcuid oibre, chun freagra a thabhairt ar Covid-19. Thuairiscigh na PPNanna uile comhairliúcháin agus ionchur i suirbhéanna agus comhairliúcháin náisiúnta. Tugadh ar aird go gcuirtear luach ollmhór le gníomhaíochtaí an PPN nuair a théitear i gcomhar le heagraíochtaí/gníomhairescaí eile.

Tharla sé seo i bhfoirm comhpháirtíochtaí leis an rannóg Forbartha Pobail san Údarás Áitiúil; comhoibriú idirghníomhaireachta maidir le cur i bhfeidhm na straitéis Éire Shláintíúil ag an leibhéal áitiúil; comhoibriú le CYPSC; Aoisbhá Éireann; Feasacht ar Chosaint agus ar Mhíchumas an FAI; grúpaí Imirceach; Lónraí um Chuimsiú Sóisialta; grúpaí na Romach agus grúpaí den Lucht Siúil; Saoráidí Oideachais; Eagraíochtaí feirmeoireachta; Cathair Spráíúil; Ionaid Acmhainní Teaghlaidh; cláir maidir le hOideasú Sóisialta; Cónaídhm na hÉireann um Míchumas; Oibríocht Blue Santa; Bothán na mBan; Bothán na bhFear; Comhpháirtíochta Spóirt;

Fóram Sláinte Pobail; Seachtain um Chuimsiú; Fóram Oideachais Pobail; Comhairle na nÓg; gníomhaireachtaí Tacaíochta Meabhairshláinte; eagraíochtaí LGBTQ+; Eagraíochtaí do Mhná; Clár SHE; comhoibriú le hionaid d'oibrithre deonacha, Seachtain um Shábháilteach ar Dhóiteán; Dámhachtainí d'Oibrithe Deonacha; Grúpaí lompair; cuideachtaí forbartha áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit; Ranna Rialtais éagsúla agus grúpaí comhshaoil.

Cuimsiú Sóisialta

Tá deis ar leith ag na PPNanna laistigh de phobail le bheith rannpháirtíochta le raon iomlán de ghrúpaí atá ar an imeall agus chun tacú leo le bheith rannpháirtíochta sna próisis dhaonlathacha. Thuairiscigh naoi PPN is fiche go raibh siad i mbun gníomhafochtáí cuimsithe shóisialta in 2021. I measc roinnt de na samplaí de ghníomhartha a rinneadh thar ceann an PPN ar mhaith lena gclár oibre um chuimsiú sóisialta a chur chun cinn, tá na nithe seo a leanas;

Ag tacú le taighde

- Thacaigh PPN Cheatharlach le taighde Leabharlann Cheatharlach trí shuirbhéanna chuig an bpobal áitiúil a chur chun cinn agus cabhrú le Leabharlann Cheatharlach leis an taighde maidir le forbairt a dhéanamh ar 'Straitéis Chontae Cheatharlach atá Bául don Litearthacht. Tá an tuarascáil iomlán foilsithe.
- Bhí PPN an Chláir ar cheann de na hocht eagraíochtaí is fiche a fuair maoiniú ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoina Scéim Deontais um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain 2021. Tá an scéim Deontais um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid de chumhactaí reachtúla an Choimisiúin chun deontais a chur ar fáil ar mhaithe le cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. D'éirigh le hiarratas PPN an Chláir 'Straitéis 5 Blíana in aghaidh na Bochtaineachta ag Leibhéal Rannpháirtíochta Contae' a Fhorbairt do Chontae an Chláir. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo comhoibriú idir grúpaí a dhéanann ionadaíocht air agus a chuimsíonn na daoine siúd atá faoi thionchar ag eisiamh socheacnamaíoch, gníomh atá bunaithe ar

straitéis in aghaidh na bochtaineachta a bheartú chun abhcóideacht a dhéanamh go héifeachtach ar mhaithe le tuiscint fhórásach ar chearta sóisialta agus geilleagracha i gContae an Chláir. Bainfear úsáid as an straitéis mar chreat chun faisnéis a sholáthar do na haighneachtaí beartais go léir chuig Údarás Áitiúla i gContae an Chláir. Chuir an t-údar, acadóir agus an gníomhaí, an Dr Conor McCabe, pléidhoiciméad i láthair ar Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine, inar tugadh breac-chuntas ar chéimeanna tosaigh an tionscadail taighde. Chuir an Dr Conor McCabe anailís tosaigh i láthair ar bheartais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil lena gcuirtear ancreat ar fáil lena bhfuiltear ag tabhairt faoi fhorbairt gheilleagrach an Chláir.

- Rinne PPN Luimnígh, trí fhoghrúpa na Rúnaíochta, forbairt ar dhoiciméid tairisceana maidir le gannchaitheamh na bliana 2020 a ceadaodh chun maoiniú a dhéanamh ar phíosa taighde maidir le hacmháinn forbartha do ghrúpaí sa phobal faoi ghannionadaíocht. Tugadh na doiciméid tairisceana seo chun críche i ndeireadh na bliana 2021.

Ionadaíocht

- Rinne PPN an Chabháin cothabháil ar ionadaíocht ar ghlórtha an Lucht Siúil agus ghlórtha an Phobail Nua agus ar raon leathan earnálacha ar feadh na bliana 2021.
- Chuidigh PPN Chorcaí le grúpa abhcóideachta an Lucht siúil agus le Comhairle na nÓg.

Ag cur le feasacht

- Oibríonn PPN Uíbh Fhailí i gcomhar le compháirtithe ar thionscadail chun a theacht orthu siúd is mó atá ar an imeall. Áiríodh orthu seo, an Chuideachta Forbartha Áitiúil, an Chompháirtíocht Spóirt, na hlonaid Acmhainní Teaghlachaí agus saoráidí Oiliúna an Phobail Áitiúil. Chuireamar le hiontaobhas agus le muinín tríd na hidirgníomhaíochtaí sin agus chuireamar an pobal ar an eolas maidir le deiseanna ó thaobh a bheith rannpháirtíochta agus a bheith mar ghlórtha ina n-earnálacha.
- Tá PPN Chill Chainnigh thar a bheith gníomhach ó thaobh saincheisteanna a chuireann as don phobal agus iad siúd is leochailí a aithint.

Ag tacú le cuimsiú

- Bhí PPN Dhún na nGall bainteach go gníomhach leis an gcéad Straitéis um Imeascadh Iimirceach do Dhún na nGall.
- D'oibrigh PPN Chathair Bhaile Átha Cliath chun grúpaí a bhfuil idirdhealú ag cur as dóibh a thabhairt isteach sa Ghrúpa Téamach Iimirceach sa bhliain 2021.
- Chuir PPN Fhine Gall Seachtain um Chuimsiú Sóisialta Fine Gall chun cinn.
- Chomhoibrigh PPN Chill Mhantáin le Comhpáirtíocht Chontae Chill Mhantáin, leis an Signal Arts Centre agus le Coiste Ionad Spóirt agus Chaitheamh Aimsire Eachroma chun imeacht "Ag Nascadh Pobail" a reáchtáil don tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta. Leis an imeacht, tugadh grúpa óige LGBT+ agus ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla eile le chéile. Rinne 38 duine plé ar "What could supporting communities look like?"
- D'oibrigh PPN Phort Láirge, i measc grúpaí eile, leis an Fhóram Iimirceach agus le Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil.
- D'aithin PPN Bhaile Átha Cliath Theas an gá atá le tacú le grúpaí LGBT mar chuid dá straitéis um Chuimsiú Sóisialta agus déanann an comhordaitheoir éascú ar lónra an LGBT.
- Mhéadaigh PPN Laoise a Ghrúpaí Comhaltais um Chuimsiú Sóisialta go dtí 79 sa bhliain 2021.

Ag soláthar réimse leathan tacaíochtaí

- Áirítear ar bheagán den obair a bhíonn idir lámha ag PPN an Chláir, rannpháirtíocht i ngrúpa stiúrtha Fháilte Isteach an Chláir de réir mar a athbhunaítear é. Is grúpa é seo a thugann ranganna deonacha Béarla d'imircigh agus do theifigh ar fud Chontae an Chláir. Bunaíodh Quare Clare, grúpa do dhaoine an LGBTQ+ i gContae an Chláir sa bhliain 2021, tar éis maoiniú a fháil ó Chomhairle Contae an Chláir. Bunaíodh grúpa stiúrtha, ar a n-áirítear, PPN an Chláir i gcomhar le Women's Collective Clare, Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir agus Ionad Éigeandála um Éigniú don Mheániarthar. Chuidigh PPN an Chláir go gníomhach le Bothán na bhFear agus le Bothán na mBan sa chontae trí oiliúint a chur ar fáil maidir le daonlathas rannpháirteach don chéad

dream agus comhairle maidir le sruthanna maoinithe don dara dream. D'fhreastail PPN an Chláir ar imeacht Lá Idirnáisiúnta na mBan Ghrúpa Tacaíochta Lucht Siúil Shligigh agus d'fhreastail siad go rialta ar chruinnithe oibrithe CDP an Lucht Siúil.

- Chomhoibrigh PPN an Longfoirt leis na FRCanna chun tacú leis na Pobail Shiriacha.
- Rinne PPN Chill Dara comhóstach ar an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le cuimsiú sóisialta sna pobail sa chontae agus tacú go gníomhach leis an SICAP maidir le haistriú eolais inár mbunachar sonraí do na grúpaí go léir atá ar an imeall sa philéar um chuimsiú sóisialta.

Ag cur cearta chun cinn

- D'oibrigh an GCCN i gcomhar le Cathair na Gaillimhe chun cáilíocht agus cearta daoine a chur chun cinn agus chun dualgas na hearnála poiblí, lena n-áirítear, Painéal Sochaí Sibhialta, a fhorbairt atá déanta suas de Shealbhóirí Cearta.
- Oibríonn PPN na Mí chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do rannpháirtíocht pobail, d'ionadaíocht agus d'abhcóideacht éifeachtach do chuspóirí um chuimsiú sóisialta.
- Tá PPN Mhuineacháin mar chomhalta gníomhach i gcónai d'Fhoghrúpa Comhionannais an LCDC.

Rannpháirtíocht sa phobal

- Bhí PPN Thiobraid Árann rannpháirteach le grúpa Tionscadail Lucht Siúil Tuaithé Thiobraid Árann, a d'fhreastail ar cheann de chruinnithe an Fhómhair an Cheantair Bhardaigh. Bhí meantóireacht ar siúl chun comhalta an ghrúpa a spreagadh le bheith ina ionadaí um Chuimsiú Sóisialta don Rúnaíocht. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis sin agus tá an toradh dearfach. Seoltar ríomhphoist atá sírthe go sonrach ar ghrúpa an Philéir um Chuimsiú Sóisialta maidir le himeachtaí/oiliúint/deiseanna a théann chun leasa go háirithe ó thaobh tacú le cuimsiú sóisialta agus fáil réidh le bacainní a mbíonn eisiamh sóisialta mar thoradh orthu.

- Chuidigh PPN na hlarmhí le riadaradh a dhéanamh ar dheontais phobail, rinne an PPN Fóram Freagartha COVID- 19 a riadaradh agus d'oibrigh foireann an PPN ar an líne cabhrach pobail thart ar 7 lá in aghaidh na míosa.
- Tacaíonn PPN Lú go gníomhach le mionlaigh, le daoine ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste, le himircigh agus leis na pobail Romach agus le pobail an Lucht Siúil chun a bheith rannpháirteach i PPN Lú.

Cumarsáid éifeachtach

- D'fhoilsigh PPN Dhún Laoghaire/Rath an Dúin faisnéis ó ghrúpaí oibre sa réimse maidir le cuimsíú sóisialta/lánpháirtíú, mar shampla, Mná do Mhná; Lónra Gníomhaíochta na mBan Dheisceart Bhaile Átha Cliath (SWANN); Fóram Lánpháirtíochta Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin; Aoisbháúil Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin; Comhairle na Seanóirí agus Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath. Áirítear ar an bhfaisnéis seo, cúrsaí féin-fhorbartha, fostaithe, oiliúint, folláine agus cláir maidir le hoideasú sóisialta agus iarratais ar oibrithe deonacha.
- Chuir PPN Loch Garman oiliúint agus feasacháin faisnéise ar fáil.
- D'oibrigh PPN Shligigh ar chumarsáid a fheabhsú trí úsáid a bhaint as téarmaíocht nach bhfuil chomh hoifigiúil i gcumarsáid an PPN agus trí chruinnithe duine le duine a chur ar fáil d'ionadaithe ó ghrúpaí nach bhfuil sé éasca teacht orthu.



6



Ag Obair leis an Údarás Áitiúil

Soláthraítear i lámhleabhar¹ an PPN go “mBeidh an PPN ar an bpríomhnasc lena nascann an tÚdarás Áitiúil (LA) leis na hearnálacha pobail, deonacha, comhshaoil agus cuimsithe shóisialta” agus “cuirfidh an PPN ar chumas an phobail ról foirmiúil gníomhach a ghlacadh i mbeartais a dhéanamh agus i maoirseacht ar ghníomhaíochtaí réimse freagrachta an Údarás Áitiúil.” Is éard atá beartaithe ná go mbeidh cur chuige comhoibríoch compháirtíochta ann. Tá caidreamh dearfach idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis.

Iarradh ar Údaráis Áitiúla, mar chuid den phróiseas maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil, samplaí a thabhairt maidir leis an mbealach ar thug siad tacaíocht d'fhorbairt an PPN agus do rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí comhshaoil, cuimsithe shóisialta, pobail agus deonacha i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht, i gcomhroinnt faisnéise agus i bhforbairt acmhainní (seachas leithdháileadh Buiséid a sholáthar nó croídhualgais an

Oibrí Acmhainní, sa chás go bhfuil an tOibrí Acmhainní fostaithe ag an Údarás Áitiúil). Cuirtear briseadh síos ar fáil i dTábla 16 de na tacaíochtaí a aithníodh maidir le gach ceantar sna 30 Údarás Áitiúil a bhfuarthas freagraí uathu.

1 <https://www.gov.ie/en/publication/9db5e3-ppn-handbook/>

Tábla 16: Tacaíochtaí Údaráis Áitiúil do na PPNanna, 2021

| Meicníocht Tacaíochta | An lín (n=30) |
|---|---------------|
| Meabhrán Tuisceana gníomhach i bhFeidhm don bhliain 2021 | 27 |
| Athbhreithniú déanta ar an Meabhrán Tuisceana sa bhliain 2021 | 24 |
| Cúnamh a thabhairt, sa chás é a bheith cuí, do PPN leis an bPlean Oibre a bhaint amach | 27 |
| Tacú leis an PPN le bheith mar Ghníomhaithe gníomhacha san LECP | 21 |
| Rannpháirtíocht trasroinne in Imeachtaí PPN | 23 |
| Rannpháirtíocht Theagmhálaí PPN an Údaráis Áitiúil sa PPN | 23 |
| Cuireadh croímhaoiniú breise ar fáil don PPN chun tacú lena chuid oibre (sa bhrefis ar an €80,000) | 18 |
| Cuireadh maoiniú breise ar fáil do thionscadail shonracha an PPN | 7 |
| Feachtas shonracha chun obair an PPN a chur chun cinn laistigh den údarás áitiúil | 5 |
| Mionsonraí maidir le Feachtas Shonracha Is é an túdarás Áitiúil an príomh-urraitheoir i nDámhachtainí Pobail PPN Phort Láirge a bhíonn ar siúl gach bliain; an réimse leathan cur i láthair a rinneadh; Líne Chabhrach Freagartha Pobail; Pleananna Forbartha an Chontae; Litríocht PPN i bhFoirgnimh na Comhairle a Chur Chun Cinn; Athbhreithnithe an LECP; Misneach a thabhairt do Ghrúpaí Pobail chun páirt a ghlacadh sa PPN trí Oifigigh Forbartha Tuaithe agus Pobail na Comhairle, an Fhoireann Tuaithe agus trí chumarsáid maidir le deiseanna maoinithe deontais laistigh den eagraíochta. | |

Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil

Tá sé ar chumas PPNanna a bheith agus ba chóir go mbeadh siad ina phríomhheicníocht ag Údaráis Áitiúla, le tuairimí a gcuid pobal a bhailiú mar fhreagra ar ghairmeacha comhairliúcháin. Tá na PPNanna san áit is fearr chun rannpháirtíocht a bheith acu le grúpaí comhaltais agus deacháil bainte amach acu ó thaobh aighneachtaí a chur ar fáil agus tacú leo. Cuirtear forléargas ar fáil i dtábla 17 den lín comhairliúchán ar thug Údaráis Áitiúla fúthu sa bhliain 2021 agus an rannpháirtíocht le PPNanna le linn an phróisis seo.

Tábla 17: Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil, 2021

| Comhairliúcháin | Lín na (n=30) |
|---|---------------|
| Comhairliúcháin Phoiblí an Údaráis Áitiúil sa bhliain 2021 | 358 |
| Fógraí faoi Chomhairliúcháin a seoladh chuig PPNanna sa bhliain 2021 | 254 |
| Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil a rinneadh trí PPNanna mar phríomh-mheán sa bhliain 2021 | 22 |
| Ceardlanna comhairliúcháin a d'óstáil an túdarás Áitiúil agus an PPN i gcompháirt lena chéile | 35 |

Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar líon na gcomhairliúchán a rinneadh in 2021. Bhí líon iomlán na gcomhairliúchán a rinne an tÚdarás Áitiúil níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2020 (inar raibh 453 comhairliúchán tuairiscithe). Bhí líon na bhfógraí comhairliúcháin a seoladh chuig na PPNanna níos ísle freisin (ó 414 go 254). Bhí líon na gcomhairliúchán a tharla agus na PPNanna ina bpriomh-mheán níos ísle in 2021 ná mar a bhí siad in 2020 (ó 36 go 22), agus bhí laghdú freisin tagtha ar líon na gceardlann comhairliúcháin a bhí óstáilte i gcomhpháirt, ó 49 go 35.

Réimsí Sonracha Comhoibrithe

Comhoibrigh na hÚdarás Áitiúla agus PPNanna freisin ar líon imeachtaí agus tionscnaimh eile sa bhliain 2021. Airítear orthu seo:

- Dréachtphlean Forbartha an Chontae
- Seachtain na Sábháilteachta ar Dhóiteán
- An Clár um Fheabhsú Pobail
- An Straitéis um Imeascadh Imirceach
- Tionscnaimh Comhshaoil
- Tionscnaimh do Chontae Folláin
- Gradaim Phobail
- Staidéir Insiúltachta
- Fóram Freagartha Covid-19
- Fóram maidir le Míchumas
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Oiliúint um Scileanna Digiteacha do Thosaitheoirí
- Plean Forbartha Leabharlainne
- Maoiniú a Chur Chun Cinn do Dheontas Caipitil Spóirt
- Tionscadail maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas
- Plean Athbhreithnithe agus Cur Chun Feidhme an LECP
- Cláir Feabhsúcháin Pobail
- Éire Ildánach
- Tionscnaimh Folláine
- Pleannanna Oidhreachta Contae

- Clós Súgartha atá Saor ó Thobac
- Clár Comh-shíochána
- Comhairliúchán maidir le Straitéis Bainistíochta Crann
- Feachtas See Her Elected
- Cláir atá Aoisbháuil
- Bailte Slachtmhara

Suíochán Phobail a Leithdháileadh

Tá na hÚdarás Áitiúla freagrach as raon Bord agus Coistí maidir le ceantair ar díol spéise iad go háitiúil. Airítear ar shamplaí de na Boird agus Coistí seo:

- An Comhchoiste Póilíneachta
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- SPC Ealaíon, Cultúir, agus Fóillíochta
- Coiste Comhpháirtíochta Síochána IV
- Iascach LAG an Oirthir/an Iarthuaiscirt/an Oirdheiscirt
- An Coiste Idirchaidrimh Pobail
- Comhpháirtíocht Spóirt
- Na Tascfhórsaí Réigiúnacha um Dhrugaí agus Alcóil
- SPC Tithíochta, Pobail agus Folláine
- SPC Ealaíon, Cultúir agus Teanga
- SPC Athraithe Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh
- Comhaontas Aoisbháuil
- Fóraim Oidhreachta
- Bóithre agus lompair an SPC
- SPC Bonneagair
- SPC d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Pobail
- SPC Tithíochta, Corparáideach agus Cultúir
- SPC Pleanála agus Straitéiseach
- Coiste Cúraim Leanaí an Chontae
- SPC Rialachais Mhaith
- Pobail Fholláine SláinteCare a Chur i bhFeidhm go háitiúil

- An Coiste Idirchaidrimh Pobail
- An Pobal, Cultúr agus Leabharlanna
- Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas
- Tascfórsa Tuaithe
- Grúpa Comhairleach maidir le Baile Átha Cliath Cliste
- Nasc Áitiuil
- Comhpháirtíocht LEADER
- Spás Glas agus Sláinte Luimneach URBACT
- Cultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach an SPC
- Fóram um Imeascadh Iimirceach
- Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil
- Logainmneacha
- Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíochta an SPC
- Music Generation
- Fóram Áitiúla Phóilíneachta
- Grúpa Stiúrtha um Oideasú Sóisialta

Cáilitheacht le haghaidh Deontais

Feidhmíonn PPNanna mar mhol faisnéise do ghrúpaí pobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údarás Áitiúil. Mar aitheantas air sin, agus do ról na PPNanna maidir le feabhsú éifeachtacht grúpaí pobail trí chur le hacmhainneacht, trí oiliúint, trí líonrú agus mar sin de, tá roinnt Údarás Áitiúil tar éis comhallas i PPN a áireamh sna riachtanais a bhaineann le hincháilitheacht chun deontas a rochtain. In 2021, as na 30 freagra a fuarthas, bhí seo ina riachtanas ag ocht gcinn de na hÚdarás Áitiúla mar a bhain le gach uile dheontas; bhí sé ina riachtanas ag naoi gcinn acu i gcás fhormhór na ndeontas ach níor bhain sé le gach deontas; i 10 Údarás Áitiúil, moladh do ghrúpaí a bheith páirteach, ach ní raibh sé éigeantach agus ní raibh aon choinníollacha i bhfeidhm ag trí cinn de na húdarás áitiúla.

Oiliúint agus Ionduchtúchán ag Údarás Áitiúla

Thuairiscigh ocht gcinn déag de na 30 Údarás Áitiúil gur chuir siad ionductú sonrach nó oiliúint ar fáil d'lonadaithe nua-ainmnithe PPN sa bhliain 2021. Maidir le hoiliúint agus forbairt feasachta d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil, chuir 21 Údarás Áitiúil in iúl go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí oiliúna nó forbartha feasachta le baill foirne atá ag obair ina Rannóg Pobail, thuairiscigh 23 acu go raibh siad páirteach sna gníomhaíochtaí seo le baill foirne atá ag obair taobh amuigh den Rannóg Pobail agus thuairiscigh 18 eile go raibh siad i mbun rannpháirtíochta le Baill Foirne eile Údarás Áitiúil. Fáiltíonn na hÚdarás Áitiúla roimh oiliúint leanúnach, maoiniú, cur chun cinn agus feasacht, agus straitéisí cumarsáide ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a thacaíonn le hobair na PPNanna.

“Feidhmíonn PPNanna mar mhol faisnéise do ghrúpaí pobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údarás Áitiúil.”

7



Moltaí

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar obair na PPNanna ar feadh na bliana 2021, iarradh ar PPNanna agus ar Údaráis Áitiúla sraith moltaí a dhéanamh maidir le PPNanna a fhorbairt. Rinneadh na moltaí a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:



RIALACHAS




RANNPHÁIRTÍOCHT



**CUR CHUN CINN
PPNANNA / CUMARSÁID**



ACMHAINNÍ



STRUCHTÚR

Rialachas



1. A chinntíú go bhfuil struchtúir rialachais reatha i bhfeidhm agus iad ag feidhmiú go héifeachtach.
2. Forbairt agus caighdeánú beartais maidir le feidhmiú PPNanna.
3. Soláthar treoir mionsonraithe ar na ról faoi seach atá i gceist leis na PPNanna.
4. Fís straitéiseach a fhorbairt do na PPNanna.
5. Cinnigh go bhfuil MOU i bhfeidhm agus é oiriúnach don fheidhm
6. Próiseas Daingniúcháin an Philéir Comhshaoil a shoiléiriú.
7. An Fhís d'Fholláine an Phobail a fhorbairt agus a úsáid nuair a oireann.
8. Feasacht i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a fhorbairt agus iad a nascadh le pleannanna uile an chontae agus an PPN.
9. Lámhleabhar PPN a athbhreithniú.
10. Ba chóir PPN a bheith san áireamh mar an struchtúr comhairliúcháin i ngach cáipéis beartais náisiúnta.

Rannpháirtíocht



1. Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil trí oiliúint agus forbairt acmhainne.
2. A chinntíú go gcloíonn Údaráis Áitiúla leis an gceanglas go bhfeidhmíonn na PPNanna mar phríomhbhealach do chomhairliúchán agus ionadaíocht phobail.
3. Foireann shinsearach an Údaráis Áitiúil chun déileáil leis na PPNanna.
4. Struchtúir chumarsáide níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm d'lonadaithe agus dá gcuid Bord / Coistí, chun nuashonrúcháin a thabhairt san áireamh maidir le tionscnaimh forbartha pobail.
5. Cur le caidrimh agus naisc atá cothaithe - an obair i gcomhar a mhéadú - teacht le chéile go rialta,
6. Glacadh le bun-phrionsabail rannpháirtíochta do chinnteoireacht áitiúil.

7. Forbairt nascgrúpaí téamacha a fhiosrú.
8. Ról níos lárnaí a bheith ag an PPN sa chlár oibre a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide.
9. Díriú arís ar fhorbairt beartais
10. Riachtanais ar leith gach PPN agus Údaráis Áitiúil a aithint.

Cur Chun Cinn PPNanna / Cumarsáid



1. Feachtas náisiúnta bolscaireachta agus faisnéise a fhorbairt agus a chur ar fáil do PPNanna.
2. Aitheantas náisiúnta níos fearr do na PPNanna ar fud gach Roinn Rialtais ábhartha.
3. Pacáiste modheolaíochta a fhorbairt maidir le rannpháirtíochta phoiblí d'fhoireann an Údaráis Áitiúil.
4. Caidrimh ag leibhéal áitiúil a fhorbairt go leanúnach.
5. An PPN a bheith á chur chun cinn go leanúnach sna pobail áitiúla agus go náisiúnta trí iad a chur san áireamh i gcláir na bpáirtithe leasmhara/na gcompháirtithe chun a chinntíú go sroichimid an oiread eagraíochtaí agus is féidir, faoi gach colún.
6. An teanga atá in úsáid a shimplíú.
7. Cur leis an bhfeasacht atá ag daoine ar PPNanna agus í a fheabhsú agus ar an luach atá le hionchur ó phobail ina ghné riachtanach sa tírdhreach daonlathach áitiúil.
8. Díriú ar dhaoine óga agus ar eagraíochtaí a dtacaíonn siad leo chun iad a spreagadh le bheith párteach.

Acmhainní



1. Buiséad méadaithe do PPNanna ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.
2. Inbhuanaitheacht maidir le maoiniú do na PPNanna a chinntiú.
3. A chinntiú gur foireann bhuan atá sna hOibrith Tacaíochta.
4. Oibrí Acmhainní Náisiúnta a fheidhmiú chun tacú leis na PPNanna ag leibhéal náisiúnta.
5. Struchtúr maidir le grádú d'foireann an PPN a athbhreithniú.
6. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna go mbíonn foirne ag síorathrú.
7. Tharraing Covid-19 aird ar an ngá atá le acmhainní leordhóthanacha agus, nuair is gá, acmhainní breise.
8. An oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an dul chun cinn atá déanta sa chumarsáid dhigiteach agus cur leis.
9. Tacaíochtaí sa bhréis do ghrúpaí atá nuabhuaithe.
10. A aithint go mbeidh acmhainní breise ag teastáil de réir mar a bheidh an PPN ag forbairt.
11. Oiliúint a chur ar fáil ag amanna a fheileann.

Struchtúr



1. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na PPNanna.
2. Struchtúr Náisiúnta a Phorbairt agus foireann a chur ar fáil ann – Rannpháirtíocht Phoiblí Éireann.
3. Struchtúr na PPNanna a shimplíú.
4. Bunú ról Cathaoirleachta ar an Rúnaíocht a chumasú, a bheidh ag athrú go bliantúil ar bhonn uainíochta.
5. Na PPNanna a bheith mar chuid den phlean forbartha reachtúil do na Pleananna Ceantair Áitiúla agus do na Pleananna Comhfhobhartha.
6. Taighde a dhéanamh maidir leis an mbealach a bhfeadfadh PPNanna a bheith ina bhfostóirí neamhspleácha de réir an dlí nó PPNanna a spreagadh agus tacú leo cuideachta dhlíthiúil a chruthú chun foireann PPN a fhostú.

7. An luach a leagtar ar ghuth a bheith ag pobal ar struchtúr shóisialta a leathnú tríd an PPN.

Chomh maith leis na moltaí uileghabhálacha, atá leagtha amach thusa, iarradh ar na PPNanna agus ar na hÚdarás Áitiúla go léir, moltaí sonracha a dhéanamh maidir le riachtanais oiliúna agus maidir leis an mbealach le feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht. Is mar seo a leanas a bhí na moltaí:

Oiliúint

An tÚdarás Áitiúil

1. Oiliúint athnuachana a chur ar fáil maidir le ról agus feidhm an PPN, agus conas a théann sé chun leasa don Údarás Áitiúil.
2. Seisiún oiliúna agus faisnéise maidir le Forbairt Pobail.
3. Oiliúint ionduchtúchán d'foireann agus do chomhaltaí tofa an Údarás Áitiúil, arna soláthar ag leibhéal náisiúnta ar mhaithle le comhsheasmhacht.
4. Seimineár gréasáin físeáin / oiliúna a fhorbairt ar ról an PPN a bheifear ábalta é a roinnt go héasca agus a scaipeadh trí CCMA, DOS agus fóram Bainistíochta Sinsearaí.
5. Rannpháirtíocht Phoiblí agus ról an PPN.
6. Comhionannas-díonadh.
7. Leanúint de Phobail Chumasacha a Chruthú.
8. Réiteach aighnis.
9. Oiliúint rialachais.
10. Bainistiú imeachtaí.
11. Oiliúint i mbainistiú airgeadais.
12. Rialachas Corparáideach.
13. Cearta Daonna agus Dualgas na hEarnála Poiblí.
14. Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
15. Oiliúint maidir le Cumarsáid.

PPN

1. Salesforce.
2. Abhcóideacht agus Tionchar ar Bheartas.
3. Struchtúir Údarás Áitiúil.
4. Réiteach aighnis.
5. Forbairt Pobail
6. Labhairt go Poiblí agus Cumarsáid.
7. Tacaíocht don Obair Chumaisc.
8. Training for Transformation.
9. Cosaint Sonrai.
10. An struchtúr cothrom a Chothabháil
11. Ionduchtú do Chomhaltaí Rúnaíochta agus d'Ionadaithe maidir lena gcuid ról faoi seach.
12. Oiliúint ionduchtúcháin do bhaill fairne nua.
13. Forbairt Beartais agus Cinnteoireachta.
14. Na hAchtanna um Chearta an Duine agus na hAchtanna Comhionannais (e.g. Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas na Náisiún Aontaithe / Dualgas na hEarnála Poiblí).
15. Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
16. Pleanáil Straitéiseach.
17. Oiliúint i dtaobh Fheasacht ar Chultúr an Lucht Siúil.
18. An bealach le haighneachtaí a scríobh.
19. Conas mintuairiscí a scríobh.
20. Nascgrúpaí/Grúpaí Téamacha a chur i bhfeidhm.
21. Cruinnithe éifeachtacha a thionól/a éascú.
22. Oiliúint Bhainistíocha.
23. Oiliúint i dTuairisiciú Airgeadais.
24. Oiliúint Soláthair
25. Na Meáin Shóisialta.
26. Fís d'Fholláine an Phobail a fhorbairt.
27. Scileanna IT.
28. Oiliúint i gcoinne an idirdhealaithe.
29. Cleachtas trámathreoraithe.
30. Leanúint de Phobail Chumasacha a Chruthú.
31. Oiliúint Chreidiúnaithe.

Páirtnéireacht**An tÚdarás Áitiúil**

1. Cur le feasacht níos fearr ar an PPN agus ar a chuid feidhmeanna agus cuspóirí.
2. Ionduchtú d'Ionadaithe ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil.
3. Tuilleadh ama do thionscaimh, cruinnithe, comhairliúcháin agus comhoibrithe eile idir na hÚdarás Áitiúla agus na PPNanna.
4. Tuilleadh maoinithe agus slándála don oibrí PPN chun nach mbeidh aon chaillteanas ann i dtaobh cuimhne institiúideach.
5. Pleanáil chomhoibríoch leis na páirtithe leasmhara go léir.
6. Níos mó cumarsáide.
7. Úsáid níos mó as grúpaí téamacha/nascgrúpaí.
8. Nuashonrúcháin rialta ón Údarás Áitiúil.
9. "Ráiteas Folláine Pobail" a thabhairt chun críche.
10. Na hÚdarás Áitiúla le faisnéis a sholáthar maidir le ról agus feidhmeanna Boird agus Coistí Údarás Áitiúil.
11. Cur chuige beartais a ghlacadh i dtaobh tionscadail atá maoinithe ag an Rialtas agus pleananna a éilíonn ar an údarás áitiúil rannpháirtíocht éifeachtach an PPN a léiriú i bhforbairt an tionscadail/an phlean agus mar a cuireadh i bhfeidhm é.
12. Tuilleadh faisnéise ar thábhacht chion an PPN i leith déanamh beartais agus úsáid á bhaint as ábhair Rialtais atá ann cheana féin.
13. Ba cheart Ranna eile a chur ar an eolas faoi na PPNanna agus an ról atá acu.
14. Cruinniú bliantúil na Foirne Sinsearaí leis an Rúnaíocht PPN.

PPN

1. Nasc le comhpháirtithe reachtúla eile trína máthairRanna chun leanúnachas beartais a chinntiú.
2. An tÚdarás Áitiúil le hionchur Ionadaíoch PPN i gclár oibre agus cruinnithe a spreagadh.
3. Rannpháirtíocht comhalta a láidriú.
4. Treoir ón mbord rialaithe atá freagrach as Údaráis Áitiúla a bheith rannpháirteach go gníomhach agus ar bhealach tairbheach leis na PPNanna.
5. Clár oibre maidir le forbairt beartais a chomhaontú.
6. Clár oibre agus ábhar léitheoireachta a bheith faigte in am agus i dtráth roimh chruinnithe.
7. Lánpháirtíú níos fearr i bpróiseas cinnteoireachta an Údaráis Áitiúil.
8. Tuiscint níos fearr ar ról na gcoistí éagsúla.
9. Cumarsáid feabhsaithe idir foireann an Údaráis Áitiúil agus Ionadaithe ar Bhoird agus ar Choistí.
10. Cothromáfocht níos fearr maidir le hionchur do Choistí agus do Bhoird - Aitheantas ó Chomhairle Contae i dtaobh na hoibre agus na mbuntáistí a chuireann PPNanna ar fáil don phobal áitiúil.
11. Níos mó oiliúna d'Ionadaithe.
12. Meas agus acmhainneacht fhorleathan i dtaobh idéil choinbhinsiún Aarhaus.



Aguisín 1

Sonraí Teaghmhála na PPNanna (Meitheamh 2022)

| PPN | Ríomhphost | Láithreán Gréasáin |
|----------------------------|------------------------------------|--|
| Ceatharlach | carlowppn@carlowcoco.ie | www.carlowppn.ie |
| An Cabhán | cavanppn@gmail.com | www.cavancommunity.ie |
| An Clár | sarah@clareppn.ie | www.clareppn.ie |
| Cathair Chorcaí | info@corkcityppn.ie | www.corkcityppn.ie |
| Contae Chorcaí | ppn@corkcoco.ie | www.corkcountyppn.com |
| Dún na nGall | donegalppn@donegalcoco.ie | www.donegalppn.ie |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | info@dublincityppn.ie | www.dublincityppn.ie |
| Dún Laoghaire/Ráth an Dúin | enquiries@dlrppn.ie | www.dlrppn.ie |
| Fine Gall | info@fingalppn.ie | www.fingalppn.ie |
| Cathair na Gaillimhe | info@galwaycitycommunitynetwork.ie | www.galwaycitycommunitynetwork.ie |
| Contae na Gaillimhe | administrator@galwaycountyppn.ie | www.galwaycountyppn.ie |
| Ciarraí | ppn@kerryccoco.ie | www.kerryppn.ie |
| Cill Dara | admin@kildareppn.ie | www.kildareppn.ie |
| Cill Chainnigh | ppnkilkenny@kilkenncoco.ie | www.kilkennypnn.ie |
| Laois | ppn@laoiscoco.ie | www.laoisppn.ie |
| Liatroim | info@leitrimppn.ie | www.leitrimppn.ie |
| Luimneach | ppn@limerick.ie | www.limerickppn.ie |
| An Longfort | ppn@longfordcoco.ie | www.longfordppn.ie |
| Lú | ppn@louthcoco.ie | www.louthppn.ie |
| Maigh Eo | mayoppn@mayococo.ie | www.mayoppn.ie |
| An Mhí | meathppn@meathcoco.ie | www.meathppn.ie |
| Muineachán | ppn@monaghancoco.ie | www.ppnmonaghan.ie |
| Uíbh Fhailí | ppn@offalyccoco.ie | www.offalyppn.ie |
| Ros Comáin | info@roscommonppn.ie | www.roscommonppn.ie |
| Sligeach | ppn@sligococo.ie | www.sligoppn.com |
| Baile Átha Cliath Theas | kieran@sdcppn.ie | www.sdcppn.ie |
| Tíobraid Árann | coordinator@ppntipperary.ie | www.ppntipperary.ie |
| Port Láirge | waterfordppn@gmail.com | www.waterfordppn.ie |
| An Iarmhí | info@westmeathppn.ie | www.westmeathppn.ie |
| Loch Garman | ppn@wexfordppn.ie | www.wexfordppn.ie |
| Cill Mhantáin | info@countywicklowppn.ie | www.countywicklowppn.ie |

Aguisín 2

Forbhreathnú ar Ghníomhaíocht an PPN in 2021

| PPN | An lion aitheanna Rúnaiochta a leithdháileadh | An lion ionadaithe PPN | An lion Nasgeiríupaí Gníomhacha | An lion Cruinnithe Comhlachta lománaigh a Tionóladh | Caiteachas lomáin (2021) | An lion r-Nuachtítreacha a bhfuil an PPN orthu | Socrú Óstála | Comháiltas lomán (comhlaitai san áireamh) | Comhlaitai an Phileír Comhshaoil Cuirsimithe Shóisialta | An Piléar Comhlaitai an Phileír Pobail |
|-----------------------------|---|------------------------|---------------------------------|---|--------------------------|--|--------------|---|---|--|
| Ceatharlach | 9 | 20 | 0 | 2 | 92,428 | 24 | 10 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 454 | 48 |
| An Cabhán | 12 | 33 | 1 | 4 | 97,191.98 | 50 | 13 | Ag aistriú ó bheith ina Chuidéachta go dtí Óstách | 316 | 94 |
| An Clár | 10 | 24 | 3 | 3 | 114,679.85 | 10 | 10 | Ag Feidhmíú mar Chomhlacht Neamhspleach | 332 | 52 |
| Cathair Chorcaí | 9 | 20 | 0 | 2 | 10,485 | 0 | 8 | Óstáilte ag Eagraiocht Phobail eile | 211 | 88 |
| Contae Chorcaí | 22 | 33 | 0 | 1 | 89,808 | 26 | 12 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 411 | 63 |
| Dún na nGall | 19 | 61 | 3 | 1 | 111,104 | 135 | 21 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 613 | 56 |
| Cathair Bhaille Átha Cliath | 9 | 27 | 4 | 2 | 90,056.95 | 40 | 9 | Óstáilte ag Egraiocht Phobail eile | 824 | 261 |
| Dún Laoghaire /Ráth an Dúin | 9 | 35 | 3 | 2 | 113,017.32 | 12 | 10 | Óstáilte ag Egraiocht Phobail eile | 523 | 95 |
| Fine Gall | 12 | 41 | 5 | 2 | 120,755.78 | 12 | 10 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 548 | 94 |
| Cathair na Gallimhe | 16 | 40 | 5 | 3 | 145,281.69 | 34 | 18 | Ag Feidhmíú mar Chomhlacht Neamhspleach | 163 | 47 |

| PPN | An tionscailteanna Rúnalochta a leithdháileadh | An tionscail Ionadaithe PPN | An tionscail Nascghruáí Gniomhacha | An tionscail Cruinnithe Comhlachta lománaigh a Tionóladh | Caiteachas lomán (2021) | An tionscail r-Nuachtítreacha a Cuireadh ar Fáil | An Lion Coistí Címitreolaideacha a bhfuil an PPN orthu | Socrú Óstála | Comháiltas lomán (comháiltas áireamh) | Comháiltas an Phileír Comhshaoil | An Piléar Comhshaoil | Comháiltas an Phileír Cuimsithe Shóisialta | Comháiltas an Phileír Poball |
|---------------------|--|-----------------------------------|--|--|----------------------------|--|---|---|--|--|-------------------------|---|------------------------------------|
| Contae na Gaillimhe | 11 | 32 | 1 | 0 | 119,731.53 | 12 | 16 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 1075 | 209 | 32 | 834 | |
| Ciarraí | 11 | 11 | 1 | 0 | 94,420.54 | 55 | 12 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 835 | 94 | 24 | 717 | |
| Cill Dara | 11 | 24 | 3 | 1 | 104,838.46 | 18 | 10 | Óstáilte ag Eagraiocht Phobail eile | 779 | 81 | 29 | 669 | |
| Cill Chainnigh | 10 | 27 | 3 | 2 | 103,281.99 | 44 | 9 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 403 | 90 | 27 | 286 | |
| Laois | 12 | 29 | 4 | 5 | 109,098.43 | 10 | 12 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 634 | 79 | 21 | 534 | |
| Liatroim | 9 | 39 | 0 | 2 | 31,289.32 | 13 | 13 | Ag aistriú ó bheithe ina Údarás Áitiúil | 289 | 72 | 11 | 206 | |
| Luimneach | 10 | 38 | 8 | 2 | 54,145.11 | 10 | 8 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 161 | 52 | 10 | 99 | |
| An Longfort | 9 | 40 | 0 | 5 | 129,104.33 | 44 | 14 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 399 | 50 | 6 | 343 | |
| Lú | 17 | 40 | 3 | 2 | 104,424.49 | 52 | 18 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 481 | 126 | 13 | 342 | |
| Maigh Eo | 14 | 17 | 0 | 5 | 118,295 | 5 | 7 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 1108 | 146 | 41 | 924 | |
| An Mhí | 12 | 20 | 2 | 0 | 63,185.68 | 23 | 10 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 447 | 40 | 7 | 400 | |
| Muineachán | 12 | 37 | 1 | 2 | 113,045.90 | 0 | 14 | Óstáilte ag Údarás Áitiúil | 596 | 103 | 38 | 455 | |

| PPN | An lín áiteanna Rúnáiochta a leithidháilleadh | An lín Ionadaithe PPN | An lín Nascghruáipai Gníomhacha | An lín Cruinnithe Comhlachta lomlánáigh a Tionóladh | Caiteachas lomlán (2021) | An lín r-Níachiltreacha a Cuireadh ar Fáil orthu | Socrú Óstáití Cinnteoirreachta a bhfuil an PPN orthu | Socrú Óstáití Comhlaistí lomlán (comhlaistí san aireamh) | Comhlaistí an Phléir Comhsaoil Cuimsithe Shóisialta | An Piléar Comhsaoil | Comhlaistí an Phléir Pobail | |
|---------------------------|--|-----------------------------|---------------------------------------|---|-----------------------------|---|---|--|---|------------------------|-----------------------------------|------|
| Uíbh Fhailí | 9 | 26 | 1 | 1 | 114,310.89 | 30 | 9 | Óstáití ag Údarás Áitiúil | 573 | 62 | 19 | 492 |
| Ros Comáin | 9 | 24 | 0 | 0 | 61,803.20 | 19 | 7 | Óstáití ag Údarás Áitiúil | 266 | 39 | 12 | 215 |
| Sligeach | 9 | 37 | 1 | 2 | 98,179.97 | 5 | 16 | Óstáití ag Údarás Áitiúil | 525 | 45 | 14 | 466 |
| Baile Átha Clath Theas | 12 | 28 | 3 | 2 | 94,370.39 | 1 | 11 | Óstáití ag Eagraiocht | 827 | 184 | 30 | 613 |
| Tiobraid Árann | 15 | 47 | 2 | 2 | 119,371.39 | 14 | 19 | Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách | 1362 | 156 | 40 | 1166 |
| Port Láirge | 11 | 53 | 0 | 0 | 110,419 | 14 | 22 | Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách | 768 | 120 | 26 | 622 |
| An larmhí | 8 | 35 | 5 | 2 | 115,017.59 | 12 | 18 | Óstáití ag Údarás Áitiúil | 811 | 177 | 12 | 622 |
| Loch Garman | 11 | 27 | 0 | 0 | 77,794.56 | 88 | 13 | Óstáití ag Údarás Áitiúil | 436 | 74 | 16 | 346 |
| Cill Mhantáin | 13 | 48 | 3 | 2 | 114,104.45 | 38 | 18 | Óstáití ag Eagraiocht Phobail eile | 378 | 71 | 25 | 282 |
| lomlán | 362 | 1,013 | 65 | 59 | 3,035,040.79 | 850 | 397 | 17,548 | 2,968 | 655 | 13,925 | |

Aguisín 3

Tionchair an PPN sa bhliain 2021

Ceatharlach

Ba bhliain dheacair eile a bhí sa bhliain 2021 do na PPNanna, go ginearálta. Chuir paindéim leanúnach COVID- 19 athrú ar ghnáthchúrsaí agus ar ghnáthphróisis. Chiallaigh sé sin go m'éigean bealaí eile a fhiosrú chun cruinnithe PPN a bhainistiú agus leis an bpobal a choinneáil ar an eolas agus cothrom le dáta. Chun rannpháirtíocht a éascú, rinneadh cruinnithe agus seisiún oiliúna a stiúradh ar líne. Dóibh siúd nach bhfuil cothrom le dáta ó thaobh na teicneolaíochta de, cuireadh oiliúint bhereise ar fáil do phobail, ullmhaíodh doiciméad céim ar chéim maidir le teicneolaíochta ar líne a úsáid agus scaipeadh an doiciméad ar ghrúpaí.

Chuireamar tacaíocht ar fáil do Alone Ireland freisin trí fhógraíocht agus aird a tharraingt ar an obair atá á dhéanamh acu do dhaoine breacaosta in Éirinn, go háirthe le linn COVID- 19; thacaíomar freisin le hAoisbhá Éireann trí fhógraíocht agus trína Nuachtlitir a scaipeadh ar a gcuid comhaltaí.

SPC Pleanála, Comhshaoil, Aeráide; Gníomhú ar son na Bithéagsúlachta, Fuinnimh agus Talmhaíochta. Ionchur in Athrú Aeráide. Togra: Físeán le déanamh ar mhaithle le cuidíú leis an bpobal a bheith níos feasaí maidir le nithe simplí is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar athchúrsáil, ar athúsáid agus ar dhramhaíl go ginearálta. Rinneamar éileamh go dtabharfaí an deis dár ngrúpaí a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

Rinne an SPC Cultúir, Leabharlann, Forbartha Digití agus Turasóireachta moladh maidir le Tionchar Feirmeacha Gaoithe ar Thurasóireacht Tuaite.

Chuir PPN Cheatharlach Féile Mensana chun cinn do Chumann Meabhairshláinte Cheatharlach. Reáchtáladh an fhéile ar líne arís i mbliana le comhairle mhaith maidir le haire a thabhairt don mheabhairshláinte nuair a bhíonn cúrsaí deacair.

SPC Pleanála, Comhshaoil, Aeráide; Gníomhú ar son na Bithéagsúlachta, Fuinnimh agus Talmhaíochta. Togra: An fhéidearthacht go bhfaigheadh na SPCanna tairiscint ar thuras ar lónadh talún míntírithe chun réimsí nua bithéagsúlachta a thaispeáint. Gníomh: Físeán le déanamh chun feasacht a chruthú.

Inrochtaineacht chuig acmhainní ar líne a chruthú.

Chuir an PPN freagra agus oiliúint maidir le COVID-19 ar fáil do ghrúpaí pobail.

Reáchtáladh na himeachtaí agus an oiliúint a cuireadh ar fáil le linn na bliana 2021 ar líne den chuid is mó, bhí scóip ann ag tarraingt le deireadh na bliana 2021 le freastal go fisiciúil ar imeachtaí. Fuaireamar amach go raibh freastal níos fearr ar imeachtaí ar líne seachas mar a bhí ar imeachtaí fisiciúla mar go raibh go leor daoine in ann freastal agus iad ar a sáimhín só sa bhaile. Mar sin féin, fuaireamar amach nach raibh an saineolas teicneolaíochta ag na comhaltaí go léir chun freastal ar na cruinnithe seo agus rinneamar freastal air sin trí oiliúint a chur ar fáil maidir le cruinnithe Zúm agus trí phróiseas doiciméid 'Fan Nasctha' a chruthú agus a fhógaírt. Chuidigh sé seo ó thaobh cur le hacmhainneacht na ngrúpaí comhaltais le linn COVID- 19, agus cinntíodh go raibh an deis ag cách a bheith rannpháirteach.

Rinne PPN Cheatharlach éascú freisin chun gaiores cliste a cheannach trí Chónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI). Cuirtear an gaiores ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí atá cláraithe leis an PPN agus le Universal Access Movement Chontae Cheatharlach lena úsáid chun freastal ar chruinnithe ar líne. Bhí an PPN i mbun plé le Comhlacht Forbartha Áitiúil Chontae Cheatharlach chun costas an chosantóra scáileáin a chlúdach agus chun sábháilteacht an ghairis a chinntíú.

An Cabhán

Leanamar den chomhoibriú leis an HSE, le Comhairle Contae agus le Coiste Forbartha Áitiúil an Chabhán trí lónrú agus malartú faisnéise le grúpaí pobail maidir le cursaí COVID- 19, go háirithe, chun léiriú a dhéanamh ar sheirbhísí le linn na dianghlásála a léiriú.

Baineadh feidhm as sraitheanna éagsúla oiliúna do ghrúpaí pobail sa chontae.

Moladh ó Ionadaithe an PPN maidir le Local Link chun iompar a sholáthar chuig Ionaid Vacsaínithe saor in aisce nó ar ráta lascaine.

An Clár

Lean PPN an Chláir ag comhoibriú le hlonad Oibrithe Deonacha an Chláir, le PPN an Chláir, le Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir, le Comhairle Contae an Chláir, leis an nGarda Síochána, leis na hlonaid Acmhainní Teaghlaigh, le Meitheal Pobail Bhoirne, le Love Shannon, le Cúram an Chláir, le Líonra Ban an Chláir, le Fóram LEADER an Chláir, le Faisnéis do Shaoránaigh agus le Seirbhís Óige an Chláir mar chuid den Fhoireann Freagartha Pobail. Go háirithe, lean PPN an Chláir ar aghaidh le saincheisteanna a léiriú atá i ndán dóibh siúd atá ag tabhaint aghaidh ar eisiamh socheacnamaíoch mar chuid d'fhoghrúpa um chuimsíú sóisialta.

Rinne PPN an Chláir idirbheartaíocht arís maidir le clúdach árachais d'íarrachtaí go léir na n-oibrithe deonacha i gcomhar le hlonad Oibrithe Deonacha an Chláir.

D'oibrigh ionadaithe an LCDC go maith ar chomhchinnteoireacht maidir leis an SICAP agus le deontais phobail.

Rinne ionadaí comhshaoil an LCDC cur i láthair maidir leis na torthai ón tionscadal píolótach atá á reáchtáil ag PPN an Chláir ar an ábhar 'Plean agus Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide' na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Comhaontaíodh, bunaithe ar thorthaí thionscadal píolótach PPN an Chláir, nach mór, ar mhaithle le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Éifeachtach agus ar mhaithle le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail atá éifeachtach, Gníomh ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta a chur i gcroílár gach cinnidh i gcónaí.

Rinne PPN an Chláir riadaradh ar leathanach tiomanta Facebook agus ar chuntas Twitter le faisnéis a scaipeadh.

Bhí PPN an Chláir ar cheann de na comhiarrthóirí rathúla maidir le Tionscadal Píolótach Chiste Forbartha Pobail na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chun maoiniú a dhéanamh ar Thionscadal Forbartha Phobal an Lucht Siúil don Chlár. D'eascair rannpháirtíocht an PPN sa tionscadal seo ó údar imní a d'ardaigh Grúpaí Comhaltais um Chuimsíú Sóisialta a bhí a lorg bealaí chun oibriú go héifeachtach agus feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála agus folláine do thart ar 900 duine de Phobal an Lucht Siúil atá mar chuid den phobal sa Chlár. Cuirfear spás ar fáil don tionscadal san áitreabh ina bhfuil PPN an Chláir.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir d'aon ghuth le rún a d'iarr ar Rialtas na hÉireann cosc domhanda a mholadh maidir le fraiceáil ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe "ar fhoraí maolaithe aeráide, sláinte phoiblí, cosaint chomhshaoil agus cearta daonna". Agus é ag moladh an rúin, thug an comhairleoír Pat Hayes (FG) le fios go raibh Contae an Chláir ar an gcéad údarás áitiúil in Éirinn a chur cosc ar fhraiceáil sa bhliain 2012, as ar lean cosc náisiúnta sa bhliain 2017. Mhol Pat Hayes "na heagraíochtaí iontacha atá sa Chlár a thacaigh leis an gcosc seo, lena n-áirítear, Futureproof Clare, Fridays for Future Clare agus PPN an Chláir," agus dúirt Pat gurb é an comhshaoil an tsaincheist is tábhactaí ar an gclár oibre ag an gComhairle.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir d'aon ghuth le rún éigeandála maidir le CETA, a d'iarr díospóireacht iomlán dhaonlathach roimh vótá na Dála ar dhaingniú CETA. Ritheadh an rún de bhun iarratas ó thromlach ghrúpaí comhaltais i gColáiste Comhshaoil PPN an Chláir "Tá údar imní tromchúiseach ag Comhaltaí PPN an Chláir maidir leis an easpa díospóireachta poiblí agus polaitiúla agus iniúchadh atá ann ó thaobh CETA de. Táimid thar a bheith sásta go bhfuil meas ag Comhairleoír Contae sa Chlár ar an méid sin agus táimid buioch gur sheas siad leis an bpriónsalab seo".

Roghnaigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil PPN an Chláir le hóstach a dhéanamh ar Chomhrá Aeráide Áitiúil ar líne an 15 Mártá. Tá na comhráite seo ar siúl ar fud na hÉireann mar chuid den Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, chun faisnéis a chur ar fáil d'fhorbairt Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 an Rialtais agus leathadh amach an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide freisin. Tar éis an chomhrá seo chuireamar ár gcuid nótaí faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Chuir PPN an Chláir túis le spás cruinnithe a chur ar fáil do ghrúpaí comhaltais agus maolú á dhéanamh ar shrianta COVID- 19. Bhí sé seo dúshlánach le bainistiú uaireanta mar gheall ar léirmhíniú na dtreoirlínte difriúla idir an PPN agus páirtithe leasmhara. Áirítear ar ghrúpaí a bhí thíos go háirithe leis an iliomad gnéithe a bhain le COVID- 19 ar tugadh spás dóibh, Haven Hub – Tacaíocht maidir le Feasacht ar Fhéinmharú Iasmuigh d'uaireanta oibre; rannpháirtíocht leanúnach agus deiseanna oideachais do mhná óga atá ag tógáil leanaí leo féin, caidreamh le Novas agus le daoine atá ina gcónaí i mol áitiúil; Banc bia chun dáileadh bia a éascú dóibh siúd a bhfuil gó acu leis agus atá thíos le ganntanas bia agus le cúrsaí geilleagracha atá ag dul in olcas.

D'éiligh na hionadaithe comhshaoil ar an SPC d'Fhorbairt Gheilleagrach ghrúpaí fócais ar chúrsaí comhshaoil ag céim réamhdhréachtaithe Phlean Forbartha an Chontae, ag tógáil san áireamh na hiarmhairtí leathana agus an saineolas atá sa chontae. Diúltaíodh é seo ar an bhforas go raibh na measúnuithe comhshaoil go léir déanta cheana féin (cé go raibh na comhairliúcháin phoiblí fós ar siúl ag tráth an iarratais).

Cathair Chorcaí

Tá 3 Chomhalta den Rúnaíocht ar an bhFóram Freagartha Pobail.

Contae Chorcaí

Foilsíodh nuachtlitir sheachtainiúil.

Cuireadh oiliúint ar fáil do ghrúpaí pobail.

I mbun rannpháirtíocha le comhaltaí an PPN arís.

Cuireadh láithreán gréasáin agus beochana nua PPN ar fáil.

Cuireadh chun cinn agus lónadh 33 suíochán PPN.

Dún na nGall

Rinne PPN Dhún na nGall forbairt ar bhunachar sonraí don Líne Chabhrach Phoiblí. D'oibrigh foireann PPN Dhún na nGall ar an Líne Chabhrach (lena n-áirítear, ar an deireadh seachtaine agus san oíche). Bhí PPN Dhún na nGall bainteach le Fóram Pobail Dhún na nGall. Rinne an PPN forbairt ar Chlár Dianghlásála an Earraigh agus ar Theacht Aniar an Phobail ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2021 i gcomhar leis an HSE agus leis an nGarda Síochána chun Aire a Thabhairt don Mheabhairshláinte, Aireachas, Sliotán na nGardaí, Cothú, Aclaíocht agus Oiliúint Zúm do Ghrúpaí. Acmhainní thar a bheith luachmhar atá iontu seo do Ghrúpaí.

D'eagraigh PPN Dhún na nGall i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil 'Comhrá maidir le hAeráid' sa bhliain 2021. Bhí an-ghlacadh ar fud an Chontae ar an gcomhrá.

Tacaíonn LCDC/LAG Dhún na nGall le tionscadal inmhéanach LEADER lena ndéanfaidh, IPanna (comhpháirtithe do chur i bhfeidhm) seachadadh ar thionscadal oiliúna a dhíríonn ar phobail ar fud Dhún na nGall mar chur chuige onnghníomhach i leith maolú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta, ag leagan amach, ar an mbealach sin, straitéis don chéad chlár LEADER eile, a bhfuil túis á chur leis sa bhliain 2023, chun comhtháthú a dhéanamh ar mhaolú dearfach aeráide agus bithéagsúlachta agus/nó oiriúnú ar fud fothéamaí go léir LEADER agus dá réir sin an méid sin go léir a chomhtháthú i ngach tionscadal.

Molann LCDC/LAG Dhún na nGall glacadh le roghanna fuinnimh agus bithéagsúlachta inbhuanaithe i mbreithniú agus i measúnú gach tionscadal, sa chás é bheith indéanta an méid sin a dhéanamh gan costais bhireise nó gan oibleagáidí a chur ar thionscnóirí do chlár idirbhéimeach LEADER (2021-2022).

Bhí Teacht Aniar an Phobail – ag Fanacht Nasctha – a bhí forbartha ag PPN Dhún na nGall, thar a bheith luachmhar do ghrúpaí.

Rinne PPN Dhún na nGall Iníúchóireacht Insiúltachta a stiúradh i mBealach Féich/Srath an Urláir sa bhliain 2021- Aithníodh saincheisteanna móra maidir le cosáin agus trasrianta agus tá túis curtha le hoibreacha anois chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

Rinne an JPC stiúradh ar Thionscadal Píolótach chun Clinicí na nGardaí a reáchtáil in Ionaid Acmhainní agus in Ionaid Pobail. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis seo.

Cathair Bhaile Átha Cliath

Thacaigh an PPN leis an óstach, ionad Oibrithé Deonacha Bhaile Átha Cliath ar na bealaí seo a leanas: Chuir an t-oibrí acmhainní roinnt sealanna ar fáil go deonach in ionad Vacsáinithe Aviva, as a raibh an DCVC freagrach as maoirseacht a dhéanamh air. Fógraíodh na róil dheonacha seo ar Fheasacháin an PPN agus ar na meáin shóisialta. Roinn PPN Chathair Bhaile Átha Cliath faisnéis le agus ón PPN níos leithne ina Fheasacháin PPN agus trína meáin shóisialta; mar shampla, faisnéis maidir le hobair dheonach in ionad Vacsáinithe Aviva. Bhí na spriocghrúpaí go léir ina ngrúpaí comhaltais den PPN, mar sin féin, níor choinníomar súil ar na torthaí ó thaobh na faisnéise seo a roinnt. Ghlacamar leis go bhfaca daoine an fógra agus gur thairg siad oibriú go deonacha san ionad, ach níor choinníomar súil ar thorthaí na hoibre seo.

Chuir an tionchar a bhí ag sraith an fhómhair de na seisiúní oiliúna le hacmhainneacht roinnt de ghrúpaí comhaltais an PPN.

Déanann an tlonadaí Tráchta agus lompair cumarsáid lena nascgrúpa agus le páirtithe leasmhara trí Facebook agus thug an fhaisnéis is déanaí do chomhaltaí an PPN maidir le saincheisteanna leanúnacha san SPC sin. Go háirithe, tá inrochtaineacht chun na cathrach do na cónaitheoirí go léir atá faoi mhíchumas mar phríomhfhócas agus tá go leor ráitis déanta ag na hlonadaithe leis an gcoiste maidir le páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas, rochtain chun na sráideanna agus deacrachtaí méadaithe maidir le saincheisteanna soghluaisceachta sa chathair.

Rinne tionchar an dá chruinniú iomlánacha athspreagadh ar roinnt grúpaí comhaltais chun a bheith rannpháirtíeach leis an PPN arís agus chuireadar fiosrúcháin faoi bhráid chun tuilleadh a fháil amach faoin obair croílár agus maidir le grúpaí oibre laistigh den chomhairle.

Chuaigh an tionchar a bhí ag cumarsáid fheabhsaithe an PPN chun leasa do na comhaltaí go léir a bhí in ann fiasnéis a fháil níos éasca maidir leis an PPN trí nuashonrúcháin seachtainiúla agus láithreacht meáin shóisialta a bhí níos fuinniúla.

Ba é an tionchar a bhí ag an taighde a bhí taobh thiar den phlean straitéiseach 5 bliana ná an fhaisnéis a fuarthas ón a grúpaí comhaltais maidir leis an méid a bhí úsáideach agus nach raibh chomh húsáideach sin ó thaobh an PPN de. Go háirithe, chiallaigh sé sin go raibh sé indéanta eísteachta le glór na gcomhaltaí níos leithne, é a thaifeadadh agus eísteachta leis chun go rachaidh sé chun leas iomlán an lónra.

Beidh an Grúpa Téamach Iimirceach ina ghrúpa láidir, ach mar sin féin caitheadh an bhliain 2021 á bhunú, ag iarraidh spriocanna agus teorainneacha a leagan síos dá chuid oibre. Is é seo an grúpa is dúshlánaí mar go bhfuil na grúpaí atá ag obair le saincheisteanna imircigh ar roinnt de na grúpaí sa tir is gainne ó thaobh acmhainní de agus a fhaigheann an tacaíocht is lú.

D'oibrigh an Grúpa Téamach Iimirceach ar shaincheisteanna inrochtaineachta chuit Teach an Ardmhéara, na dúshláin maidir le bonneagar rothaíochta, bhí comhráite maidir le míchumas agus le titíocht agus bhí cruinniú ag an ngrúpa le coiste na Féile Pádraig chun rochtain chun na paráide a chinntiú.

Dún Laoghaire / Ráth an Dúin

Suirbhé: Aiseolas maidir le riachtanais oiliúna do rannpháirtithe Scileanna Digiteacha.

Clár oiliúna deartha go sonrach chun comhaltaí a chumasú chun cumarsáid a dhéanamh agus feidhmiú agus úsáid á bhaint as ardáin ar líne agus ar urlisí digiteacha, m.sh. Zúm, dea-chleachtas i Zúm, eagarthóireacht físeán agus grianghraf d'fhóin phóca.

Scaipeadh ábhair maidir le Coinneáil go Maith/ Folláine agus treoirínte rialtais ar ríomhphost agus ar an láithreán gréasáin, ar na meáin shóisialta agus i ríomhirisí.

“Go ndéanfaí tuilleadh coirceoga a lonnú in DLR.” Cuireadh an togra faoi bhráid an SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol. Rinneadh an togra a phlé, a cheadú agus tá sé tugtha crícheanois.

Ról gníomhach i gcomhairliúcháin – Rinneamar comhéascú ar roinnt comhairliúchán ar thug an tÚdarás Áitiúil fúthu, ar nós Ceardlanna an Dréachphleán Oidhreachta, Straitéis Crann Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin (DLR) agus go leor eile.

Chomh maith leis sin, seoladh aighneachtaí chuit na comhairliúcháin seo a leanas: Athbhreithniú agus Feidhmiú Tionscadail Bonneagair Phoiblí agus an Réimse Poiblí Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin (DLR), Plean Forbartha Contae an DLR; Seirbhísí Cúram Shóisialta do Dhaoine faoi Mhíchumas chun an pleán a threorú sna 4 bliana atá amach romhainn (2022-2025).

Ba cheart do Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin (DLR) idirchaidreamh a dhéanamh le BusConnects agus leis an Údarás Náisiúnta lompair (NTA) maidir le leagan crann sa tSeanchill. Cuireadh an togra faoi bhráid an SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol. Rinneadh an togra a phlé, a cheadú agus tá sé tugtha crícheanois.

Freastal ar Chruinniú Fóram na bPáirtithe Leasmhara.

Ceardlanna Comhráite um Ghníomhú ar son na hAeráide – Roghnaíodh PPN Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin (DLR) chun bheith ar cheann de na PPNNanna le páirt a ghlacadh sna ceardlanna comhráite náisiúnta um Athrú Aeráide.

Shocraíomar agus d'eagraíomar 2 cheardlann as ar tháinig aiseolas iontach ó na rannpháirtithe. Chuidigh sé sin le huaillmhianta an phobail a aithint agus cruth a chuir orthu don mhaoiniú atá ar na bacáin do Ghníomhú ar son na hAeráide.

Páipéar acadúil foilsithe- “Public participation in a time of crisis: A case study of Dún Laoghaire-Rathdown residents’ associations’ response to Covid-19” (Simone Sav agus Colette Downing), published in Administration, vol. 69, no. 4 (2021).

Aoisbháuil – Féile na Bealtaine – Scileanna Digiteacha do Daoine Breacaosta.

Fine Gall

Leanamar le cruinnithe Rúnaíochta, cruinnithe nascgrúpaí agus seisiúin faisnéise ar líne a stiúradh. Chuireamar árachas ar fáil do ghrúpaí comhaltais PPN chun freagairt do COVID- 19, sa chás nár chuir a n-árachas féin clúdach ar fáil.

D'fheidhmíomar mar mhol faisnéise agus chuidíomar le grúpaí a chur i mbun lónraithe.

Athbhreithniú a dhéanamh ar Lámhleabhar an PPN agus cleachtas sainordaitheach agus deachleachtas a fheidhmiú chun rialachas agus oibríochtaí PPN Phine Gall a neartú ag teacht le treoir ón DRCD.

Chuireamar rún faoi bhráid an SPC Tithíochta maidir le cóiríocht dhá sheomra codlata in áit forbairtí aon seomra codlata amháin.

Rinneamar athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach chun measúnú a dhéanamh air agus athdhíriú a dhéanamh obair PPN Phine Gall chun leasa an chomhaltais níos leithne.

Rinne an Nascgrúpa Athrú Aeráide, Comhshaoil agus Uisce seachadadh ar Chomhrá maidir le hAthrú Aeráide agus ar thuarascáil ghaolmhar.

Rinneadh seachadadh ar Mhol Beartais ina bhfuil os cionn 120 beartas chun tacú le hionadaithe PPN Phine Gall dul i bhfeidhm ar bheartas ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus AE agus feidhmiú mar shuíomh lárnach do chomhaltais níos leithne an PPN.

Cosaint agus caomhnú fálta sceach – Pléadh agus comhaontaíodh an rún. Mar chuid den Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, rinne comhaltaí an Nascgrúpa óstach agus bhí siad i mbun na Ceardlainne Comhrá maidir le hAeráid PPN Phine Gall a bhí ar siúl an 7 Aibreán 2021.

Rinneamar teaghmáil le Roinn Imeachtaí Phine Gall agus d'éisíomar go lasfaidh suas Fine Gall trí dhath glas a chur ar na foirgnimh do Lá Fhéile Pádraig 2021, comhaontaíodh agus cuireadh an méid sin i gcrích.

Cathair na Gaillimhe

Tá an GCCN mar chomhalta d'Fhóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe, a bunaíodh nuair a tugadh an chéad sraith de shrianta COVID-19 isteach, tá an Fóram faoi stiúir Chomhairle Contae na Gaillimhe, lena n-áirítear, raon páirtithe leasmhara ar nós Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte, an Garda Síochána, an tSeirbhís Leasa Pobail – an Roinn Gnótháí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP), Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, ionad Saorálaithe na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe agus dreamanna eile. Mar chuid d'Fhóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe, lean an GCCN de thacaíocht a thabhairt d'atreoruithe níos casta chuig Líne Chabhrach Tacaíochta Pobail Covid-19 i gcomhar le Foireann Chomhpháirtíochta Chathair na Gaillimhe. Lean an GCCN freisin d'fhaisnéis agus sonraí a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh Léarscáil de na Seirbhísí agus na Tacaíochtaí a bhí gníomhach i gCathair na Gaillimhe le linn ghéarchéim Covid-19.

Rannpháirtíocht i bpróiseas Phlean Forbartha na Cathrach – Halla an bhaile agus cruinnithe le Comhairleoirí. Rinneadh aighneacht an GCCN maidir le Plean Forbartha na Cathrach 2023-2029 bunaithe ar 14 ceardlann théamacha agus ceantar-bunaithe a bhí eagraithe nó a fuair tacaíocht ón GCCN, i gcomhar le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus ionad Acmhainní Teaghláigh ARD, agus a bhí siad dírithe ar rannpháirtíocht leis an bpróiseas Comhairliúcháin don Réamhdhréacht. D'fhreastail os cionn 400 duine ar na ceardlanna, lena n-áirítear, comhaltaí an GCCN, Comhairleoirí Cathracha agus dreamanna eile. Bhí foireann ó Oifig Pleanála Chathair na Gaillimhe i láthair chomh maith. Thug Oifig an Rialálaí Pleanála próiseas an GCCN ar aird ina n-aighneacht. Tar éis phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí a raibh sé i gceist leis faisnéis a sholáthar do Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe i mí

an Mhárta, reáchtáil an GCCN imeacht i mí na Bealtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh. Bhí go leor de na rannpháirtithe a d'fhreastail ar na chéad chéimeanna den phróiseas comhairliúcháin rannpháirteach freisin sa phróiseas seo a rinne forbairt ar chomh-mholtaí ó na hearnálacha pobail, deonacha agus comhshaoil. Ansin reáchtáil an GCCN cruinniú leis na Comhairleoirí i mí an Mheithimh, a raibh freastal maith air, leis na moltaí seo a phlé agus d'eisigh páipéar tosaíochtaí ar na Comhairleoirí chun faisnéis a chur ar fáil don chéad chéim eile den phróiseas pleánala. Tionchar/ Insoláthartha: - rannpháirtíocht an phobail ar réimsí téamacha den phlean agus ardaíodh saincheisteanna pobail leis na Comhairleoirí roimh a n-ionchur sa phlean.

Lean GCCN de chruinnithe Ghrúpa Freagartha Covid-19 an NGO a thionól maidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bunaíodh ag túis na paindéime. Áirítear sa ghrúpa Freagartha seo Compháirtíocht Chathair na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus Cuimsíú Aois an Taoibh Thiar. Chomh maith leis na cruinnithe comhchoiteanna, lean GCCN ar aghaidh ag obair leis na heagraíochtaí ar fad astu fén ar bhonn leanúnach.

Gluaiseacht Cathartha na bPáirceanna Náisiúnta. Comhlacht Cinnteoireachta – SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht. Togra – glacadh d'aon ghuth le rún a thacaigh le hainmniúchán na Gaillimhe mar Chathair Páirceanna Náisiúnta ag an gcruinniú i Meán Fómhair 2020 den SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht. Ba cheart an rún sin a bheith curtha roimh chruinniú iomlán de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ach bhlocáil an Feidhmeannas an rún ó dhul tríd. Lean na hionadaithe lena rannpháirtíocht leis na Comhairleoirí ar an ábhar agus mhol Comhairleoir amháin é mar rún sa Phlean Forbartha Cathrach nua. Toradh – diúltaíodh den rún seo ach moladh é a chur san LECP nua.

Moladh maidir le Comhairliúchán Neamhreachtúil ar an Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais. Comhlacht Cinnteoireachta – an SPC lompar. Moladh – comhairliúchán neamhreachtúil a thionól don chéad chéim eile maidir le Teorainneacha Luais. Toradh; Níor chuir an Cathaoirleach an moladh os comhair an chruinnithe.

Painéal na Sochaí Sibhialta – Measúnú Comhionannais agus Cearta an Duine maidir leis an Straitéis le haghaidh na nEalaón: Shocraigh

tionscadal na Gaillimhe um Chomhionannais agus Cearta i nGníomh, ar thacaigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) leis, Painéal na Sochaí Sibhialta a bhunú. Tá grúpaí na sochaí sibhialta agus iadsan a bhí faoi réir ag idirdhealú, éagothroime agus ag diúltú chearta an duine sa riocht is fearr lena saineolas a úsáid mar shealbhóirí cearta chun tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm Thug an Painéal Sealbhóirí Cearta ar fud deich bhforas le chéile ar mhaithé le húsáid a bhaint as an saineolas seo. Chuir an tionscadal le comhacmhainneacht Sealbhóirí Cearta chun bheith rannpháirteach agus tacú le feidhmiú éifeachtach agus tréadhearcach Dualgas na hEarnála Poiblí ag gníomhaireachtaí agus eagraíochaí a bhfuil an dualgas seo orthu i gCathair na Gaillimhe. Áirítear ar an obair seo, measúnú ar Straitéis Ealaón Chathair na Gaillimhe. Tionchar/Insoláthartha: baineann siad siúd a bhí faoi réir ag idirdhealú, éagothroime agus ag diúltú cearta daoine, úsáid as a gcuid saineolais mar shealbhóirí cearta chun tacú le feidhmiú Dhualgas na hEarnála Poiblí. Díritear ar chomhionannais agus ar chearta daonna nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar an straitéis – breithnítear forais chomhionannais chomh maith le forais shocneacnamaíocha.

An Ciste Spásanna Amuigh faoin Aer a athshamhlú – rinne an GCCN óstach ar chruinniú idir Naschghrúpa na nEalaón agus an Chultúir agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis an gCiste um Athshamhlú Spásanna Amuigh faoin Aer. Bhí an deis ag pobal na healaíona ionchur a bheith acu sna tosaíochaí don chiste agus rinne an GCCN comhordú ar aighneacht ar bhain Comhairle Cathrach na Gaillimhe úsáid as mar bhonn chun iarratais a chur faoi bhráid an chiste. Tionchar/ Insoláthartha: -ranpháirtíocht le pobal na healaíona ionas go mbeidh riachtanais ghrúpaí áitiúla lárnach sa togra.

Rún maidir le Tús Áite don Tithíocht. Comhlacht Cinnteoireachta – SPC Tithíochta agus Cuimsithe Sóisialta. Moladh: rún ‘Chun iarraidh ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe rún a cheadú chun scríobh ag an Aire nó ag an Roinn agus iarratas a dhéanamh orthu maolú a dhéanamh ar na srianta do sheomra codlata amháin sa Chlár Tús Áite don Tithíocht ar mhaithé le freastal ar spriocanna.’ Toradh: Tacaíodh leis an rún seo agus scríobh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na Roinne maidir leis an iarratas.

Rún maidir le Maoir Pháirce. Comhlacht Cinnteoireachta – an Chomhairle. Moladh – rún chun Maoir Páirce a fhostú do Pháirc Mhuirlinne, do Pháirc Thír Oileáin agus do Choillte Bhearna. Rinne ionadaithe an GCCN ar an SPC um Ghníomhú ar

son na hAeráide, Comhshaol, Caitheamh Aimsire agus Áineas forbairt ar an togra seo. Toradh: Vótáil na Comhairleoirí ar a shon, mar sin féin, is Maoir Phobail seachas Maoir Pháirce a bhí sna poist nua.

Obair an SDG – SDGanna a neadú i bpleanáil chathrach. Cur chuige nuálach, trasearnála chun go mbeidh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe infheicthe i gCathair na Gaillimhe, déanann an GCCN comhordú ar Ghrúpa Oibre Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an LECP, lena n-áirítear, comhaltaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó ghníomhaireachtaí agus Comhairleoirí Chathair na Gaillimhe. Tá an tábhacht a bhaineann le SDGanna a neadú sa phleanáil chathrach aitheanta ag an ngrúpa, lena n-áirítear an Plean Forbartha Cathrach nua agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua. Ag leanúint ar aghaidh ón measúnú ar thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis an gcéad chéim i bpróiseas an Phlean Forbartha Cathrach i mí na Bealtaine tá tú curtha le comhoibriú chun díriú ar fheidmiú na SDGanna. Tacóidh an Grúpa Oibre i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe le hobair Chomhairleoirí Cathrach na Gaillimhe maidir leis na SDGanna a neadú sa phleanáil chathrach. Reáchtáladh ceardlann do Chomhairleoirí agus do Phleanálaithe dar teideal 'SDGanna agus Pleanáil Chathrach' i mí Iúil 2021. Rinne cainteoirí ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide plé ar an gcomhthéacs náisiúnta. Chuir cainteoirí ó OÉG samhail i láthair maidir leis na SDGanna a chuir i bhfeidhm i bpleanáil straitéiseach OÉG agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas seo. Tionchar/ Insoláthartha: - Tuiscint níos fearr a fhorbairt maidir leis an tábhacht a bhaineann le SDGanna a neadú sa phleanáil cathrach.

Sa bhliain 2021, lean an GCCN, chomh maith le nuachtlitir agus cumarsáid rialta, le faisnéis agus nuashonrúcháin maidir le COVID- 19 a scaipeadh ar na heagraíochtaí comhaltais go léir agus an bunachar sonraí poiblí nua a cruthaíodh sa bhliain 2020 do dhuine ar bith i gCathair na Gaillimhe ar mian leo cumarsáid oifigiúil a bhaineann le COVID- 19 a fháil. Sa bhliain 2021 lean an GCCN leis an leathanach gréasáin a bhaineann le faisnéis COVID- 19 a cruthaíodh an bhliain seo caite a thabhairt cothrom le dáta.

Maoiniú do Thionscnamh Gold Star a aimsiú. D'oibrigh an GCCN le Rochtaí do Chách agus le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe chun maoiniú a fháil ar mhaithle le Tionscnamh Gold Star a chur i bhfeidhm i gCathair na Gaillimhe ag teacht leis an tsamhail a úsáideadh i dTiobraid

Árann. Oibríonn an tionscadal leis na hearnálacha pobail, poiblí agus príobháideacha chun tacú le feidhmiú an UNCRPD ag leibhéal áitiúil. Déanfaidh an Tionscnamh Gold Star: Tacaíocht a thabhairt don earnáil phobail, phoiblí agus phríobháideach chun dul in oriúint agus bearta a ghlacadh chun a gcuid foirgneamh, taitneamhachtaí agus seirbhísí a dhéanamh níos fáiltí agus níos inrochtana don uile dhuine; Oibriú ar fud na hearnála chun freagairt don raon leathan bacainní agus saincheisteanna rochtana a bhí aitheanta ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag an bpobal i gcoitinne ag túis an tionscadail; Meitheal a bhunú a chuimsíonn daoine faoi mhíchumas, ionadaithe ó na gníomhaireachtaí atá ag cur seirbhísí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, gairmí/gairmithe an dearaidh uilíoch agus ionadaithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail agus déanfar pleán gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus oibreofar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an pleán gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm; Oibreofar leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i saol an phobail chun spásanna agus seirbhísí atá níos inrochtana a chruthú. Tabharfaidh an tionscnamh treoir agus oiliúint maidir le seirbhísí inrochtana a fheabhsú trí: 1. Caighdeán agus prionsabail an dearaidh uilíoch a chur i bhfeidhm, agus 2. Seirbhísí atá báúil le daoine faoi mhíchumas a chruthú. Tionchar/Insoláthartha: Aithníodh an gá le tuilleadh acmhainní chun díriú ar shaincheisteanna inrochtana. Forbairt an togra a bheith faoi stiúir na ndaoine siúd a mhaireann le taithí an mhíchumais.

Contae na Gaillimhe

Ghlacamar páirt i líne chabhrach tacaíochta pobail COVID- 19 le Comhairle Contae na Gaillimhe chun tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil don phobal. Chomhoibríomar le ETB na Gaillimhe Ros Comáin chun ceardlanna meabhairshláinte Chúig Bhealach chun na Folláine a sholáthar. Chuireamar oiliúint ar fáil do ghrúpaí chun cuidiú leo ó thaobh scileanna ar líne.

Abhcóideacht do Riachtanais Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ar an SPC.

Cur le hacmhainneacht – trínár gceardlanna oiliúna éagsúla PPN.

Aghaidh a thabhairt ag leibhéal áitiúil ar Ghníomhú ar son na hAeráide trí shraith d'oiliúint Comhshaoil.

Ionadaíocht – a chinntíú go bhfuil ionadaithe PPN ag fáil tacaíochta agus go bhfuil siad sásta ina gcuid ról.

Roinnt faisnéise – bhí faisnéis a fháil maidir le maoiniú a fháil amach agus an fhaisnéis sin a thabhairt dár gcomhaltaí thar a bheith tábhachtach le linn na bliana 2021 agus grúpaí ag iarraidh iad féin a atheagrú arís tar éis COVID- 19.

Ciarrai

An Fóram Freagartha Pobail. Ateangaireacht chomharthaíochta ar theachtaireachtaí Rialtais agus iad a scaipeadh ar an earnáil phobail, dheonach agus reachtúil. Bileoga fairtheora bithéagsúlachta chun tacú le daoine a bhí ag cocúnú. Máláí folláine #inthistogether. Nuashonrúchán rialta ón HSE, ón Údarás Áitiúil agus ó Ranna Rialtais á dtaispeáint ar leathanach baile an láithreáin gréasáin. Comhoibriú idirghníomhaireachta le hAoisbháúil Chiarrai, comhlachtaí forbartha áitiúla agus an PPN le "Ag Maireachtáil agus ag Dul in Aois go Folláin i gCiarrai" a chur ar fáil. Comhoibriú idirghníomhaireachta le Ciarrai Folláin chun straith straitéisí don fholláine phobail a chur ar fáil. Comhoibriú idirghníomhaireachta #In this together agus bhí sé seo diríthe ar dhaoine leocheileacha sa phobal chun pacáistí folláine a chur ar fáil chun cuidiú le meabhairshláinte agus le folláine. Dualgas na hEarnála Poiblí agus Cearta Daonna, cruinníú innheánach chun féachaint ar an gcur i bhfeidhm laistigh den Údarás Áitiúil, ag tógáil an fhoghlaím ó rannpháirtíochta an phobail san áireamh agus doiciméad "Rochtain do Chách". Comhoibriú idirghníomhaireachta le hAoibháúil, Comhairle Contae Chiarrai agus Pointí Teagmhála BROADBAND maidir le hoiliúint agus cur le hacmhainneacht.

Glaoch Maoinithe 2021 maidir le Feasacht ar Mhíchumas. Is éard atá mar chuspóir le Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta maidir le Míchumas (DPAF) 2021, maoiniú a sholáthar do na hÚdarás Áitiúla ar fud na hÉireann chun tacú le rannpháirtíochta daoine atá faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí áitiúla, cuidiú chun fáil réidh le bacainní i leith rannpháirtíochta pobail agus tacú le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chur i bhfeidhm i bpobail. Cuirfear €2.5m ar an iomlán ar fáil sa bliaín 2021 do na hÚdarás Áitiúla chun tabhairt faoi thionscadail ina gceantair áitiúla. Is €80,000 an t-uasmhéid faoin gCiste seo.

Beifear in ann úsáid a bhaint as an maoiniú seo do thionscaimh aonuaire agus do thionscadail ghearrthéarmacha go meántéarmacha. Ba cheart go gcuirfidh tionscadail agus tionscaimh cearta daoine faoi mhíchumas chun cinn trí fháil réidh leis na bacainní i leith rannpháirtíochta daoine faoi mhíchumas ina bpobail áitiúla, cur le feasacht ar an UNCRPD, agus cur le hinrochtaineacht. Beidh ar chumas údarás áitiúla an ciste seo a úsáid go díreach nó i gcompháirtíochta le heagraíochtaí áitiúla ar mhaithe le tabhairt faoi ghníomhartha: chun fáil réidh le bacainní i leith agus inrochtaineacht a fheabhsú chuig saol an phobail nó chuig gníomhaíochtaí pobail do dhaoine faoi mhíchumas; maoiniú a sholáthar do lónraí agus do chlubanna ag leibhéal áitiúil chun rannpháirtíochta na ndaoine faoi mhíchumas a leathnú ina gcuid gníomhaíochtaí; feasacht, tuiscint agus feidhmiú an UNCRPD a chur chun cinn; tacú le hacmhainneacht míchumais a fhorbairt laistigh den údarás áitiúil. Tá PPN Chiarrai i gcompháirtíochta le Comhairle Contae Chiarrai maidir leis an sruth maoinithe seo agus baineadh úsáid leathan as tuarascáil an PPN 2019 "Rochtain do Chách" chun tacú leis an iarratas ar mhaoiniú, d'fhéadfadh sé go raibh an deis ann leis na moltaí a bhí sa tuarascáil a neadú i mbeartas Comhairle Contae Chiarrai faoi seo. Tugtar léiriú leis seo ar an tábhacht leanúnach a bhaineann leis na moltaí atá sa tuarascáil "Rochtain do Chách" a mheabhrú do na coistí a bhfuil ionadaithe an PPN rannpháirteach iontu.

Rinneadh forbairt ar pháipéar eisiúna i gcomhar le comhalaíochta an PPN "Deiseanna d'Fhorbairt Inbhuanaithe Eacnamaíoch agus Pobail i gContae Chiarrai". Cuireadh an páipéar seo i láthair an SPC d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Pobail.

Clár maidir le Naics Oiliúna: Mar atá mínithe i gcomhfheagras roimhe seo chuig ionadaithe Rúnaíochta an PPN, is deis iontach atá i gceist anseo do ghrúpaí pobail ullmhú don bliaín 2022 le Pleanáil Straitéiseach agus Pleanáil Airgeadais. Tabharfaidh sé an deis do ghrúpaí pleanáil a dhéanamh do agus príomhréimsí nach mór dóibh aghaidh a thabhairt orthu a aithint, na haidhmeanna, spriocanna foriomlána a aithint agus plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm don bliaín 2022. Le Pleanáil Airgeadais freisin beidh an deis ag grúpaí tiomantaíseach agus tionscadal/eagraíochta a aithint agus maoiniú agus sruthanna maoinithe a aithint chun freastal ar na tiomantaíseach. Cuireadh an dá chúrsa ar fáil i mí na Nollag 2021. Bhí sé beartaithe go mbeadh foghlaim chumaisc ag teacht ó dhá ionad ar dtús, Ionad Pobail Dhairbhre, ceann

de na BCPanna (Pointí Naschta Leathanbhanda) agus Ionad Pobail Mhaigh Mheáin. Tá áit in Ionad Pobail Dhairbhre do sheisear (6) le freastal ar sheisiún oiliúna agus thug foireann an PPN faoi rith tástála le comhordaitheoir an ionaid chun a chinntí go raibh gach ní ag feidhmiú i gceart. Tá sé tábhachtach go spreagfaidh Comhalaí Rúnaíochta an PPN a gcomhaltas chun freastal ar an oiliúint atá á cur ar fáil ag an PPN. Rinne PPN Chiarraí poiblócht ar na seisiúin go léir trí Eventbrite agus rinne taifeadadh ar na seisiúin go léir ionas go mbeadh siad ar fáil mar acmhainn pobail agus tá sé sin go léir le fáil ar Chainéal YouTube PPN Chiarraí.

Tá ateangaireacht chomharthaíochta maidir le teachtaireachtaí aireach ó thaobh a bheith cuimsitheach go sóisialta. Thug PPN Chiarraí an méid sin ar aird an Stiúrthóra Seirbhíse agus tá sé curtha i bhfeidhmanois.

Rinne Ionadaí an PPN ar Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Pobail iarracht agus bhí rathúil ó thaobh rialachas agus dea-chleachtas a bhaint amach ag an gcruiinniú seo mar nach mbíodh na miontuairiscí roimhe seo faoi réir ag cead.

Cill Dara

Lean PPN Chill Dara d'fhaistéis a scaipeadh ar na grúpaí comhaltais go léir. Bhí beirt ionadaithe ag PPN Chill Dara ar Fhóram Freagartha Pobail COVID- 19 freisin.

An tSeachtain um Chuimsíú Sóisialta – bhí 24 imeacht ar siúl i gCill Dara a chuir cuimsíú sóisialta chun cinn.

Sheol comhaltaí na Rúnaíochta, tar éis aiseolas a fháil ó comhaltaí PPN Chill Dara, iarratas chuig Stiúrthóir Bóithre, lompair agus Sábháilteachta Pobail Chomhairle Contae Chill Dara ag lorg síneadh ar Athbhreithniú 2021 ar an gComhairliúchán Poiblí maidir le Teorainneacha Luais. Cuireadh síneadh leis an gcomhairliúchán, tar éis an iarratais seo, ar feadh 3 seachtaíne eile chun tuilleadh ama a thabhairt dár gcomhaltaí chun aighneachtaí a chur faoi bhráid.

D'éilih Ionadaithe an PPN go gcuirfeadh an LCDC beartais aeráid-dhíonach i bhfeidhm sna cláir/ deontais go léir atá á riadar. Glacadh go dearfach leis an moladh seo agus tá breithniú gníomhach á dhéanamh air.

Cill Chainnigh

Tá PPN Chill Chainnigh mar chuid d'Fhoghrúpa Gníomhaíochta agus Leithlisithe Sóisialta an Phobail Áitiúil maidir le Glaof an Phobail laistigh d'Údarás Áitiúil Chill Chainnigh. Chuimsigh an grúpa seo Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Áitiúil Chill Chainnigh, SEOanna, DOS, Gníomhaireachtaí eile ar nós an HSE, Alone, an Garda Síochána, an Comhaontas Aoisbhá, an Chosaint Shíbhialta, Compháirtíocht LEADER Chill Chainnigh, an CLG, Ring-a-link agus dreamanna eile. Rinne PPN Chill Chainnigh bainistiú ar Mhol lompair COVID- 19 a raibh Seirbhísí lompair Éigeandála Deonacha amhail an Chosaint Shíbhialta, Cumann Croise Deirge na hÉireann, Ord Mhálta, an tArm agus an Garda Síochána á chomhordú acu mar fhreagra ar riachtanais iompair an phobail

D'oibrigh PPN Chill Chainnigh i gcomhar le Comhairle na Seanóirí chun bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Táibléid Aoisbháil Acorn do dhaoine breacaosta a bhí scoite amach ón gcuid eile den phobal mar a bhí amhlaidh sa bláthain 2020. Ba é aidhm an tionscadail oibriú le daoine aosta agus múineadh dóibh leis an táibléad Acorn a úsáid mar uirlis chumarsáide. Is ar mhaith le maolú a dhéanamh ar aonrú sóisialta agus ar uaigneas agus cabhrú le daoine aonair cur lena gcuid scileanna agus coinneáil i dteagmháil lena ndaoine muinteartha agus le cairde. D'oibrigh PPN Chill Chainnigh leis an ETB agus le FRCanna chun tacaíochtaí breise IT a sholáthar do na rannpháirtithe. Tugadh cuid de na táibléid do chónaitheoirí na dtithe altranais pobail agus deonacha agus na n-áiseanna Cúram Chónaithigh Lánaimseartha.

Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireachta, Pleanáil agus Forbairt: Chuir Ionadaí Cuimsíú Sóisialta, Pobail agus Deonach moladh chun cinn a thacaigh le forbairt a dhéanamh ar Chosán Braille ar Shuíomh Cheathrú na Mainistreach i gCill Chainnigh. Is tionscadal comhoibrithe atá i gceist leis an togra seo le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI), PPN Chill Chainnigh agus Grúpa Rochtana Chill Chainnigh (an grúpa abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas i gCill Chainnigh). Áiríodh sa togra, bearta treochomharthaíochta ar fud an cheantair; agus forbairt cosán ar an gcosán coisithe tiomanta. Is réiteach inrochtaineachta nuálach den scoth atá sa Chosán Braille do dhaoine atá dall nó do lucht lagamhairc agus beidh sé ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn. Fuair

an togra tacaíocht agus tá PPN Chill Chainnigh, an NCBI agus Grúpa Rochtana Chill Chainnigh ag obair leis an Innealtóir Sinsearach, le hAiltirí agus leis an fhoireann ó shin chun Cosán Braille a chuimsiú sa suíomh.

D'oibrigh PPN Chill Chainnigh i gcomhar le Comhairle na nDaoine Scothaosta chun bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar tháibhléid Acorn Aoisbhách a thabhairt do bhaill níos sine sa phobal a bhí scoite amach go sóisialta. Ba é aidhm an tionscadail oibriú le daoine aosta agus múineadh dóibh leis an táibléad Acorn a úsáid mar uirlis chumarsáide. Rinneadh é seo chun an t-aonrú sóisialta agus an t-uaigneas a laghdú agus cabhrú le daoine aonair scilbhisiú a dhéanamh agus coinneáil i dteagmháil lena ngaolta, lena gcairde agus lena dteaghlaigh. Rinne PPN Chill Chainnigh iarratas ar mhaoiniú faoin bhFeachtas Fan Folláin chun 11 táibléad eile a cheannach le húsáid. Bhí 34 táibléad in úsáid faoi mhí na Nollag 2020.

D'oibrigh PPN Chill Chainnigh leis an BOO agus na FRCanna chun tacaíochtaí breise TF a chur ar fáil do na rannpháirtithe. Tugadh cuid de na táibléid do chóraitheoirí na dtithe altranais pobail agus deonacha agus na n-áiseanna Cúram Chónaithigh Lánaimseartha.

Thug PPN Chill Chainnigh faoi fheachtas meán spriocdhírithe i gcomhar le PPN Cheatharlach thar thréimhse 3 mhí chun léiriú a dhéanamh ar an obair agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do ghrúpaí pobail/ neamhbhrabúis/fointair shóisialta. Rinneadh é seo a léiriú trí KCLR96FM agus chuir ardú ar chomhaltas.

D'ardaigh an tlonadaí um Chuimsiú Sóisialta saincheist nach raibh athbhreithniú déanta ar Phlean Cur Chun Feidhme maidir le Míchumas, cuireadh an Plean le chéile sa bhliain 2008. Rinneadh an méid seo a bhreithníú agus tá athbhreithniú le déanamh ar an bplean sa bhliain 2022.

Thug PPN Chill Chainnigh i gcomhar le hlonad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh faoin gcéad searmanas de na Gradaim Phobail agus Dheonacha i gCill Chainnigh ina raibh dhá chatagóir tiomanta COVID- 19, catagóirí aonair agus grúpa araon a thaispeáin an leibhéal saorálaíochais le linn ghéarchéim COVID- 19 agus an lín grúpaí i gCill Chainnigh a d'fhreagair don ghéarchéim. Chuir sé an deis ar fáil freisin chun ceiliúradh agus comhghairdeas a dhéanamh leis na heagraíochtaí seo as an obair dheonach atá déanta acu thar thréimhse dhá bhliain.

Rinne PPN Chill Chainnigh, i gcomhar le hÚdarás Áitiúil Chill Chainnigh agus le Comhpháirtíocht

LEADER Chill Chainnigh, athbhreithniú ar an Straitéis um Imeascadh Iimirceach do Chill Chainnigh agus bhunaigh Grúpa Stiúrtha um Imeascadh Iimirceach agus cuireadh de chúram ar an PPN 3 chomhalta a thoghadh ón bPobal Iimirceach.

Rinne an tlonad Pobail agus Deonach agus Cuimsithe Shóisialta éileamh maidir le soláthar a dhéanamh chun costais árachais a chlúdach mar chuid de chuimsiú bille fóntais na Scéime Feabhsúcháin Pobail don bhliain 2021 chun fritháireamh/maolú a dhéanamh ar an ualach breise airgeadais ar ghrúpaí, go háirithe le linn COVID- 19. Chomhaontaigh Riarthóir an LCDC go bhféadfaí é sin a chur san áireamh faoin scéim mar go bhfuil téarmáí na scéime leathan agus nár luadh an méid sin mar mhír eisiatach.

Laois

Bhí ról lárnach ag PPN Laoise sa fhreagra ar COVID- 19 i Laois. Chruthaigh PPN Laoise Léarscáil Idirghníomhach dá chuid comhaltaí atá ag cur tacaíochtaí ar fáil do dhaoine leocheileacha i Laois. Tá 100 grúpa gníomhach ar an léarscáil atá le fáil i ngach ceantar ar fud an Chontae.

Fuarthas aiseolas dearfach maidir leis an Léarscáil Idirghníomhach ó na Comhairleoirí, ón Ardbhainistíocht agus ó Chomhairle Contae Laoise agus ó mhuintir an phobail i Laois. Bhí an léarscáil ar fáil ar láithreáin gréasáin an PPN agus Comhairle Contae Laoise araon. Roinneadh an Léarscáil leis an Líne Chabhrach Phobail. Acmhainn luachmhar a bhí sa Léarscáil Idirghníomhach ó thaobh daoine leocheileacha sa phobal a nascadh leis na tacaíochtaí a bhí Grúpaí Pobail a thairiscint le linn na dianghlásála náisiúnta ó mhí Eanáir go mí Aibreáin 2021. Bhí PPN Laoise mar chuid den Fhóram Freagartha Pobail ó thíos ama. Rinne Comhalta Rúnaíochta PPN agus Seaimpín Pobail agus Oibrí Acmhainne ionadaíocht ar an PPN.

Tá Oiliúint agus Forbairt Acmhainneachta an Ghrúpa Comhaltais mar cheann de 3 phríomhfheidhm an PPN. Chuir PPN Laoise oiliúint agus forbairt acmhainneachta ar fáil ar fud gach aon cheann de na 3 Philéar ar fud gach aon cheann de na 3 Cheantar Bhardasacha i Laois m.sh. Leideanna agus Cleasa maidir le hlarratais Deontais a Scríobh, Oiliúint ar na Meáin Shóisialta, Cainteanna maidir le Coiriúlacht a Chosc, Cainteanna maidir le Meabhairshláinte, Ceardlanna Comhshaoil.

Dhírigh coirpigh ar áitribh Grúpaí, go háirithe saoráidí Clubanna Spóirt le linn na dianghlásála

náisiúnta ó mhí Eanáir go mí Aibreáin 2021. D'eagraigh PPN Laoise, chun tacú le Grúpaí Pobail Cainteanna maidir le Coiriúlacht a Chosc leis an nGarda Síochána. Fuarthas aiseolas dearfach ó Ghrúpaí Spóirt ar fud an Chontae maidir leis an tionscnamh seo.

Bhí tionchar suntasach ag COVID- 19 ar mheabhairshláinte daoine. D'eagraigh PPN Laoise líon ceardlann ar chainteanna maidir le meabhairshláinte, lena n-áirítear, Clár Oiliúna maidir le Féinmharú a Chosc leis an HSE agus le 5 Bhealach chun na Folláine le Meabhairshláinte Éireann. D'oibrigh PPN Laoise i gcomhar le hÉire Shláintiúil, d'eagraigh Comhairle Contae Laoise Cártai maidir le Seiceáil Isteach Laoise. Thacaigh an tionscnamh le daoine a d'fhéadfadh a bheith ag mothú go bhfuil siad scoite amach mar gheall ar COVID- 19. Scaip PPN Laoise os cionn 1,000 Cáarta maidir le Seiceáil Isteach Laoise ar Ghrúpaí Comhaltais PPN. Rinne an tionscnamh seo daoine leochaileacha a d'fhéadfadh a bheith ag mothú go bhfuil siad scoite amach a nascadh leis an nGrúpa Pobail Áitiúil nó leis an Líne Chabhrach Phobail.

Ardaíodh an tsaincheist maidir le glaonna teileafón calaoiseacha/ /téacsanna scéiméireachta ag Cruinní an JPC. Toradh - D'eagraigh PPN Laoise Lá Domhanda na Meabhairshláinte an Gharda Síochána do Chomhaltaí an JPC. Cuireadh caint ar leithligh ar fáil do Ghrúpaí Comhaltais an PPN.

Gabhann buntáistí fisiciúla agus meabhairshláinte leis an nGarraíodóireacht. D'eagraigh PPN Laoise ceardlann 4 seachtaine maidir le Garraíodóireacht an Earraigh. Mhol Grúpaí Pobail an tionscnamh a bhí mar bhealach dearfach ó thaobh scaoileadh le strus le linn na dianghlásála náisiúnta, ag cur na deise ar fáil do rannpháirtithe cur an méid is fearr is féidir lena spás garraíodóireachta agus chuidigh sé leo ceangal a chruthú lena gclann agus le clann a gclainne.

Rinne PPN Laoise iarratas go n-eiseofaí ar Chomhaltaí an SPC Tithíochta agus Pleanála ar bhonn tréimhsíúil, leabhrán a eisíodh roimhe seo sa bhliain 2018 ina bhfuil mionsonraí ar áitribh atá folamh agus ar thionscadail titheachta atá ar na bacáin. Chuidigh na Comhairleoirí leis an iarratas. Toradh – Chomhaontaigh an tÚdarás Áitiúil tabhairt faoin ngníomh seo.

D'eagraigh PPN Laoise oiliúint ar na Meáin Shóisialta do Ghrúpaí Comhaltais PPN Laoise.

Chuir sé seo an deis ar fáil do Ghrúpaí cur lena bpróifil nuair nach raibh na bealaí traidisiúnta ar nós laethanta oscailte agus cuairteanna ar scoileanna ceadaithe.

Feidhmiú mar mhol faisnéise atá ar cheann de 3 phríomhfheidhmeanna atá ag an PPN. Cuireann PPN Laoise nuashonrúcháin rialta ar fáil maidir le deiseanna maoinithe do na Grúpaí Comhaltais. D'oibrigh PPN Laoise i gcomhar le Rannóg Spóirt Chomhairle Contae Laoise chun faisnéis a chur ar fáil agus tacú le clubanna ó thaobh iarratais ar Deontais Caipitil Spóirt. D'éirigh le 55 club spóirt Deontais Caipitil Spóirt a fháil. Rachaidh sé seo chun leasa do Chlubanna Spóirt agus do na pobail áitiúla go ceann na mblianta.

Chruthaigh PPN Laoise Léarscáil Idirghníomhach de Ghrúpaí Pobail a bhí ag cur tacaíochtaí ar fáil do dhaoine leochaileacha le linn COVID- 19. Chuir 100 Grúpa Pobail tacaíochtaí ar fáil. Bhí grúpa ar fáil chun tacaíochtaí a sholáthar i ngach pobal tuaithe agus uirbeach sa Chontae. Bhain Líne Chabhrach Chomhairle Contae Laoise úsáid as an Léarscáil Idirghníomhach. Acmhainn luachmhar a bhí sa Léarscáil Idirghníomhach ó thaobh daoine leochaileacha sa phobal a nascadh leis na tacaíochtaí a bhí Grúpaí Pobail a thairiscint le linn na tréimhse agus an thír faoi dhianghlásáil ó mhí Eanáir go mí Aibreáin 2021. Chuir an Príomhfheidhmeannach, na Comhairleoí agus daoine leochaileacha i Laois béisim ar na buntáistí a bhain leis an Léarscáil Idirghníomhach.

Bhí PPN Laoise mar chuid den Ghrúpa Stiúrtha Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Laoise. Is éard a bhí i gceist go dtacódh Grúpaí Pobail ar nós Clubanna Spóirt agus gnólachtaí le máithreacha a bhí ag beathú a leanaí ar na cíocha. Is é Contae Laoise an dara (2ú) Contae leis an tionscnamh seo a sheoladh. Rinne PPN Laoise teagmháil le Cumann Lúthchleas Gael (CLG) Laoise a bhí ar an gcéad Bhord Contae a thacaigh leis an tionscnamh agus bhí Páirc an Mhúraigh ar an gcéad Pháirc Chontae a thug a dtacaíocht don tionscnamh. Thacaigh líon móir Grúpaí Comhaltais PPN leis an tionscnamh.

D'eagraigh PPN Laoise Ceardlanna ar Leideanna agus Cleasa maidir le hlarratais Deontais a Scríobh. Bhí tionchar ag COVID- 19 ar ábaltaí Ghrúpaí Pobail airgead a bhailíú ar bhealaí traidisiúnta ar nós Lató Clubanna, crannchuir agus bailiúcháin ar an ngeata. Bhí an oiread sin éileamh ar na Ceardlanna ar Leideanna agus Cleasa maidir le hlarratais Deontais

a Scríobh gur eagraíocht dáta eile. Bhí ardú ar líon na n-iarratas deontais a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Laoise.

Tá Nasc Laoise ag teacht le Lá Domhanda na Meabhairshláinte. Is tionscnamh de chuid Laoise atá i gceist anseo a thugann PPN Laoise, Comhairle Contae Laoise, an HSE, Meabhairshláinte Éireann agus compháirtithe eile le chéile chun meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn. Rinneadh imeacht míosúil de seo mar gheall ar thionchar COVID- 10 sa bhliain 2021 in áit imeacht seachtainiúil. D'eagraigh PPN Laoise 2imeacht - Dreas Cainte maidir le Féindochar leis an HSE agus Dreas Cainte maidir le Scéal Meabhairshláinte Rory. Is abhcóide meabhairshláinte, údar sárdhíola agus fear grinn é Rory O'Connor agus tá os ciorn 1 milliún lucht leanúna ar na meáin shóisialta aige. Bhí líon mór daoine den uile aois agus ón uile chúlra i láthair don imeacht ar an láthair seo agus bhí buntáistí na cainte á mholadh go hard acu.

D'eagraigh PPN Laoise, agus na srianta á n-éascú, líon imeachtaí lasmuigh ar nós, Siúlódí Oidhreachta le hOifig Oidhreachta Laoise. Chuir Grúpaí Pobail i Laois fáilte roimh an deis ó thaobh dul i mbun líonraithe chun foghlaim faoi oidhreacht shaibhir Laoise.

D'eagraigh PPN Laoise Imeachtaí Comhshaoil Lasmuigh, lena n-áirítear, ceardlanna sealgaireachta. Agus an thír ag teacht as géarchéim COVID- 19 fuair an pobal an deis teagmháil a dhéanamh arís leis an dúlra. Bhain an lucht freastail tairbhe as foghlaim faoi phlandaí agus caora is féidir a ithe agus as leigheasanna luibhe.

Bhain saincheist mhór le linn COVID- 19 le scéiméireacht teileafóin agus téacs. Ardaíodh an t-ábhar seo ag cruinniú JPC Laoise. D'eagraigh PPN Laoise comhrá leis an Oifigeach Coiscthe Coireachta do chomhaltaí an JPC, do Chomhairleoirí agus do Ghrúpaí Comhaltais an PPN.

Sheol PPN Laoise i gcomhar le Comhairle Contae Laoise agus Éire Shláintíúil Cártáí maidir le Seiceáil Isteach Laoise. Scaipeadh iad seo ar dhaoine leocheileacha trínar líonra mór de Ghrúpaí Comhaltais. Thug sé seo an deis do dhaoine a bhí ag mothú go raibh siad scoite amach le linn COVID- 19 ceangal leis an Líne Chabhrach Phobail nó lena nGrúpa Pobail áitiúil.

Chuir PPN Laoise nuashonrúchán rialta ar fáil le linn COVID- 19 do Ghrúpa Comhaltais PPN Laoise trí Salesforce agus trína meáin shóisialta.

Liatroim

Bhíothas chun tosaigh i Liatroim ó thaobh idirghabhálacha agus tacaíochtaí COVID- 19 a scaipeadh.

Luimneach

Ceist ó ionadaí an LPPN ar an SPC maidir le tionchar COVID- 19 ar Ealaín agus ar Chultúr i Luimneach – Tá grúpa oibre bunaithe agus tá maoiniú do thaghdeoir ceadaithe.

Mar thoradh ar mhír ar an gclár oibre a comhaontaíodh ag cruinniú iomlánach mhí na Nollag 2020, cuireadh an mhír faoi chruinniú Comhairle iomlán i mí an Mhárta gur chóir go n-áireodh buanorduithe do na SPCanna an méid seo a leanas “sa mhéid gur chóir doiciméad praiticiúil cruinnithe a scaipeadh dhá lá roimh chruinniú chun deis a thabhairt chun d'ionadaithe earnála dul i gcomhairle lena gcuid earnálacha maidir leis an ábhar. Níor chóir go mbeadh tionchar ar bhaillíocht an chruinnithe sa chás nach bhfaigheann comhalta nó comhaltaí ar bith den choiste na doiciméid”. Glacadh leis seo ag an gcrúnniú Comhairle iomlán agus ceartaíodh buanorduithe don na SPCanna. Bhí sé seo san áireamh freisin i Meabhrán Tuisceana an LPPN le Comhairle Contae Luimnigh sa bhliain 2021.

Chuir an SPC Pobail, Caitheamh Aimsire agus Cultúir in iúl i mí lúil 2021 tar éis cur i láthair inar mionsonraíodh sa Chreat Náisiúnta an Tionscnamh Compháirtíochta Spóirt “Cathracha Gníomhacha”, gurbh iad na chéad chéimeanna eile ná Grúpa Stiúrtha a chur le chéile chun treallús a chur faoin tionscnamh. D'fhiosraigh ionadaí an LPNN na meicníochtaí a bhí i bhfeidhm don léiriúchán agus do rannpháirtíochtaí an oiread grúpaí agus coistí ábhartha agus is féidir. Cuireadh in iúl go mbeadh ainmniúchán á lorg ag an gCompháirtíochta Spóirt ón PPN don Ghrúpa Stiúrtha seo.

D'fhiosraigh ionadaí an PPN sprioc beartaithe Ollscoil Luimnigh (UL) chun stádas Criost Forbartha (SDZ) a bhaint amach do na tailte atá in aice leis an gcampus. Chumasódh stádas SDZ seachadadh mear maidir le forbairtí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha nua. Tagraíodh d'fhorbairt an bhaile nua in aice leis an gcampus mar (údar imní) ag coiste beartas straitéisearch Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Is ceapach 200 acra ar thaobh an Chláir den champs atá san SDZ beartaithe. I gcrúnniú mhí na Nollag den SPC filleadh arís ar shaincheist an ionadaí, ag labhairt thar ceann Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Luimnigh, cuireadh an cheist maidir leis an tionchar

a bheadh ag an togra beartaithe SDZ ar “leas leanúnach lár na cathrach i Luimneach. “Creidimid go scarann an fhobairt an ollscoil ó shaol na cathrach seachas an péire a thabhairt le chéile. Cuirfidh sé srian agus moill ar fhobairt ar ghné lár na cathrach d’fhobairt na hollscoile a bhfuil an-fháilte roimpi”. Ghlac oifigeach sinsearach de chuid an Údarás Áitiúil buíochas leis an PPN mar gheall gur ardaíodh an fhadhb, agus dúirt gur fadhb í ar bhain údar imní léi a bhí i gceist do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chomh maith le lucht trádála na cathrach. Dúirt urlabhraí ón Ollscoil go raibh UL tiomanta i gcónaí do lár na cathrach beag beann ar thogra an SDZ. Chuir ionadaithe an PPN ceisteanna sonracha maidir le cibé a raibh spriocanna UL ag teacht le dréachtphlean forbartha Luimnigh 2022-2028 agus cibé ar tugadh faoi aon chomhairliúcháin nó taighde chun tionchar forbairt bheartaithe UL ar Lár na Cathrach i Luimneach mheas. Bhí tuairimí agus saincheist an PPN féin sa nuacht náisiúnta in Alt de chuid an Irish Examiner.

SPC Pobail, Caitheamh Aimsire agus Cultúir – Tar éis moladh ó ionadaí an PPN i gcuirinniú SPC níos túisce sa bhliain 2021 bunaíodh Grúpa Oibre Uathachais leis an sainchúram féachaint ar bhealaí le Luimneach a dhéanamh níos cuimsí agus níos báúla le huathachas. Thug Dréacht-Ghrúpa Oibre Uathachais tuairisc ar ais chuig an SPC ina raibh na moltaí. Ar an bpríomh-mholadh a bhí ag an nGrúpa bhí, go mbeadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar eagraíocht phíolótach ó thaobh Cathair agus Contae a fhobairt, cathair agus contae a bheadh báúil le huathachas agus go mbeadh Céim a haon sna réimsí ina mbeadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag trasnú go díreach leis an bpobal ar nós i Seirbhísí Tacaíochta, Turasóireachta agus Cultúr Pobail, comhshaol agus comhfhorbairt áite. Beidh sé mar aidhm acu mar eagraíocht phíolótach go mbeidh na gníomhartha comhaontaithe insoláthartha, stuama agus inbhuanaithe agus go gcomhoibreoidh siad leis na príomhchomhpháirtithe leasmhara agus go lorgóidh siad sainchomhairle de réir mar a bheadh gá leis. Tá plean gnímh curtha i bhfeidhm maidir leis na chéad chéimeanna eile.

An Longfort

Chomhoibrigh PPN le gach cuallacht de chuid Bhantracht na Tuaithe (ICA) sa chontae faoin bhFeachtas Keep Well atá maoinithe tríd an gCiste d’Athléimeacht an Phobail. Sheiceáil na baill foirne ar fad de chuid an ICA ar dhaoine atá ag maireachtáil ina n-aonar, cuireadh glaonna guthán, seoladh cártá/litreacha etc. Tá go leor comhaltaí den ICA aosta agus ag maireachtáil ina n-aonar agus dá bharr sin, bhí sé seo ina bhealach iontach dóibh bheith páirteach agus dul i ngleic le bheith ag mothú scoite.

Scaipeadh eolas maidir le Covid-19 ar na comhaltaí ar fad.

Le linn na seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Dheireadh Fómhair 2021, thaispeán PPN an Longfoirt Film 2040 ina bhfuair 100 comhalta an ceadúnas chun breathnú ar an scannán ina gcompord sa bhaile. Chomh maith leis sin, thacaíomar le seoladh Lónra Comhshaoil Áitiúil an Longfoirt (LLEN). Glacadh go maith le cuir i láthair ó Oifigeach Forbartha PPN, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach LCC agus Comhordaitheoir Lónra Comhshaoil na hÉireann (IEN) ag an seoladh a bhí ina chúis le tuiscint níos fearr ar an athrú aeráide ar fud an lónra agus inar cuireadh ar chumas daoine aonair a bhí ag dul isteach i LLEN.

D'oibrigh Oifigeach Forbartha Cuimsithe Shóisialta PPN an Longfoirt agus Oifigeach Forbartha FAI an Longfoirt ar chomhshaothar inar rolladh amach campá peile samhraidh do 15 leanbh le huathachas. Ciallaíonn sé seo an chéad uair a reáchtáladh tionscnamh den chineál seo sa tir agus tá sé beartaithe ag an FAI an tionscnaimh a reáchtáil i gcontaetha eile amach anseo. Ó bhí an chéad champa ann i mí Lúnasa 2021, chuir tuismitheoirí oiliúint um Chosaint agus Feasacht ar Mhíchumas i gcrích. Chomh maith leis sin, ghlac siad páirt i gclár Uathachais 5 seachtaine i Meathas Troim inar chuidigh tuismitheoirí mar chóitseálaithe d'fhoinn club a fhobairt sa Longfort inar féidir struchtúr “Peil do Chách” a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh cláir pobail den chineál seo in ann bheith níos inbhuanaithe. Toisc go bhfaca tuismitheoirí tortháí maithe, bhí siad níos oscailte éisteacht faoin mbealach inar féidir leo a nguthanna a léiriú ag leibhéal an rialtais áitiúil tríd an PPN

agus faoina thábhactaí atá sé bheith mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Bunaíodh grúpa do Mhná Mionlaigh mar fhreagra ar riachtanas a chuir an pobal in iúl. Maoiníodh éascaitheoir chun oibriú leis an ngrúpa. Tacaíodh le mná ó phobail nua ó ar fud an chontae agus cuireadh faisnéis ar fáil maidir le seirbhísí éagsúla thar thrí cheim. Bhí sé seo ina chomhshaothar pobail idir an PPN, Women's Link an Longfoirt, Lus na Gréine agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (FRCanna) Bridgeways. Ghlac 26 bean páirt ann.

Fágadh Straitéis Náisiúnta na mBan as an Aguisín i ndoiciméid pholasaí ábhartha i dtreoirlínte an LECP – Chuir Ionadaí Cuimsithe Shóisialta an PPN é sin in iúl ag an LCDC agus aontaíodh go gcuirfí an straitéis san áireamh mar chuid de chainteanna amach anseo maidir leis an LECP.

Deacracht ag ionadaithe PPN míreanna a chur le clár oibre SPC. Insíodh d'ionadaithe nach bhféadfaidís mír a chur leis an clár oibre toisc go raibh sé seolta amach cheana féin, dá bharr sin, d'iarr siad go gcuirfí iad ar an eolas sula gcuirfí an chéad chlár oibre eile don chruinniú i gcúrsaíocht. Tá sé seo ag tarlú faoi láthair i ndáil leis an SPC áirithe seo agus tá ionadaithe PPN ar SPCanna eile ag déanamh an rud céanna. Tá míreanna ar an gclár oibre curtha san áireamh sna miontuairisci ionas gur féidir le hlonadaithe nuashonruithe a iarraidh faoi nithe atá tagtha chun cinn. Tá sé ar cheann de na dúshláin a bhaineann le bheith mar ionadaí PPN, ag dul i dtáithí ar na modhanna oibre agus iad a úsáid chun tairbhe a dhéanamh dúinn. Sampla de shaincheist is ea go bhfuil ionadaí PPN ar an SPC Bonneagair ag iarraidh bheith curtha san áireamh sa chomhairliúchán maidir le Plean Gnímh nua do Dhaoine gan Dídean. Léiríonn na dréacht-mhiontuairisci go bhfuil mír ar an gclár oibre aici, agus is é an cheist atá ann anois é a choinneáil ar an gclár oibre.

Tacaíodh le comhaltaí an Lónra um Dhaoine faoi Mhíchumas.

Leanann ionadaí um Dhaoine faoi Mhíchumas PPN ar an SPC Bonneagair den cheist a ardú maidir le doiciméid/leabhráin/cuir i láthair a chur le chéile (costas san áireamh) gan aon chodarsnacht datha do dhaoine lagamhairc ar nós trí bánghorm nó dath bradáin éadrom a úsáid ar chúlra bán nach féidir a léamh. Chomh maith leis sin, tá priontáil ar pháipéar lonrach ina chúis le dallrú. Cuireadh in iúl di go bhfuil

na treoirínte á gcomhlíonadh ach leanann sí i mbun abhcóideachta. Níor réitíodh an tsaincheist go dtí seo.

D'fhiabraigh Ionadaithe PPN ar an LCDC faoi Leabharlann Uirlisí a Chruthú – le linn na cainte, cuireadh an fhéidearthacht maidir le Fiontar Sóisialta a chruthú atá dírithe ar oiliúint mar rogha/iniamh tairbhiúil. Moladh ag an gcrúinniú LCDC go bhféadfad an Rúnaíocht PPN iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun staidéar indéantachta a chur i gcrích. Cuireadh in iúl don LCDC nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar shrianta acmhainne reatha an PPN.

Bhí PPN an Longfoirt ar an gcéad PPN sa tir chun páirt a ghlacadh agus urraíocht a dhéanamh ar an gclár do Chéimithe. Tá an clár do Chéimithe ina chlár saoránachta agus daonlathais do dhaltaí meánscoile in Éirinn atá maoinithe ag an rialtas, rialtas áitiúil agus an AE. Is é misean an chláir dul i dteagmháil le daoine óga, iad a chur ar an eolas agus inspiráid a thabhairt dóibh le linn dóibh páirt a ghlacadh i gclár oideachais ar líne ar tráth na gceist seachtainiúil é go bunúsach agus tá sé dírithe ar sprioclucht spéise de bhereis agus 360,000 dalta dara leibhéil. Ba é an duais i leith é a bhuchan an deis chun taithí a fháil ar an mbealach ina n-oibríonn daonlathas na hEorpa trí chuaireadh a thabhairt ar an mBriséil, Lucsamburg agus lá ioamlán amháin i bParlaimint na hEorpa i Strasbourg. Le linn an chláir, fuair na daltaí an deis foghlaim faoi thopaicí éagsúla ar nós litearthacht airgeadais, daonlathas agus rannpháirtíocht, an comhshaol agus dramhaíl, inbhuanaitheacht, athrú aeráide, sláinte agus folláine, cearta agus leas, rialacháin agus teileachumarsáid, fiontraíocht, gairmeacha agus cúrsaí. Bhí an-chaint sna scoileanna maidir leis an PPN agus fuarthas aiseolas iontach ó mhúinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí.

D'fhiabraigh Ionadaí Comhshaoil an PPN ar an LCDC maidir le maoirseacht agus cuntasacht i ndáil le maoiniú a bhrontar, go háirithe maoiniú do Mhoil Chianoibre. Cuireadh in iúl di nach raibh aon maoirseacht ann faoi láthair do shruthanna maoinithe do Mhoil Chianoibre. Bhí sé seo ina ábhar imní toisc go mbreathnaíonn sé gur féidir le daoine mol a chur ar bun (gan staidéar indéantachta), agus iarratas a dhéanamh arís is arís eile do mhol a bhféadfad sé nach mbeadh sé ag teastáil, nach bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus atá eisíatach ar chuíseanna airgeadais agus/nó fisiceacha. Ní dhearnadh aon ghníomh go fóill.

Lú

Bhí ról barrthábhachtach ag PPN Lú i gCumarsáid maidir le Covid-19 le baill den phobal: cuireadh nuashonruithe leanúnacha maidir le Covid-19 agus faisnéis thábhachtach ar fáil ó pháirtithe leasmhara barrthábhachtacha maidir le sláinte, maoiniú, oiliúint, seimineáir ghréasáin, tacaíochtaí, comhairle agus i bhfad níos mó ná sin trínár nuachtlitir sheachtainiúil an Friday Communiqué agus ar ár n-ardáin meán sóisialta; leathanach gréasáin ar leith maidir le Covid-19 ar ár láithreán gréasáin PPN; úsáid shaor in aisce a bhaint as cuntas Zoom an PPN d'fhonn iad a choinneáil nasctha agus chun éascaíocht a dhéanamh ar chruinnithe; 'Pacáistí Tacaíochta PPN maidir le Covid-19' a ullmhú agus a chur ar fáil ina bhfuil earráí thíthábhachtacha ar nós aghaidh mhaisc, lámhainní, díghalrán lámh, difhabhtán agus póstaer faisnéise do Chomhaltaí PPN chun cuidiú leo a gcuid seirbhísí a athoscailt i ndiaidh na dianghlásala. Mionsonraí maidir le deontais maoinithe chun cuidiú leis an bhfreagra i leith Covid agus cosaint i ngrúpaí tugtha amach dár gcomhaltaí trínár Communique seachtainiúil.

Tá lonadaithe PPN ar an LCDC páirteach go mór laistigh den choiste a bhfuil ionchur bailí acu agus a chuidíonn le deontais a cheadú.

Bhí ról lárnoch ag PPN Lú i seachadadh an chláir idirghlúine Super Connectors a spreagann daoine aosta chun glacadh leis an teicneolaíocht dhigiteach agus í a fhoghlaim in éineacht le daoine óga atá tiomanta chun iad a mhúineadh. Mar chuid den chlár seo, reáchtáil an PPN comórtas Super Connectors inar tugadh cuireadh don phobal grianghraif díobh a chur isteach agus iad i dteaghmáil le duine muinteartha ag baint úsáide as FaceTime, Skype, ZÚM nó bealaí eile agus gach iontráil curtha san áireamh i gcrannchur chun dearbhán 'siopa áitiúil' a bhuachan.

Maigh Eo

Reáchtáil PPN Mhaigh Eo Ceardlanna Pobail: Áiríodh leis na ceardlanna seomraí briseadh amach ina bhfuair grúpaí pobail an deis bualadh lena chéile agus nascadh ar líne le grúpaí ina gceantar faoi seach. San imeacht éascaithe seo, iarradh ar ghrúpaí iniúchadh a dhéanamh ar leideanna maidir leis an mbealach chun oibriú lena chéile agus acmhainní a chomhroinnt ar líne mar gheall ar an bPaintéim Covid-19. Ar an mbealach ina bhféadfadh grúpaí tacaíocht a lorg, líonrú agus smaointe a chomhroinnt. Comhairle maidir leis an

tairbhe a bhaineann le grúpaí pobail a bheith ag oibriú lena chéile maidir le deiseanna ar maoiniú dá bpobal.

Ba ar Bhéal an Átha a bhí an spotsolas an 12-13 Samhain 2021 nuair a chomóir PPN Mhaigh Eo, i gcomhar le hOfiug um Ghníomhú ar Son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo deireadh Chomhdháil um Ghníomhú ar Son na hAeráide na Náisiún Aontaithe COP 26 i nGlaschú le dhá lá de chainteanna, ceardlanna, taispeántais agus siúlóidí thart ar Bhéal an Átha. Reáchtáladh imeachtaí do dhaoine óga, do ghrúpaí pobail, do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí. Spás a bhí anseo do phobail i Maigh Eo foghlaim óna chéile maidir leis an mbealach chun a lorg carbóin a laghdú agus tacaíochtaí agus deiseanna maoinithe atá ar fáil a athint.

Tugadh cuireadh do Cheann gach aon Cheantair Bhardasaigh labhairt ag gach aon cheardlann MD maidir leis an mbealach inar féidir leo tacú le grúpaí pobail le linn na Paindéime.

Bhí lonadaí maidir le Coiste um Pholasáí Straitéiseach ina chuid d'fhochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasáí. Cuireadh moltaí faoi bhráid an choiste maidir leis an bpolasaí. Cuireadh in iúl don fhochoiste, go raibh a gcuid moltaí ar feitheamh ar cheadú ón gComhairle Contae agus ó Chomhairleoirí. D'ardaigh lonadaí an PPN ceist maidir leis an gcúis a bhfuil siad ar choiste más féidir leis na Comhairleoirí a gcinneadh a shárú. Tá an tsaincheist le hardú ag lonadaí NAG na Rúnaíochta ag Cruinníú Náisiúnta Rúnaíochta.

Thacaigh PPN Mhaigh Eo le 'OutWest Social Inclusion Educational Webinar'. Tá OutWest ina grúpa deonach sóisialta, tacaíochta agus abhcóideachta do dhaoine LGBT+ in larthar na hÉireann. Mar aon le hobair abhcóideachta agus feasachta a dhéanamh, lena n-áirítear seisiúin oideachais, chun tairbhe a dhéanamh don phobal LGBT+, i gConnachta agus ag leibhéal náisiúnta araon. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa, turais agus imeachtaí sóisialta a eagrú roinnt uaireanta sa blhia in láithreacha éagsúla in larthar na hÉireann, mar aon le hobair abhcóideachta agus feasachta a dhéanamh, lena n-áirítear seisiúin oideachais, chun tairbhe a dhéanamh don phobal LGBT+, i gConnachta agus ag leibhéal náisiúnta araon. Bhí OutWest ar cheann de bhunaitheoirí den Líne Chabhrach Náisiúnta LGBT, mar aon le Bród Mhaigh Eo a bhíonn ar siúl gach bliain ó 2017. Níos déanaí fós, d'oscail an grúpa lonad Buail Isteach do dhaoine LGBT+ i gCaisleán an Bharraigh,

Maigh Eo. Is spás sóisialta sábháilte é seo chun deis a thabhairt do dhaoine LGBT+ buaileadh lena chéile in atmaisféar suaimhneach agus cairdiúil agus chun imeachtaí grúpa agus saincheisteanna LGBT+ a phlé. Bíonn aghaidheanna nua le feiceáil go rialta agus bíonn fáilte rompu i gcónaí. Bhí ríméad ar PPN Mhaigh Eo tacú leis an seimineár gréasáin OutWest, bhí freastal níos mó i láthair, agus bhí an t-aiseolas dearfach agus oideachasúil araon.

Lá Oscailte Fíorúil do Phobal PPN Mhaigh Eo – Deireadh Fómhair 2021. Tugadh ‘Connecting communities while staying apart’ ar an Imeacht um Chuimsíú Sóisialta seo. Bhí sé seo ag leanúint de na cruinnithe Ceantair Bhardasagh PPN Mhaigh Eo a tionóladh níos luaithe i mí an Mheithimh 2021 agus a bhí oscailte do lánchomhaltaí lomlánacha. Bhí sé seo ina dheis do ghrúpaí nascadh le heagraíochtaí eile ina gceantar. Breathnaíodh ar shócmhainní pobail, tacaíochtaí agus réitigh do ghrúpaí pobail. Tríd an imeacht seo, cuireadh foireann uirlísí ar fáil chun faisnéis a shluafhoinsíú maidir lena gceantar agus breathnú ar leideanna faoin mbealach chun oibriú in éineacht le heagraíochtaí eile ina gceantar. Is é an aidhm atá i gceist Léarscáil Pobail idirghníomhach PPN a fhurbairt ina liostófar na grúpaí pobail ar fad atá cláraithe le PPN Mhaigh Eo. Ar an léarscáil, liostófar saoráidí agus acmhainní na ngrúpaí i ngach aon cheann de na Ceantair Bhardasacha. Bhí an tionscnamh seo ina chuid de Sheachtain um Chuimsíú Sóisialta Mhaigh Eo.

Tarraingíodh aird ar na himeachtaí ar líne atá ar siúl i bpobail i Maigh Eo agus ardaíodh feasacht ar cheardlanna agus oiliúint arna reáchtáil ag páirtithe leasmhara eile go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí Covid-19.

Lá Oscailte Fíorúil don Phobal PPN Mhaigh Eo. I mí Dheireadh Fómhair 2021. Tugadh ‘Connecting communities while staying apart’ ar an Imeacht Cuimsithe Shóisialta seo. Bhí sé seo ag leanúint de na cruinnithe Ceantair Bhardasagh PPN Mhaigh Eo a tionóladh níos luaithe i mí an Mheithimh 2021 agus a bhí oscailte do lánchomhaltaí lomlánacha. Bhí sé seo ina dheis do ghrúpaí nascadh le heagraíochtaí eile ina gceantar. Breathnaíodh ar shócmhainní pobail, tacaíochtaí agus réitigh do ghrúpaí pobail. Tríd an imeacht seo, cuireadh foireann uirlísí ar fáil chun faisnéis a shluafhoinsíú maidir lena gceantar agus breathnú ar leideanna faoin mbealach chun

oibriú in éineacht le heagraíochtaí eile ina gceantar. Is é an aidhm atá i gceist Léarscáil Pobail idirghníomhach PPN a fhurbairt ina liostófar na grúpaí pobail ar fad atá cláraithe le PPN Mhaigh Eo. Ar an léarscáil, liostófar saoráidí agus acmhainní na ngrúpaí i ngach aon cheann de na Ceantair Bhardasacha. Bhí an tionscnamh seo mar chuid de Sheachtain um Chuimsíú Sóisialta Mhaigh Eo.

Chuir PPN sraith oiliúna agus ceardlanna SAOR IN AISCE ar fáil do Ghrúpaí Pobail. Cuireadh gné san áireamh maidir le folláine mar aon le sliotán maidir le fanacht sábháilte i do phobal i ngach ceardlann PPN agus cruinníú MD, Gnéuacht Dé hAoine – inar cuireadh imeachtaí agus gníomhaíochtaí Grúpaí Pobail le linn na paindéime i láthair.

Cur i láthair PPN do Bhothán na bhFear maidir le hoiliúint PPN agus na tairbhí a bhaineann le grúpa Bhothán na bhFear bheith ag baint leas as oiliúint PPN d’fhonn an bhallaíocht a mhéadú agus dul ar líne.

An Mhí

Coinniodh Líonra Tacaíochta Pobail na Mí isteach sa bhliain 2021.

Agus é á fhurbairt ar dtús i mí an Mhárta 2020, d’oibrigh an PPN le grúpaí pobail chun líonra tacaíochta áitiúil a fhurbairt agus a chur chun cinn ar fud Chontae na Mí. Is iad grúpaí comhaltaí a bhfuil eolas áitiúil acu a rinne forbairt ar an líonra agus cuireadh cinnteacht ar fáil do phobail go raibh tacaíochtaí áitiúla ar fáil má bhí siad ag teastáil. Chuir PPN na Mí soláthairtí sláintíochta ar fáil mar bheart cosanta do ghrúpaí atá gníomhach i ngníomhaíochtaí tacaíochta pobail.

Mar gheall ar shrianta leanúnacha bheith i bhfeidhm le linn na paindéime, d’úsáid PPN na Mí Zoom le haghaidh cruinnithe ar líne (ar nós an líonra um Chuimsíú Sóisialta) agus seisiún oiliúna chun naisc agus teagmháil a choinneáil laistigh den líonra.

Chuir PPN na Mí clár iomlán d’imeachtaí oiliúna ar fáil do chomhaltaí sa chéad leath de 2021. Bhí maoiniú agus airgeadas, meán shóisialta, scileanna éasaithe agus abhcóideachta i leith pleannáil straitéisearch agus GDPR i gceist leis an oiliúint. Cuireadh an oiliúint ar fáil ar líne mar bhealach chun forbairt a dhéanamh ar

inniúlachtaí grúpaí le linn na tréimhse staide i ndáil le srianta Covid-19.

D'fheidhmigh PPN na Mí mar nasc cumarsáide do phobail ar fud an chontae. Roinneadh acmhainní úsáideacha, fógraí maidir le cláir agus comhairliúcháin agus imeachtaí le comhaltaí an lónra trí nuachtltreacha démhíosúla rialta. Cuireadh treoir sláinte reatha san áireamh sa chumarsáid mar aon le comhairle phraiticiúil ó údaráis sláinte.

D'fhorbair an PPN a ról mar acmhainn neamhspleách chun tacú le gníomh an phobail áitiúil agus é a chomhordú. Mar struchtúr lárnach agus comhchoiteann, thacaigh an PPN le himeacht ó ghníomhartha pobail briste i dtreo iomlán comhtháite. Tá feachtas an phobail i leith Covid-19 ina léiriú ar an tionchar sin.

I gcaitheamh na bliana 2021, athraíodh an treoir sláinte phoiblí ó threoir lárnach, reachtach i dtreo freagrácht aonair agus bainistiú riosca. Chuir PPN na Mí ceardlann oiliúna Réidh agus Ábalta Athoscailt le Carmichael ar fáil chun cuidiú le grúpaí filleadh go sábháilte ar ghníomhaíocht a phleanáil, rioscaí maidir le Covid-19 a bhainistiú agus riachtanais pobal casadh agus oibriú lena chéile a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte i ndiaidh tréimhse ina raibh leithlisiú agus teagmháil theoranta i gceist. Bhí sé tairbheach freisin treoir ón rialtas láir agus gníomhaireachtaí a chur i gcúrsaíocht freisin.

Le linn na tréimhse nach raibh aon chor ar chúrsaí mar gheall ar an bpaindéim, is mar seo a choinnigh PPN na Mí lena fheidhm mar chainéal cumarsáide do phobail i gContae na Mí trí theagmháil dhíreach le grúpaí comhaltaí agus faisnéis a fhoilsíú go hoscalte ar a láithreán gréasáin. Lónra Gníomhaithe Phobal na Mí i leith Covid: <https://www.meathppn.ie/meath-community-response-to-covid-19/>

Coinniodh an léarscáil de na tacaíochtaí pobail atá ar fáil le linn 2021. Trí fhoilsíú ar láithreán gréasáin an PPN agus trí chur ar aghaidh chuig an lónra, cuireadh struchtúr infheicthe ar fáil do phobail agus cuireadh cinnteacht ar fáil go raibh tacaíochtaí áitiúla ar fáil.

Mar chuid den phróiseas maidir lenár riachtanais éigeantacha i leith rialacha a chomhlíonadh i lámhleabhar 2020, chuaigh

PPN na Mí i gcomhairle lena chomholtas chun creat rialachais agus prionsabal a fhorbairt mar bhun i leith rialachas a fhorbairt laistigh den lónra.

Choinnigh PPN na Mí blag fotha nuachta le linn 2021 agus rinneadh é a nuashonrú go minic 2021. Foilsíodh míreanna spéise do ghrúpaí comhaltaí agus pobail trí phostálacha a chuimsigh nuashonruithe don chláir, comhairliúcháin, imeachtaí do chomhaltaí, fógraí ginearálta maidir le himeachtaí agus cláir de bheiris ar threoir sláinte maidir leis an bpaindéim i gcaitheamh na bliana. Roinneadh míreanna a foilsíodh ar an láithreán gréasáin a thabhairt isteach in oll-nuachtltreacha do theagmhálacha grúpaí comhaltaí trí fheidhm ríomhphoist bunachar liosta Salesforce.

In R4, thug PPN faoina comhaltaí a athchlárú. Dícheanglaíodh comholtas PPN ó riarrachán deontas údaráis áitiúil roimh athchlárú. Fuarthas freagra láidir le luach na bhfeidhmeanna cumarsáide agus lónraithe agus féidearthacht laistigh den lónra agus samhail pholasaí á lua ag comhaltaí. I ndiaidh athchlárú, choinnigh PPN na Mí comholtas ilchineálach, ar léiriú é ar phobail ar fud an chontae.

Ardaíodh an gá atá le hionchur níos mó ó eagraíochtaí pobail agus deonacha i ndáil le straitéisí ar nós an Straitéis Náisiúnta um Oibrithe Deonacha ag SPC agus Comhairle iomlán na Mí agus comhfhereagras á sheoladh chuig an Aire Stáit um Fhorbairt Pobail agus Carthanás agus comhfhereagras á fháil ón Aire.

D'ardaigh ionadaithe an tionchar atá ag costais árachais ar ghrúpaí pobail trí SPC Chomhairle Chontae na Mí agus Comhairle iomlán. Seoladh comhfhereagras maidir leis an tsaincheist chuig an Aire Stáit um Fhorbairt Pobail agus Carthanás, chuig an Aire Stáit um Sheirbhísí Airgeadais, Comhair Chreidmheasa agus Árachas agus an Roinn Airgeadais.

Ardaíodh tionchar an Chóid Rialachais do Charthanais ar ghrúpaí pobail bheaga trí SPC agus Comhairle iomlán na Mí, agus comhfhereagras á sheoladh chuig an Aire Stáit um Fhorbairt Pobail agus Carthanás agus comhfhereagras á fháil.

I gcaitheamh na bliana 2021, ceansaíodh an fonn filleadh ar ghnáthgníomhaíochtaí mar gheall ar fhorbairt an riosca a bhain le Covid-19. D'imir forleithne an athraithigh

Omicron tionchar ar an ionchas go gcuirfí deireadh leis na srianta ar fad i dtús an fhómhair. Reáchtáil PPN na Mí ceardlann thiomnaithe le Carmichael chun tacú le grúpaí an riosca a bhainistiú go sábhalte agus pleánail a dhéanamh chun filleadh ar ghníomhaíochtaí nuair ab fhéidir é. Bhí tairbhe praiticiúil ag baint leis an treoir agus comhairle do ghrúpaí comhaltaí toisc gur athraigh an freagra i leith na paindéime chug ceist i ndáil le breithiúnas agus measúnú aonair.

Muineachán

Cuireadh Plean um Fhilleadh ar Ghnó i gcrích do ghrúpaí chun filleadh ar ghnáthgnó eagraíochtúil i ndiaidh Covid-19.

In 2020, chuir an PPN suirbhé i gcrích i measc a chomhaltaí inar fiafraíodh céard a bhí ar bun ag gach duine ar leith acu agus cén réimse ina raibh siad ag obair d'fhonn tacú le muintir na háite le linn Covid-19. D'úsáid na baill foirne an Líne Chabhrach Glao an Phobail in 2021 nuair a bhí glaonna ar an Líne Chabhrach á sannadh.

LCDC agus LAG: Chun ionadaithe agus an fhoireann Ceannairí a thabhairt le chéile chun réiteach a fháil ar an easpa rannpháirtíochta ó ghrúpaí PPN iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Leader. Ba é an toradh a bhí air gur reáchtáil an tOifigeach Forbartha Pobail (CDO) Clinicí Forbartha Tionscadail do ghrúpaí a raibh smaoineamh acu nó a raibh iarratas acu ar mhaoiniú agus cuidíodh leis an iarratas a fhorbairt agus a chur chun cinn tuilleadh. Rinne Oibrí Acmhainní PPN coinní leis an CDO agus grúpaí agus forbraíodh roinnt tionscadail do mhaoiniú Leader.

Mhol Ionadaí MPPN go gcuirfí Turasóireacht Inbhuanaithe ar an gclár oibre toisc go rabhthas den tuairim gur chóir go léireodh tionscnamh maidir le turasóireacht inbhuanaithe go bhfuil siad i gcomhréir le beartais aeráide agus bithéagsúlachta ag Leibhéal an AE agus Náisiúnta. Toradh: Tá LA ag fanacht ar threoirínta um ghníomhú ar son na haeráide ón Roinn Comhshaoil agus cuireadh nuashonrú ar fáil do chomhaltaí go bhfuair MCC sprioc 48.56% i ndáil le tomhaltas fuinnimh a laghdú seachas sprioc 33%.

Chuir comhairliúcháin Lets Talk Climate Action leis an PPN le Straitéis um Oiriúnú don Aeráid MCC a mbeidh éifeacht aici ar ár bpobal.

Chuir MPPN oiliúint i leith an Phlean Straitéisigh ar fáil dár ngrúpaí le go mbeidh siad in ann Plean Straitéiseach dá gcuid féin a chruthú dá ngrúpaí pobail féin ar féidir leo a úsáid le haghaidh iarratais ar mhaoiniú etc.

In 2021 chuir MPPN seisiún grúpaí fócais i gcrích le hionadaithe PPN ar an gclár Peace Plus. Cuireadh an t-aiseolas ón gceardlann i dtoll a chéile faoi na téamaí ónár Ráiteas Folláine agus bhí sé ag teacht le struchtúr an doiciméid chomhairliúcháin, arbh ionann é agus seasamh comhaontaithe dár gcomhaltaí. Má dhéantar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san aighneacht a chur i bhfeidhm, beidh tionchar iontach aici ar ár ngrúpaí pobail agus bainfear táirge insoláthartha barrthábhachtach amach.

Uíbh Fhailí

Chas Oibrí Acmhainne PPN Uíbh Fhailí le grúpaí/ grúpaí comhaltaí ar bhonn aonair ag láithreacha allamuigh agus ag failleanna siúl agus Caint. Cuireadh glaonna gutháin ar ghrúpaí ar bhonn rialta chun rannpháirtíocht a chinntiú.

Rinne an Rúnaíocht cur i láthair don Stiúrthóir Seirbhísí maidir leis an ngá atá le tuiscint níos fearr i measc bhaill foirne agus Comhairleoirí an Chontae ar an ról atá ag an gComhaontú PPN a rinneadh chun londuchtú a chur ar fáil d'ionadaithe nua agus do chomhaltaí ar fad an SPC freisin agus chun rannpháirteachas in Oiliúint Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT)/ Ceartas Sóisialta Éireann (SJI) a spreagadh.

Comhairliúchán Bithéagsúlachta um Aistriú Cóir via Ionadaí Comhshaoil LCDC don SPC um Athrú Aeráide. Baineadh comhaontú amach chun dul i gComhairle le Baill Foirne Barrthábhachtacha ó gach Rannóg den Chomhairle Contae.

Grúpa Nascála PPN: Casann Líonra um Chomhionannas Daoine faoi Mhíchumas Uíbh Fhailí ar bhonn míosúil chun breathnú ar bhealaí le dul i ngleic le húdair imní Daoine faoi Mhíchumas sa Chontae. Áirítear leis sin Innealtóirí Ceantair, Pleánálaithe agus baill foirne teicniúla um Thithíocht mar aon leis an bhfoireann Pobail.

Thug ionadaithe um chuimsiú sóisialta moladh i leith Áineas faoin Aer maidir le Trísheánnna chun deis a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaiseachta acu teacht a bheith acu ar na bealaí Gorma/Glasa – Curtha siar le haghaidh Cead pleánála.

Suíonn an PPN ar an bhFoireann Freagartha Pobail leis an gComhairle agus le Gníomhaireachtaí Barrthábhachtacha eile mar ghné lárnach den phróiseas. Is é an PPN an nasc síreach leis an earnáil Pobail agus is féidir leis eolas barrthábhachtach a chur ar fáil ó thaobh Bearnaí nó réimsí atá barrthábhachtach i dtaca le gníomhartha.

Ros Comáin

Bhí PPN Ros Comáin ina chomhalta den Fhóram um Ghníomhú i leith Covid-19.

Mhol an Rúnaíocht go gcuirfí oiliúint ar ár ngrúpaí i ndáil le cruinnithe fíorúla le linn Covid-19.

Sligeach

Comhoibriú leanúnach leis an bhfóram pobail. Bainistiú leanúnach á dhéanamh ar ghrúpaí comhaltaí san fhóram um fhreagra ar éigeandálaí. Tacaíocht d'ionaid agus eagraíochtaí i ndáil le fainseis a athoscailt. PPN á chomhordú do ghrúpaí comhaltaí.

Tríd an obair a rinneamar chun deiseanna maoinithe a fhoinsíú agus a chur chun cinn, bhí réimse grúpaí in ann teacht a bheith acu ar thacaíocht airgeadais nach mbeadh siad ar an eolas faoi murach sin.

Mar gheall ar ár sraith seisiún oiliúna agus fainseis a cuireadh ar fáil mar fhreagra díreach ar anailís a rinneadh ar riachtanais pobail, tugadh tacaíocht do go leor grúpaí téarnamh ó éifeacht na paindéime Covid-19 agus a gcuid oibre a mhéadú chun tacaíochtaí a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil do bhaill den phobal.

Is é an t-aon nóiméad is féidir liom cuimhneamh air ar bhabháit mé go raibh tionchar aige ar roinnt bhealaí ná an cruinniú um Chuimsíú Sóisialta agus Fochiste Monatóireachta SICAP/ an cruinniú Bliantúil um Rannpháirtíocht Pobal i mí Dheireadh Fómhair. Le linn na cainte éascaithe maidir le tosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta SICAP do 2022/23 luagh mé go raibh ionadh orm gan aon trácht ar cheartas aeráide ná aistriú cóir a fheiceáil in áit ar bith. Ní raibh trácht ar shaincheisteanna comhshaoil ar bith. Tá leochaileacht ar leith ag baint le go leor spriocghrúpaí SICAP ó thaobh éifeacht bheith ag an ngéarchéim chomhshaoil orthu. Ar nós an oiread tráthanna eile, bhabháit mé go raibh mé ag cur léargas áirithe ar fáil don choiste,

chomh maith leis sin, bhí sé ar cheann de na tráthanna fíordháiríre sin ina raibh orm a athint arís eile an laghad breithnithe a dhéantar ar shaincheisteanna comhshaoil agus cé chomh tábhachtach is atá sé iad a lua. D'admhaigh an t-éasaitheoir ó Pobal go raibh an t-ionchur ina ionchur an-suimiúil agus luagh sé freisin nach ndearnadh trácht air in aon fhoccoiste eile riamh cheana. Chomh maith leis sin, thug baill foirne LEADER agus na Comhairle aird air agus d'admhaigh siad gur pointe maith a bhí ann le baill foirne LEADER/SICAP ag fiafraí an bhféadfaimis cruinniú eile a thionól ar an ábhar sin chun breathnú ar an mbealach ina bhféadfadh cláir SICAP gníomhú maidir leis an riachtanas seo sa todhchaí.

Thug ionadaithe LCDC PPN moltaí suntasacha i ndáil le LECP Shligigh agus Fís 2030 a fhorbairt agus cuireadh go leor de na hionchuir agus aighneachtaí san áireamh agus rinneadh athruithe suntasacha ar na ceisteanna comhairliúcháin agus ar na dréachtbhuiséid ó chonaic na hionadaithe PPN an chéad dréacht.

Chuidigh ionadaithe PPN Shligigh ar SPC1 leis an gcaoi ina bhfuil an coiste eagraithe ar bhonn bliantúil a leasú idir liosta tosaíochta don chlár oibre bliantúil agus tréimhse níos faide chun clár oibre agus glao ar mhíreanna a chur isteach a fháil. Tá sé seo ar fad ag feidhmiú faoi láthair chun éascaíocht a dhéanamh orthu céimeanna a chur i bhfeidhm lena chinntíú gur féidir leis an pobal níos leithne cur leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Baile Átha Cliath Theas

Tá 'Seachtain na hOiliúna' ina imeacht bliantúil ar líne a reáchtáil ann an PPN – caithimid 3 thráthnóna i mbun oiliúint a chur ar fáil dár ngrúpaí comhaltaí. In 2021, díríodh ar bhaинistiú a dhéanamh ar na Meáin Shóisialta, Tiomsú Airgid agus Rialachas. Is iad na grúpaí féin a ghineann na topaicí seo thrí bhíthin suirbhé. Déanann sé seo an-tairbhe do na grúpaí toisc go bhfaigheann siad an oiliúint a bhfuil spéis cheart acu inti agus toisc go gcuirtear ar chumas an PPN tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais a ngrúpaí comhaltaí laistigh den chontae.

Ghlacamar páirt i nglao an phobail Covid-19 ar SDCC. D'athraíomar ár gcláir oiliúna chun díriú ar ghrúpaí atá ag streachailt d'fhoinn iad a choinneáil ag imeacht. Ba é an phriomhaidhm a bhí ag na grúpaí ar fad in 2021 ná an phaindéim a chur tharstu ar bhealach feidhmiúil, chuir ár dtacaíocht leis na haidhmeanna sin.

Tá an-suim ag ár n-ionadaithe JPC i scéim faire chomharsanachta a chur ar bun ina nascfaí comharsanachaí éagsúla ar fud an chontae d'fhoíonn bonn eolais níos fearr a chur faoi phóilíneacht laistigh den phobal. Tá siad ag ardú na ceiste ar bhonn leanúnach.

Chuir SDCPPN ionchur mionsonraithe ar fáil maidir leis an bplean forbartha contae. Bhí glao oscailte chuig ár ngrúpaí ar aighneachtaí faoi leagan amach téamach agus chuir sé seo ar chumas grúpaí teacht le chéile mar ghuth comhchoiteann. Thug an CEO ár n-aighneacht faoi deara agus táthar ag súil gur chuir sé seo bonn eolais faoin gcruth a bheidh ar an bplean forbartha féin.

Tá an PPN mar chomhpháirtí le 'Stepping Stones Forests' – a bhfuil os cionn 10 mionfhaois plandálte go díreach acu i scoileanna ar fud an chontae. Tugann sé seo tuiscint níos fearr ar an gcomhshaol atá thart timpeall orthu do scoileanna, oibrithe deonacha agus do leanaí agus tuiscint níos fearr freisin ar an obair atá idir lámha ag an PPN sa choláiste comhshaoil.

Tá an-suim ag ár n-ionadaithe comhpháirtíochta Spóirt sa smaoineamh maidir le corpacmhainn ilgħlúine. Tá siad ag obair leis an gcomhpháirtíocht spóirt chun cláir aclaíochta a chur ar fáil do thuismitheoirí a scaoileann a leanaí amach ag traenáil. In ionad iad a scaoileadh amach agus fágáil, bíonn na tuismitheoirí féin rannphárteach ar na taobhlínte. Tagann an tionscnamh seo go díreach ónár n-ionadaithe.

Bhí an PPN rannphárteach go mór sa líonra LGBT atá ina chomhpháirtíocht idir SDCC, PPN agus grúpaí seachtracha. D'éirigh linn ár bpróifil i ndáil le saincheisteanna LGBT san LA a mhéadú agus shuiteáil an LA ár gcéad 'Rainbow Crossing' le gairid. Maidir le bród 2022, péinteálfaimid binsí páirce i ndathanna LGBT i ndiagh stocaireacht fhairsing ón PPN.

Tugadh sainordú don Ionadaí Tithíochta ó Chuimsiú Sóisialta ceisteanna a tharraingt aníos maidir le Tithíocht don Lucht Siúil in SDCC. Go dtí seo, tharraing siad aird ar go leor saincheisteanna maidir leis an gclár reatha TAP. Ní úsáidtear aitheantóirí eitneacha sna hiarratais ar thithíocht de réir mar a mhol na heagraíochtaí Taistealaithe agus dá bharr sin, tá gach cosúlacht ann go bhfuil na spriocanna ina mbréaglériú ar na riachtanais. Is obair abhcóideachta ríthábhachtach í seo – agus cé gur próiseas mall atá ann, tá sé tábhachtach aird a tharraingt air.

Chuir ionadaí amháin ag Bord áitiúil an Ionaid Cúram Phríomhúil (APCC) réiteach nuálach faoi

bhráid bhord APCC, tríd an gcoincheap a thabhairt isteach maidir le turas fíorúil a dhéanamh ar an tsaoráid ina mbeadh baill den phobal in ann breathnú ar an gcuma a bhí ar an tsaoráid nua. Tharla sé seo i gcroílár na paindéime Covid-19 nuair a bhí srian ar għluaiseachta daoine. Bhí APCC sásta leis an moladh mar niorbh rud é ar smaoinigh siad féin air.

Tiobraid Árann

Fóram Freagartha Phobal an Chontae – lean an fóram seo de theacht le chéile ar bhonn gníomhach ó 2020 go dtí an chéad ráithe den bliaín 2021. Rinneadh an gá a bhí leis an bhfóram a īosghrádú sular tháinig an comhordaitheoir nua isteach, agus dá bharr sin, níor għlak siad páirt ach i seiceálacha isteach amháin.

Tascfhórsa Réigiúnach Thoir Theas um Dhrugaí agus Alcól (SERDATF)- Oibríonn an t-ionadaí i ndlúthchomhar le hlonadaithe pobail PPN na gceithre chontae eile ar an bhfóram seo. In 2021, mhol na hionadaithe, d'fhoínn pleán straitéisearch SERDATF a bhí ag dul i léig a chur chun cinn, nár mhór struchtúr fochoiste a chur ar bun le comhaltaí SERDATF, oibrithe ábhartha sa réimse agus daoine a bhfuil taithí saoil acu. Bhí sé riachtanach go n-oibreodh na foghrúpaí seo go taibhreach i għomhar lena chéile agus bhí sé riachtanach go mbeadh a dtéarmaí tagartha ina léiriú air sin. Tá ionadaí PPN Thiobraid Árann (nìl ach deisceart an chontae páirteach i dtascfhórsa an réigiún Thoir Theas ar an drochuair) ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa um Oideachas agus Chosc agus cuireann sé bord iomlán SERDATF ar an eolas ar bhonn rialta maidir leis an dul chun cinn in aon gníomhartha atá ábhartha don fhoghrúpa sin.

Ionadaí SPC um Chomhshaol agus Għníomhú ar son na hAeráide – Rinneadh céimeanna móra tráthúla chun cinn in 2021 maidir leis an mbord seo. Bhí ionadaí áirithe amháin an-ghnīomhach agus ag obair leis an għomhordaitheoir PPN chun comħargħrúpa oibríochtúl a chruthú de na grúpaí cláraithe den Cholún Comhshaoil. Thosaigh siad seo ar chruinnithe ráthiúla a thionól in 2021 agus tugadh cuireadh do bhaill foirne na comhairle contae freastal chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus grúpaí a chur ar an eolas faoin obair ar tugadh fúithi sa rannán seo. Ina dhiaidh sin thaigd siad gach cruinniú den Cholún Comhshaoil a mhaoiniú suas le €100 ina aghaidh an chruinnithe ráthiúil. Mar gheall air sin, tá mír ionadaí Pobail curtha le clár oibre an SPC anois. Chomh maith leis sin, déantar na dátaí do chruinnithe den Cholún Comhshaoil a leagan amach

d'aon turas le go dtarlóidh siad roimh dháta chruinniú an SPC. Trí seo, déantar cinnte de go bhfuil na pointí atá le déanamh ag na grúpaí PPN ina bpointí reatha agus gur go mear a chuirfear iad ar chlár oibre an SPC. Thug comhaltaí an SPC an-aird ar fad ar shaincheisteanna ar nós oiliúint phráinneach maidir le gearradh fálta sceach do bhaill foirne na comhairle agus an gá atá le deireadh a chur le húsáid a bhaint as luibhicídí ceimiceacha agus tá gníomhartha ar siúl i ndáil leo sin araon faoi láthair. D'fhreastail an ceathrar ionadaithe SPC ar fad um Chomhshaol agus Ghníomhú ar son na hAeráide ar na cruinnithe don Cholún Comhshaoil. Faoi láthair, tá próiseas ar bun chun saincheisteanna a ithníodh ag an gcuinniú don Cholún Comhshaoil a thaifeadadh atá le tabhaint chuig an gcéad chruinniú eile den SPC. Is iad na hionadaithe féin a bhreacann síos na miontuairisci agus ní baill foirne an PPN, ar gné é a dhéanann cleachtadh forbartha cumais agus cumhachtaithe as.

Oiliúint i ndáil le Tiobraid Árann sláintíúil – Forbraíodh sraith d'oiliúintí maidir le folláine agus inniúlachtaí Digiteacha díreach mar gheall ar an bpaindéim. Cuimsíodh: Cruthú Físeán, Facebook do Thosaitheoirí (ar oiliúint an-láidir a bhí i gceist, a reáchtáladh faoi dhó, mar gheall ar láithreacht ar líne a bhí de dhíth le go mairfeadh an grúpa de bharr Covid-19), Acmhainní Daonna, Airgeadas do Ghrúpaí Pobail, Cuideachta a Chur ar Bun (Stádas Carthanachta), Athbhunaigh, Athnuagh, Athbheoigh (cúrsa féinphorbartha cumhachtaithe). Bhí an oiliúint oscailte do na grúpaí comhaltaí ar fad de chuid an PPN a raibh sé mar aidhm léi tacú le forbairt scileanna, rialachas agus teacht aniar meabhrach le linn dhúshláin thús na bliana 2021. Bhí freastal maith ar na hoiliúintí ar fad agus chuir na grúpaí a ghlac páirt iontu le cumas a ngrúpaí srianta Covid-19 a chur tharstu agus fanacht le cheile.

Chomh maith leis sin, d'óstáil an PPN dhá sheimineár gréasáin maidir leis an gcomhairliúchán poiblí don Phlean Bainistíochta Abhantraí, ag comhoibriú le LAWPRO, rannóg feabhsaithe uisce na comhairle contae. Deis iontach a bhí inti seo do gach grúpa comhaltais PPN, ach go háirithe, dul i gcomhairle leis an bpiléar Comhshaoil agus a bheith mar chuid de phróiseas aighneachtaí ábhartha den sórt sin. Doiciméad Tacaíochta i ndáil le páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin poiblí trí na prósiseas chomhairliúcháin arna reáchtáil ag an PPN, cinneadh go bhféadfadh PPN Thiobraid Árann doiciméad a chruthú chun tacú lena chuid comhaltaí. Rinneadh treoir maidir le

haighneachtaí chun tacú le grúpaí comhaltaí a bheith rannpháirtíochta go gníomhach agus go muiníneach i gcomhairliúcháin, agus chun lón na ngrúpaí a d'fhéadfadh roghnú ina dhiaidh sin bheith páirteach le go gcloisffí a nguthanna, a chruthú agus a scaipeadh ar na comhaltaí ar fad.

Tionóladh cúig chruinniú MD i bpearsa i bhfómhair na bliana 2021, chun túis a chur le rannpháirtíocht agus gníomhachtú grúpaí comhaltaí an athuair ina MDanna féin ionas go bhféadfaidís casadh ar a cheile, faisnéis a fháil maidir le PPN agus túis a chur le teacht amach as an scoiteach a crutháodh mar gheall ar Covid-19. Rinneadh measúnú an-dearfach orthu ar fad agus tá pleannanna ar bun faoi láthair don bhliain 2022 chun foghrúpáí MD a chruthú chun leanúint de chruinnithe lónraithe a phleanáil agus le haghaidh aon chíseanna ábhartha eile, ar nós comhairliúcháin phoiblí.

An Grúpa Stiúrtha do Chlár Sláinte Romach an Chontae – tá an comhordaitheoir PPN ina chomhalta den ghrúpa stiúrtha seo. Leagtar béis mhór ar fhorbairt pobail agus cé gur bunaíodh é ar dtús chun Romaigh sa chontae a aithint agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil seirbhís bunúsacha agus riachtanais sláinte acu, tacaíonn an PPN leis an ngrúpa díriú freisin ar ghuth na Romach a mhéadú agus grúpaí tacaíochta do Romaigh a chruthú a bheidh in ann, ina dhiaidh sin, bheith ina gcomhaltaí den PPN amach anseo. Bhí sé seo ina chúis le dréachtphlean straitéiseach ina bhfuil beart maidir le spásanna sábháilte a chruthú chun rannpháirtíocht na Romach i gcinnteoireacht a neartú.

Seimineáir Ghréasáin a Óstáil – D'óstáil an PPN dhá sheimineár gréasáin mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don Dréachtphlean Forbartha Contae (CDP), ag comhoibriú i ndlúthchomhar le rannóig Pleanála Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Bhí freastal maith orthu seo agus cuireadh ar chumas rannpháirtithe na seimineár gréasáin ó ghrúpaí comhaltaí an PPN tuiscint iomlán a fháil ar an bpróiseas aighneachta, conas aighneacht a dhéanamh agus an chéim ag a raibh an dréachtphlean. Bhí aighneachtaí níos dírithe mar thoradh air seo agus, chomh maith leis sin, feasacht ar an mbealach ina raibh Fís an PPN i leith Pholláine an Phobail á ghlacadh mar sheasamh an phobail do chontae sláintíúil agus bríomhar.

D'oibrigh ionadaí amháin den trí ionadaí PPN ar an mbord le comhordaitheoir Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) chun treoir

náisiúnta CYPSC a chur i bhfeidhm. Is éard a bhí i gceist leis sin gur féidir suíochán ionad Acmhainní Teaghlaigh (FRC) a ghníomhachtú ar gach CYPSC contae. Is é an toradh a bhí air sin go bhfuil suíochán FRC ann anois agus is tríd an PPN a théann an t-ainmniúchán ina leith seo, ar trí sin a mhéadaítear na 3 suíochán chuig 4 cinn do ghrúpaí comhaltaí an PPN.

Port Láirge

Dlúthbhaint le seoladh rathúil an Chláir Sábhálteachta Pobail – ag comhordú ionadaíocht an PPN (11 ionadaithe); ag cinntíú Leaschathaoirleach ionadaí an PPN; chomhordaigh clár oibre a leagan síos agus seasaimh chomhaontaithe. Is dea-chomhartha é seo do ról an PPN sa CSP i bPort Láirge agus ar fud na hÉireann i ndiaidh céim Phíolótach.

D'éisigh le hionadaithe LCDC áitiú d'ionadaíocht/rannpháirtíocht PPN níos mó in Sláintecare.

D'fhorbraíomar naisc níos dlúithe leis an ionad d'Oibrithe Deonacha Phort Láirge nuá, déanfaidh sé seo tairbhe do Phort Láirge agus cuireann sé leis an Lónra.

D'ardaigh ionadaithe ón gComhpháirtíocht Sábhálteachta Pobail (CSP) roinnt saincheisteanna – lasmuigh de chruinnithe foirmíúla CSP maidir le saincheisteanna atá ábhartha do ghrúpaí PPN (e.g. spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, cainéil dreideála, etc); ní ceisteanna ábhallmhóra iad ach tá sé thírbhachtach go bhfeiceann grúpaí pobail go bhfuil a gcuid ionadaithe ag obair ar a son; - Comhordaitheoir CSP – gníomh déanta.

Bhí ról an PPN san fhoireann Freagartha Pobail ina ról suntasach; bhí cainéil chumarsáide an PPN ar an bpriomhchainéal le linn na paindéime.

Le linn na dtréimhsí luatha de Covid 19, d'oibrigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Leabharlanna Phort Láirge, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge Loch Garman, PPN Phort Láirge, Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge agus Comhairle Sheandaoine Phort Láirge, an HSE agus Cónaidhm na hÉireann um Míchumas i gcomhar lena chéile chun réiteach a fháil i ndáil le litearthacht dhigiteach sa phobal a fheabhsú trí oiliúint a chur ar dhaoine chun úsáid a bhaint as a ngutháin shoghluaise, táibléid, agus teicneolaíocht. Chuir PPN Phort Láirge suirbhéanna i gcrích chun riachtanais tacaíochta agus oiliúna a aithint.

Amhail na bliana 2020, chuir Covid-19 gach duine ábhairín dá dtreoir, an PPN san áireamh, ach d'éirigh linn cloí lenár bplean oibre do 2021 seachas an chaoi nach raibh searmanas bronnta againn agus nach ndearnamar an oiread dul chun cinn is a bhíomar ag súil leis lenár bPlean Straitéiseach. Leanamar d'ionchur a chur ar fáil ar Fhóram Freagartha Pobail Covid-19 Phort Láirge. Cé is moite dár rannpháirtíocht ar an bhFóram, leanamar de ghníomhú mar chainéal cumarsáide dár 760+ grúpaí comhaltaí. Ghlac PPN Phort Láirge páirt bharrthábhachtach i ndáil le comhoibriú ar an bhfoghrúpa den CRF chun dul i ngleic le hEisiamh Digiteach i bPort Láirge ina ndearnamar suirbhé a leagan amach, a fhorbairt agus a thabhairt amach.

Aighneacht chuig an bPlean lompair Cathrach ag lorg clúdach níos leithne den sainchúram le go n-áireofaí Plean rothaíochta, naisc chuig an gContae, reacthaíocht a rith i leith scútair leictreonacha etc, sábhálteacht coisithe; seirbhísí bus etc – Transport For Ireland (TFI) – ag fanacht ar fhreagra.

An larmhí

Reáchtálar Seimineár Gréasáin maidir le Forbairt Acmhainní agus Athoscailt i ndiaidh Covid-19.

Fuair PPN na hlarmhí 56 aighneacht ó ghrúpaí comhaltaí chuig Ceantar Bardasach an Mhuilinn gCéarr/Cionn Átha Gad do Bhuiséid na bliana 2021. Rinneadh na haighneachtaí seo a chatagóiriú ina 8 bpríomhthéama de réir mar a leanas: Rochtain/ saoráidí, gnéithe a bhaineann le Covid-19, an Comhshaol, Cosáin/pábhálacha, soilsíú poiblí, áiteanna poiblí agus eile. Is mar seo a leanas a bhí tortaí na n-aighneachtaí: Gníomh déanta /Curtha i gCrích 28, Atreoraithe 15, Curtha siar mar gheall ar shrianta Buiséid 1, Eile 4.

Chuireamar oiliúint ar fáil i ndáil le Scileanna Digiteacha chun cur ar chumas comhaltaí páirt a ghlacadh i gcreannithe fíorúla.

Spreag WPPN rannpháirtíocht ón bpobal agus fuarthas rannpháirtíocht i ndáil le comhairliúchán maidir le Suíomh Blackhall sa Mhuileann gCéarr.

Chlúdaigh baill fairne an PPN an líne chabhrach Freagartha Pobail (7 lá in aghaidh na míosa).

Bhí tionchar ag an WPPN ar an gcinneadh go mbeadh fáil ag grúpaí pobail agus do ghrúpaí deonacha ar dhá cheann de na deontais phobail le haghaidh costais reatha ó lá go lá, i mbliain nach bhféadfaidís gnáth-thiomsú airgid a dhéanamh.

Bhí an PPN ina phointe dálte bharrthábhachtach le haghaidh faisnéis chruinn agus tráthúil i ndáil le Covid-19.

Seoladh suirbhé traenála chuig na comhaltaí ar fad lena fháil amach cén traenáil a bhí ag teastáil chun tacú le pobail.

Fuair PPN na halarmhí 44 aighneacht ó ghrúpaí comhaltaí ó Cheantar Bardasach Bhaile Átha Luain/An Mhóta do Bhuiséad 2021. Rinneadh na haighneachtaí seo a chatagóiriú ina 6 phríomhthréama de réir mar a leanas: Comhshaol, Sábháilteacht Bóthair, Cosáin/ Pábhálacha, Spásanna Glasra, Rochtaín agus eile. Is mar seo a leanas a bhí tortaí na n-aighneachtaí: 30 Gníomh déanta /Curtha i gCrích 30, Curtha siar mar gheall ar shrianta Buiséid in 2021 7, Atreoraithe 4.

Bhí WPPN ar, agus ag riart, an Fóram Freagartha Pobail i leith Covid-19.

Iarradh ar PPN na halarmhí 2 ionadaí a chur ar choiste LDA Dhún Mhic Coluim. Bhí ionadaí i láthair ag 3 chruinniú de Choiste Comhairleach an LDA agus thionól PPN na halarmhí 7 gcuinniú fochoiste i ndáil leis an gcomhairliúchán agus forbairt i ndáil le Dún Mhic Coluim. Tá an comhairliúchán agus fochoiste an PPN fós ar siúl.

Loch Garman

Leanaimid de thacú le Glaao an Phobail i leith Covid-19 agus chuireamar nuashonraithe ar fáil maidir le feasacháin faisnéise do na comhaltaí ar fad nuair a bhí na baill foirne i láthair.

Cill Mhantáin

Fóram Freagartha Pobail Chill Mhantáin (WCRF) – Cuireadh coiste WCC ar bun chun comhordú a dhéanamh ar fhreagra an chontae i leith na géarchéime sláinte Covid-19, glacadh páirt ghníomhach i gcuinnithe coicise ar líne chun aird a dhíriú ar shaincheisteanna/ údair imní an phobail mar aon le faisnéis agus tacaíochtaí a chomhroinnt.

Mhol SPC um Fhorbairt Chultúir agus Forbartha Sóisialta Pobail SPC gur chóir don rialtas cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail, a bhfuil eisíocaíochtaí móra acu, d'fheann a gcuid ceangaltais airgeadais a chomhlíonadh le linn thréimhse dianghlásala na paindéime. Ba é an

toradh a bhí air gur pléadh é agus gur cuireadh túis leis. Cuireadh tionchar i bhfeidhm agus tugadh cúnamh do ghrúpaí.

Cuireadh Foghrúpa WCRF um Fhanacht Nasctha agus Do Ghiúmar a Bhainistiú ar bun mar chuid den Fheachtas Keep Well chun tionscnaimh áitiúla a chomhordú, a chur in iúl, a phoiblíú, agus tacú leo ar cuireadh ar bun iad chun folláine agus teacht aniar an phobail a chur chun cinn agus a éascú i gcomhréir leis an bhfeachtas náisiúnta Keep Well – Growing Our Resilience.

Moladh ó Chomhchoiste Póilíneachta: Ardaíodh an cheist maidir le Drochíde Baile agus iompraíocht Frithshóisialta. 2. Leagadh béim, in éineacht le comhairleoírí áitiúla, ar an ngá atá le Gardaí pobail, a mheastar gur fadhb mhór is ea lón beag díobh i gContae Chill Mhantáin. Toradh: 1. Cuireadh an mhír seo san áireamh mar thosaíocht go háirithe le linn Covid; 2. Cuireadh in iúl go bhfuil na Gardaí ar fad ina nGardaí pobail, ach go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar uimhreacha. Mar sin féin, tarraingíodh aird ar an gceist go minic sa phreas áitiúil ó shin.

Trí rannpháirtíocht an phobail (tríd an PPN) agus ceardlanna rialta agus imeachtaí óráide, curtear muinín agus ardán ar fáil do phobail chun teagmháil dhearbach a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil. Bhí ról suntasach ag an PPN ó thaobh níos mó daoine a spreagadh le páirt a ghlaicadh / a bheith rannpháirteach ina bpobal áitiúil. Rinne an PPN sárobair i ndáil le tacú le daoine teacht le chéile trí dheiseanna ar líne le linn na paindéime.

Fógraíodh an sruth maoinithe suntasach, an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide: Oideachas Aeráide, Forbairt Acmhainní agus Foghlaim trí Ghníomhaíocht (Snáithe 2) i lár mhí na Samhna. Tionóladh cruinniú d'lonadaithe um Chomhshaol agus Chuimsiú Sóisialta an PPN chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht i ndáil le comhoibriú le contaetha agus eagraíochtaí eile chun iarratas a fhorbairt dó seo. Ó shin i leith, rinne ár PPN éascaíocht ar chomhráití agus tionóladh cruinnithe le PPNanna, Údaráis Áitiúla, Pobail um Fhuinneamh Inbhuanaithe (SEC) agus Meantóirí SEC i gCill Dara agus sa Mhí mar aon le ceanneagraíochtaí féideartha, lena n-áirítear IEN, Three Energy, Ollscoil na hÉireann (NUI), Má Nuad, agus Nasc Tuaithe na hÉireann. Tá spéis ann an t-iarratas ar mhaoiniú

a chur chun cinn chun tacú le SEC i gContae Chill Mhantáin, Chill Dara agus na Mí chun dul ar aghaidh óna bPleananna Fuinnimh a fhorbairt go dtí an chéim fhorfheidhmithe. Chomhaontaigh Nasc Tuaithe na hÉireann an príomhról a ghlacadh san iarratas ar mhaoliniú.

Chomhoibríomar ar an Seimineár Gréasáin Fanacht Nasctha agus Do Ghiúmar a Bhainistiú chun an bealach ina bhfuil roinnt grúpaí ag fanacht nasctha agus ag tabhairt aire dá gcomhaltaí le linn na dianghlásála a chur i láthair mar aon le grúpaí a threorú chuig acmhainní úsáideacha. Trí fhoghrúpa an CRF Fanacht Nasctha agus Do Ghiúmar a Bhainistiú, thacaíomar le Grúpa Taistealaithe Chill Mhantáin teacht a bheith acu ar mhaoliniú ón gClár Keep Well le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-áirítear lá cuimhneacháin do dhaoine a fuair bás mar gheall ar Covid-19 mar aon le gníomhaíochtaí ar tríothu sin a athnascfar daoine trí gníomhaíochtaí um aosú dearfach agus cuimsiú.

Le linn Covid-19, mar gheall ar naísc a bunaíodh tríd an JPC, rinneadh tairbhe mór dár bpobal le Gardaí agus oibrithe deonacha i dteagmháil lena chéile chun aire a thabhairt do sheandaoine agus daoine leocheileacha inár bpobal. Chomh maith leis sin, nuair a chuireann comhaltaí den PPN fadhbanna nó réimse áirithe faoi bhráid na nGardaí, arbh amhlaidh an cás le pluais drugaí (áitiúil), rinneadh leas don phobal ar an toirt, mar gheall ar an laghdú ar dhrugaí a bhí ar fáil.

Gloa an Phobail: Chuir Oibrí Acmhainní PPN ról agus an méid a d'fhoghlaim PPN Chill Mhantáin agus PPNanna ar bhonn náisiúnta i láthair ag seimineár gréasáin na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, Gloa an Phobail: Ag Foghlaim don Todhchaí. D'fhreastail breis agus 300 toscaire agus ionadaíocht á déanamh ar an rialtas náisiúnta, rialtas áitiúil, PPNanna, agus gníomhaireachtaí pobail agus reachtúla.

Rinne an SPC um Chomhshaol agus Gníomhaíocht Bhithéagsúlachta roinnt moltaí: An Polasaí um Chrainn a Bhainistiú a athrú ó bhonn agus 3 bhabhta aighneachtaí; an úsáid a bhaintear as LEDanna a athrú ó bhonn; 3. Achomharc, Powerpoint chun dúnta cnoic a chosaint, 4. larr cur i láthair maidir le huiscí a bhainistiú, 5. larr go ndéanfaí crainn aibí agus conairí fálta sceach a chosaint trí na tortháí seo a leanas: 1.Foilsithe 2.á thógáil 3. Á bhreithniú 4. Tugtha 5.Leanúnach, Polasaí ar leith maidir le Fálta Sceach a Bhainistiú comhaontaithe i bpáirt faoi láthair.

Moladh ón gCoiste um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga: Smaoineamh le haghaidh clár oideachais piarthreoraithe do dhaoine óga. Toradh: Táthar ag obair ar mholadh agus tá an coiste ag súil le hiarratas a dhéanamh dó nuair a bheidh sé ar fáil.

Cuireann an PPN grúpaí pobail ar an eolas i gcónai maidir le deiseanna maoinithe atá ag teacht aníos. Chomh maith leis sin cuireann sé rochtain ar fáil i gcónai ar mhodúil thraenála do phobail maidir le rialachas, iarratais ar mhaoliniú, bealaí chun dul chun cainte le hÚdarás Áitiúla agus comhlachtaí rialtais etc.

Aguisín 4

Tuairimí maidir le hlonadaíocht/Comhairliúchán/ Samplaí de Chomhairliúchán

Ceatharlach

Bíonn deacarthaí ag Ionadaithe PPN fós nuair a dhéanann siad iarracht a ról mar ionadaí a fheidhmiú. Is mar gheall ar mhoill ar fhasnéis ag teacht tríd ó na Cathaoirligh SPC, (Cláir Oibre agus Miontuairisci) é seo go príomha. Chomh maith leis sin, tá easpa tuisceana ar an teanga a úsáidtear ag na cruinnithe seo (d'ionadaithe), agus dá bharr sin, tá oiliúint ag teastáil. Tá sé riachtanach don ionadai Tofa freisin tuiscint níos fearr a fháil ar ról an PPN agus ról na n-ionadaithe, le go n-éireodh leis amach anseo. D'fhoinn an úsáid a bhaintear as Foireann Uirlísí PPN Cheatharlach. Tá go leor leideanna agus uirlísí úsáideacha ann i leith comhairliúchán éifeachtach. Chomh maith leis sin, tá oiliúint abhcóideachta ag teastáil.

An Cabhán

Tuilleadh gníomhaíochta cuimsithe sa phróiseas.

An Clár

Bíonn éagsúlacht mhór idir eispéiris Ionadaithe ar na coistí. Cé go mbraitheann cuid acu go dtugann an t-údarás áitiúil an-tacaíocht dóibh ina ról, braitheann roinnt eile gur annamh a léirítéar a n-ionchur agus aighneachtaí sa pholasáí. D'éirigh le roinnt ionadaithe tionscnaimh a mholadh dá gcoiste ach braitheann go leor eile nach n-imríonn na coiste ar a suíonn siad tionchar ar chinnteoireacht ach go gcaitear an t-am le cuir i láthair, ina gcuirtear an coiste ar an eolas faoin méid atá cinnte cheana féin seachas fálte a chur roimh ionchur. Bíonn sé deacair ar Ionadaithe na gníomhartha dáiríre a thagann as na coistí a fheiceáil agus d'iarr siad Ráiteas Torthaí ag deireadh gach aon chruinnithe. Braitheann roinnt ionadaithe nach meastar iad bheith ina n-acmhainn ach ina ionad sin meastar iad bheith ina gconstaic nó ina 'madra faire'.

Tríd is tríd, tá mothú díomá i gceist agus dá bharr sin, bíonn deacarthaí i gceist le hionadaithe a earcú agus gan aon iomaíocht i gceist i bhformhór na dtoghchán. Bhain na hlonadaithe a ghlac páirt in oiliúint Pobail Inniúla a Chruthú an-tairbhe aisti agus braitheann siad gur chóir do níos mó páirtithe leasmhara páirt a ghlacadh d'fhoinn próifíl agus an tuiscint atá ar PPNanna a mhéadú.

Cuireann PPN an Chláir iarracht mhór in aighneachtaí, idir chomhairliúcháin a reáchtáil, dhul i dteaghmháil le saineolaithe (ár n-ionadaithe agus grúpa comhaltaí san áireamh) agus dréachtú agus scaipeadh roimh chur isteach. Faoi láthair, tá sé deacair a dhearbhú an bealach ina ndéantar aighneachtaí a láimhseáil, a mheas agus a ualú i ndiaidh don údarás áitiúil nó comhlacht comhairleach eile iad a fháil. Bheadh sé tairbheachcreat a fhorbairt ar trí sin a ndéanfaí comhairliúcháin a mheas agus aiseolas a chur ar fáil agus ar trí sin a chuirfí tréadhearcacht ar fáil agus a ndéanfaí éascaíocht ar fheabhsuithe ar aighneachtaí ina dhiaidh sin. Is cosúil go bhfuil tairseach comhairliúcháin an Rialtais fós ag céim na béite, tá na scagairí uireasach, agus níl mórán faisnéise ann. Molann PPN an Chláir go n-ardófaí an tairseach go caighdeán inghlactha agus go n-ordófaí do gach Údarás Áitiúil agus Roinn Rialtais a gcuid comhairliúcháin a phostáil ansin go tráthúil.

Contae Chorcaí

Eagraíonn comhlachtaí comhairliúcháin imeachtaí tiomnaithe comhairliúcháin PPN ina mbailítear ionchur ón PPN.

Dún na nGall

Tá oiliúint ag teastáil do Chathaorligh Coiste/Tá athruithe ag teastáil laistigh de struchtúir SPC. Creatáí ama níos faide de dhíth.

Cathair Bhaile Átha Cliath

Tá caidreamh maith oibre ag PPN Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Go háirithe leis an LCDC, an t-oifigeach Cuimsithe, agus an grúpa oibre um Shiúl agus Rothaíocht. Faoi láthair, seoltar faisinéis chuig an PPN lena scaipeadh ar an PPN níos leithne ar bhonn ad hoc. Más féidir, bheadh sé tairbheach don lónra dá bhféadfaí faisinéis a sheoladh chuig an PPN maidir le comhairliúchán le neart ama chun iad a phleanáil isteach in obair lárnach eile, ar nós cruinnithe den ghrúpa nascála atá beartaithe cheana féin nó gníomhaíochtaí eile. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh an comhairliúchán bheith níos comhtháite in obair eile de chuid an PPN, agus ní bheadh daoine curtha as alt an oiread sin i ndáil le hiad a chur i gcomhthéacs agus iad a ghlacadh isteach ina ndialanna atá lán cheana féin. D'fhéadfadh sé gur mhaith le hÚdarás Áitiúla plean oibre an PPN a chomhroinnt leis na ranna ar fad, ionas go bhféadfaí pleanáil a dhéanamh, nó seachas sin d'fhéadfadh sé gur mhaith le níos mó ranna teacht chuig cruinnithe agus imeachtaí den PPN atá beartaithe cheana féin.

Dún Laoghaire / Ráth an Dúin

Bunaithe ar an taithí atá againn, ba mhaith linn an méid seo a leanas a mholadh, is minic go mbaineann rannpháirtithe ciall as an téarma 'Folláine' i gcomhthéacs na meabhairshláinte amháin. Dá bharr sin, bíonn sé deacair agus ina údar mearbhaill do dhaoine é a chur faoina mbráid, toisc nach bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh i rud éigin nach dtuigeann siad nó nach féidir leo iontamhlú leis. Is tionscadal an-mhór é – an próiseas pleanála, glacann sé am sonraí a bhailíú agus a thiomsú, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus cearta ag teastáil ina leith. Ar an drochuair, chonaiceamar nach raibh acmhainní a chuireamar ar fáil do PPNanna roimh an bpaindéim i bhfeidhm a thuilleadh le linn na paindéime. Mar gheall air sin, cuireadh ualach ar fad an tionscadail ina leagan ar líne (mar gheall ar na srianta a chuir an Rialtas i bhfeidhm) ar Rúnaíocht agus ar bhaill foirne an PPN DLR. Ní mór dúinn a threisiú go bhfuil an luach atá leis an tionscadal seo sna sonraí a bhailítear, agus ní sa ráiteas deiridh. Bhí sé de cheart córas ar leith chun sonraí a chartlannú a fhorbaint agus an córas céanna bheith á úsáid ag na PPNanna ar fad d'fhoinsí aonfhoirmeacht sa phróiseas a chinntíú.

Fine Gall

Ba chóir tú a chur leis an bpróiseas comhairliúchán sula n-eisítear glao ar aighneachtaí. Ba chóir úsáid a bhaint as teanga chuí lena chinntíú gur féidir le gach duine é a thuisint go héasca.

Cathair na Gaillimhe

Tá frustrachas léirithe ag ionadaithe PPN i ndáil leis an easpa tionchair atá acu ar pholasáí a chruthú, a fhorbairt agus a monatóiriú. In ainneoin fheidhm an SPC arb é 'cuidiú leis an gcomhairle trí pholasáí a leagan amach, a fhorbairt, a monatóiriú agus a athbhreithniú' níor tugadh mórán de dheis d'ionadaithe SPC tabhairt faoi pholasáí a leagan amach, a fhorbairt, a monatóiriú agus a athbhreithniú. Mar gheall air sin, d'éirigh na hionadaithe as páirt a ghlacadh ar na SPCanna um lompar agus Pleanáil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tugadh faoi phróiseas idirghabhála idir GCCN agus GCC chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna seo ach níor cuireadh tortháí an phróisis i bhfeidhm ó shin áfach ó cuireadh deireadh leis an bpróiseas pleanála i mí an Mheithimh 2021. Caitear formhór den am atá ag SPCanna le cuir i láthair agus níor cuireadh mórán ama ar fáil chun plé a dhéanamh maidir le polasaí. D'éirigh le roinnt ionadaithe rún a mholadh a tugadh ar aghaidh chuig cruinnithe iomlána den Chomhairle le vóta a chaitheamh orthu. I gcásanna eile, ní thugtar moltaí/rúin a comhaontaíodh ag an SPC ar aghaidh chuig cruinnithe iomlána den chomhairle.

Tugann eagraíochtaí comhaltaí GCCN aiseolas go rialta in ainneoin go gcaitear méid suntasach ama ar fhreagraí fianaisebhunaithe a fhorbairt bunaithe ar fhreagra ar chomhairliúchán, is annamh a chuirtear iad san áireamh ná a léirítear iad sna dréachtaí deiridh. D'fhéadfaí an comhairliúchán a fheabhsú dá ndéanfaí teagmháil níos fiúntaí le linn na gcéimeanna tosaigh den phróiseas nuair a d'fhéadfaí tionchar a imirt ar an bpolasaí. Tá claoadh ag comhairliúchán phoiblí an tábhacht chéanna a thabhairt d'aighneachtaí aonair, a d'fhéadfadh bheith bunaithe ar thuairim aonair, agus freagraí comhchoiteanna bunaithe ar sheasaimh réamhbheartaithe. Creidimid go ndéanfaí é seo a fheabhsú trí thábhacht agus breithniúchán breise a thabhairt d'aighneachtaí ó eagraíochtaí agus lónraí ar nós GCCN. Ina theannta sin, is minic nach dtugtar fógra nó am leordhóthanach le go bhféadfad an Lónraí Pobail

Chathair na Gaillimhe Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe agus na baill aon chineál comhairliúcháin nó rannpháirtíochta fiúntach a bheith acu sa phróiseas. Chruthaigh GCCN 'Treoirlínte le haghaidh Rannpháirtíocht Rathúil an Phobail' ina léirítear treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DEPR) maidir le comhairliúchán agus bheadh sé ina chuidiú dá gcloífí leo. D'aireofaí leis sin comhairliúcháin a reáchtáil i gceantair gheografacha lasmuigh de lár na cathrach, ar trí sin a bheadh teacht níos éasca ar chomhairliúcháin, agus ar trí sin a rachfaí i dteagmháil le grúpaí a n-imríonn an próiseas cinnteoireachta tionchar díreach orthu agus ina mbreathnófaí ar mhodhanna malartacha agus níos idirghníomhaí le haghaidh comhairliúcháin. D'fhoinn cur i gcéill a sheachaint, agus lena chinntíú go bhfuil an rannpháirtíocht ina rannpháirtíocht fhiúntach, tugadh coincheap an aiseolais isteach i cleachtais rannpháirtíochta do leaná agus daoine óga. Tá forbairt mhaith déanta ar an bPolasaí seo ag an Leibhéal Náisiúnta (An Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2021). Is obair de chuid Laura Lundy (2007, 2019) é seo, a mholann ceithre 'F' sa phróiseas aiseolais do chomhairliúcháin nó próisis cinnteoireachta le leaná agus daoine óga. Is iad seo:

Iomlán: Aiseolas cuimsitheach a chur ar fáil do leaná agus daoine óga ina leagtar amach na tuairimí a bhí acu ar glacadh leo, nár glacadh leo agus na cúiseanna i leith na gcinntí sin. Chomh maith leis sin, ba chóir go luafáí san aiseolas seo cé atá chun a dtuairimí a chur i bhfeidhm agus céard é an chéad rud eile a tharlóidh;

Cairdiúil: Ní mór go mbeadh aiseolas nó freagraí a thugann cinnteoíri ar leaná nó daoine óga a bheith i leagan amach agus teanga a thuigean siad. Ní mór iad a chur ar an eolas maidir le tortaí an chomhairliúcháin agus faoin gcaoi inar tugadh tábhacht chuí dá dtuairimí;

Tapa: Fásann leaná agus daoine óga aníos go tapa agus bogann siad ar aghaidh ó rudaí a bhfuil baint acu leo, dá bharr sin, ní mór do chinnteoíri aiseolas a thabhairt dóibh ina n-admhaítear a n-ionchur, ina leagtar amach dul chun cinn ar dtús agus ina dtugtar faisnéis maidir leis na chéad chéimeanna eile chomh

luath agus is féidir. Baineann sé seo le gach céim agus forbairt;

Leanacht Suas: Ní mór do chinnteoíri aiseolas agus faisnéis a chur ar fáil do leaná agus daoine óga ar bhonn leanúnach ar fud na bpróiseas déanta polasaí nó cinnteoireachta.

Má tá próisis rannpháirtíochta poiblí ann chun cuntasacht a chinntíú, ionchais réaláiocha a bhainistiú, cur i gcéill agus tuirse comhairliúcháin a sheachaint, le linn tacú le rannpháirtíocht fhiúntach, ní mór an ghné seo de rannpháirtíocht a thabhairt isteach sa chleachtas. Is rud é seo atá ag an luathchéim bhreithnithe sa Scottish National Standards for Community Engagement, ina bhfacthas go raibh cumarsáid leanúnach ina chuid ríthábhachtach den phróiseas, mar sin féin, cuireann na treoirlínte don óige sampla ar mar is féidir cuntasacht agus tréadhearcacht a fheabhsú trí fhócas ar leith ar na próisis agus réasúnaíocht i ndáil le cinnteoireacht.

Contae na Gaillimhe

Ba chóir faisnéis maidir le comhairliúcháin a sheoladh amach go tráthúil lena chinntíú go bhfuil a ndóthain ama ag comhaltaí an PPN páirt a ghlaodadh.

Ciarraí

Ós rud é go bhfuil nascadh leis an PPN neadaithe sa pholasaí, cuirtear na ranna ar fad ar an eolas maidir le PPNanna agus cuirtear oideachas orthu mar gheall orthu. Is obair gan deireadh agus obair an-tuirsiúil a bheith ag míniú ar bhonn seasta, cad iad na PPNanna. D'fhéadfadh an DRCD tacaíocht cheart a thabhairt sa treoir seo do na LAnna.

Faoi láthair, níl mórán sa nasc ach cleachtadh ticbhosca agus ní féidir brath air, ag brath ar an duine lena bhfuil tú ag nascadh seachas mar a bhaineann leis na PPNanna. Ní mór go mbeadh comhoibriú agus compháirtíocht cheart agus iontaofa ann d'fhoinn athrú agus éifeachtacht fhadtéarmach a chumasú.

Cill Dara

Go maith tríd is tríd. Rialáonn an LA an próiseas agus cuirtear fálte roimh a laghad ionadaíochta PPN. Is é an dúshlán atá i gceist a chur ina luí ar na hionadaithe PPN comhoibriú. Dá mbeadh comhoibriú níos láidre i measc ionadaithe PPN, bheadh sé i bhfad níos éasca an clár oibre PPN a chur i bhfeidhm. B'fhéidir go mbeadh an straitéis náisiúnta cumarsáide ina cuidiú toisc nach dtuigeann gach duine an tábhacht atá le comhairliúcháin agus an cuspóir atá leo. Fiú agus na PPNanna á mbrú, dá dtabharfaí roinnt fócais dóibh trí fheachtas náisiúnta, bheadh sé ina chuidiú. Rinneadh aiseolas i ndiaidh aighneachta agus dá bharr sin, is féidir linn rath na haighneachta a thomhas thar ceann eagraíochtaí comhalta.

Cill Chainnigh

Tá sé mar a chéile le blianta roimhe seo i gcónaí in ainneoin achoimre a thabhairt ar an eispéireas leis an Stiúrthóir Seirbhíse. Mar sin féin, go príomha, tá an caidreamh le Comhairle Contae Chill Chainnigh go maith, tá easpa tuisceana i gceist maidir le hobair an PPN i ngach aicme. Bhí eispéireas ár n-ionadaithe ina eispéireas diúltach i ndáil le SPCanna agus an LCDC bíodh is gur tháinig feabhas ar an gceann deiridh le míonna beaga anuas. Bíonn sé deacair ag go leor daoine míreanna a chur ar an gclár oibre agus faisnéis a fháil roimh chruinniú. Braitheann siad go bhfuil an caidreamh ina chur i gcéill agus go leor cinntí déanta nó comhaontaithe roimh chruinniú. Chuir ionadaí amháin síos ar shampla ina ndéanfaidh ionadaithe áitiúla comhaontú i ndáil le mír a mholaí agus a aontú gan plé ar bith a dhéanamh. Fadhb amháin ab ea easpa freagra tráthúil a thabhairt ar cheisteanna agus aighneachtaí agus braitheann go leor ionadaithe agus comhaltaí an ghrúpa nascála go bhfuil easpa measa ar a bpoist faoi seach agus ar an PPN ar an iomlán.

Ní mór iad a shimplíú toisc go raibh an próiseas ró-chasta agus ró-fhada. Mar gheall ar an fhaisnéis a fuarthas ó gach aon cheardlann a chomhdhlúthú ina "Fís d'Fholláine an Phobail" san iomlán, cailleadh brí agus bhí neamhábharthacht i gceist.

Laois

A bheith curtha ar an eolas ar bhealach tráthúil. Ba cheart go mbeadh tosaíocht ag an PPN maidir le fógraí faoi comhairliúcháin.

Luimneach

Tá an Rúnaíocht, ionadaithe an PPN agus Grúpaí Nascála ag obair go maith leis an údarás áitiúil. Bheadh sé ina chuidiú réamhfhógra leordhóthanach a fháil maidir le comhairliúcháin atá ar tí tarlú toisc gur próiseas fada atá i gceist nuair a iarrtar ionadaí do grúpa stiúrtha nua nó suíochán SPC.

An Longfort

An cur chuige cumaiscthe a choinneáil. Tá an cur chuige ar líne ag obair go maith do roinnt comhaltaí. Bí feasach ar chúlra oideachais daoine. Cinnigh go bhfreastalaítear ar dhaoine faoi mhíchumas.

Lú

Chuideodh comhairliúcháin tráthnóna, mar gur minic a bhíonn Oibrithe Deonacha ag obair i bpoist lánaimseartha i gcaitheamh an lae.

Maigh Eo

Úsáid a bhaint as teideal eile seachas 'Fís Folláine'. Ónár dtaithí i bhfógraíocht, meastar an Ráiteas Folláine bheith ina fhís mheabhairshláinte agus folláine. Cé go gclúdaíonn sé folláine, tá i bhfad níos mó ná sin i gceist. Moltaí atá le cur san áireamh ná úsáid a bhaint as ardán ar líne agus ceardlann comhairliúcháin amháin i bpearsa. Ós rud é gur contae mór tuaithe is ea Contae Mhaigh Eo, bheadh ar ghrúpa pobail fós taistéal 30km chuig ceann de na ceardlanna comhairliúcháin. Tá an lín is mó daoine ná riamh ag freastal ar chúrsaí faisnéise agus oiliúna ar líne de chuid PPN Mhaigh Eo ó tháinig Covid-19 chun cinn in 2020.

An Mhí

Creatáí ama do dhátaí do SPC leagtha síos faoi ghearrfhógra; tá sé dúshlánach iad a roinnt le comhaltaí PPN agus ionchur a fháil uathu agus a bheith i láthair ag na cruinnithe seo ar fad gan mórán fógra a fháil. D'fhoínn go mbeadh ionadaí in ann a ról a chur i gcríoch go héifeachtach, ní mór sraith dátaí agus doiciméid a leagan amach roimh ré ionas go mbeidh teacht ar thuairimí. Dá ndéanfaí forbairt ar líonraí struchtúrtha laistigh den PPN thiocfadh feabhas ar an gcaoi a mbíonn na comhairliúchán dírithe agus ar ullmhú aighneachtaí comhoibríocha. Eisítear fógraí comhairliúcháin chuig an líonra ina iomláine. Chuirfeadh struchtúr chomhoibríocha trascholúin feabhas ar chaighdeán agus ar chomhordú na rannpháirtíochta sa comhairliúchán agus ar na haighneachtaí. Chuideodh soiléireacht agus feiceálacht maidir leis an tionchar a bhíonn ag na haighneachtaí ar na próisis chinnteoireachta/phleanála/mheastóireachta le feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Muineachán

Níos mó ama a thabhairt chun dul i gcomhairle le comhaltaí mar is ceart, agus aiseolas a thabhairt do chomhaltaí i ndiaidh aon comhairliúcháin.

Uíbh Fhailí

Treoir inmheánach ón LA go ndéanfaí gach Comhairliúchán Pobail a scaipeadh tríd an PPN.

Ros Comáin

Tréimhse ama níos faide i leith comhairliúcháin maidir le dréachtdhoiciméid.

Sligeach

Dearfach ó thaobh míreanna a chur ar an gclár oibre agus am a fháil chun labhairt ag cruinnithe ach níl aon athrú fóllasach le sonrú ar an talamh. Cuireann an LA achtanna/rialachán reachtacha rialtais áitiúil i bhfeidhm. Tá sé d'oibleagáid orthu cur suas leis an PPN ach níl orthu aon rud a chur i bhfeidhm. Ba chóir dúinn tacú le seasamh neamhspleách an PPN mar eintiteas. Tá ról an ionadaí PPN ina ról úsáideach mar ghairmí chun líonrú a dhéanamh. Tá an cheardlann fhoirmíúil antarraingteach agus éifeachtach. Ba chóir é a dhéanamh mar chur chuige compháirteach le heagraíochtaí

barrthábhachtacha eile / LCDC mar cuireann ceannaireacht PPN teorainn leis an réimse tionchair mar, ar an drochuair, ní i gcónaí a thacaíonn eagraíochtaí reachtúla eile le hobair an PPN agus ní leagtar a dóthain béime ón mbarr maidir leis an mbealach inar chóir do LAnna dul i ggleic leis an obair a dhéanann PPNanna.

Baile Átha Cliath Theas

Fógra níos mó a thabhairt don PPN maidir le comhairliúcháin atá le teacht. Déanann an LA dearmad eolas a chur ar fáil uaireanta - ach tá feabhas mór tagtha air sin in 2021.

Tiobraid Árann

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí treoir do SPCanna tuilleadh teagmhála a dhéanamh leis an PPN agus a chuid ionadaithe le go mbeadh páirt níos mó acu. Ós rud é go bhfuil díriú idirghníomhaireachta níos mó ag an LCDC, leanann sé d'fheasacht níos mó bheith aige ar chomhionannas rannpháirtíochta. Mar sin féin, d'fhéadfadh an ról mar ionadaí PPN ar an LCDC, agus ar bhoird eile bheith ina ról thar a bheith tuarsiúil toisc nach oibrithe íofcha iad a bhfuil sé mar chuid dá bpost é fios a bheith acu céard atá ag tarlú. Ciallaíonn sé sin go bhfuil a lán ama breise ag teastáil le bheith go hiomlán ar an eolas, doiciméid a léamh agus aon nuashonruithe ábhartha ar pholasáí a leanúint. D'éirigh ionadaí nuathofa PPN LCDC um Chuimsiú Sóisialta as gan ach cúpla mí caite mar gheall ar na cruinnithe LCDC i rith an lae, toisc gur oibrigh sé go lánaimseartha agus ní raibh aon phlé i dtaca leis an am cruinnithe a athrú. Tá tromlach mór ag an gcomhairle in SPCanna i gcónaí a d'fhéadfadh bheith scáfar d'ionadaithe ar bheagán taithí agus ar féidir cosc a chur orthu páirt iomlán a ghlacadh. Cé gur comhcheanglaíodh an contae go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2014, in go leor gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí maoinithe, tá Contae Thiobraid Árann fós deighilte go straitéisearch in dhá cheantar ar leith, go háirithe trí CHONNA (Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail) an HSE. Déanann sé seo aon bpróiseas comhairliúcháin tríd an TPPN nach bhfuil dírithe ar an gcontae san iomlán níos casta. Theastódh comhaontú ginearálta ina leith, ar dócha go bhfuil sé dodhóanta e.g. ceantair HSE, Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, SERDATF, le hoibriú leis an gcontae san iomlán. Is minic a bhíonn tréimhse níos faide ag teastáil roimh an spriocdháta don comhairliúchán mar thacaíocht phraiticiúil le go mbeadh an PPN in ann rannpháirtíochta MD a mhéadú agus a ghníomhachtú, trí fheasacht a ardú agus tacaíochtaí a chur ar fáil maidir le haighneacht a dhéanamh i ndáil leis an gcomhairliúchán.

Dá mbeadh níos mó acmhainní ar fáil, bheadh sé ina píosa maith oibre seisiún buail isteach, i bpearsa, tacáiochta d'aighneachtaí a fhorbairt ós rud é go bhfuil deireadh le srianta Covid-19anois. Tríothu seo, d'fhéadfaí nascadh le grúpaí comhalaí aonair a mhéadú mar aon le spéis agus muinín a mhéadú ó thaobh tabhairt faoi dheiseanna comhairliúcháin phoiblí. Trí aitheantas a fháil mar chuid uathoibríoch d'aon chomhairliúchán náisiúnta, mhéadófaí deiseanna do PPNanna agus dá ngrúpaí gníomhú níos minice i gcomhairliúcháin agus d'fhéadfadh an píosa oibre seo bheith ina gné rialta ar dá réir sin a mhéadófaí taithí i leith rannpháirtíochta agus a n-ardófaí caighdeán na n-aighneachtaí.

Port Láirge

Tá an caidreamh leis an LA ina chaidreamh maith ach tá sé go mór faoi stiúir an LA; mar sin féin, tá ag éirí níos fearr leis an PPN saincheisteanna a chur ar na cláir oibre. Mar gheall ar chumarsáid ó na Ranna agus béalagair níos éasca, tá sé éasca agus tarraigteach do dhaoine aiseolas a thabhairt. Ceapann an chuid is mó de dhaoine go bhfuil comhairliúcháin ann chun aiseolas diúltach a thabhairt, ní mór aiseolas dearfach a spreagadh tuilleadh agus ní mór go mbeadh sé níos éasca a dhéanamh. Caithfidh siad seo gan bheith ina gcleachtáí ticbhosca agus ní mór saoránaigh a spreagadh chun aiseolas a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla.

An larmhí

Ba chóir doiciméid don chruinniú a eisiúint go tráthúil, chun cur ar chumas ionadaithe PPN dul i gcomhairle le grúpaí ionmlánacha agus/nó Nascála PPN. Ba chóir go mbeadh an PPN in ann míreanna a chur san áireamh ar chláir oibre. Ní i gcónaí a oireann amanna cruinnithe d'ionadaithe deonacha PPN. Breithniú a dhéanamh gur chóir go mbeadh PPN ina mhír sheasta ar chláir oibre. Ba chóir don choiste oiliúint ionduchtaithe a chur ar fáil d'ionadaithe PPN. Ba chóir an PPN a chur san áireamh i ngach comhairliúchán LA agus Rialtais. Tuilleadh ama – In go leor cásanna, bíonn comhairliúcháin oscailte ar feadh tréimhse ama ró-ghearr le haghaidh comhairliúchán leordhóthanach. Chomh maith leis sin, ní chuirtear na PPNanna ar an eolas go tráthúil. Ba cheart go mbeadh an t-eolas faoi na comhairliúcháin éasca le tuiscint, chun go mbeifí níos fearr ar an eolas agus an comhairliúcháin ar bun. Ba chóir go n-iarrfadh na coistí/na fóram ar na PPNanna grúpaí fócais a bhunú agus é seo a chur san áireamh

mar chuid den chomhairliúchán. Agus an deighilt dhigiteach á cur san áireamh, ba chóir go mbeadh an oiread modhanna agus is féidir oscailte do dhaoine lena gceadú (ar líne/post/cruinnithe etc).

Loch Garman

Níos nó cumarsáide le hlonadaithe go háirithe ag cruinnithe MD.

Cill Mhantáin

Tuairiscíonn ionadaithe cé go bhfuil caidrimh mhaith agus obair i comhar thionscadail (go príomha) idir an tÚdarás Áitiúil agus an PPN/grúpaí Pobail, is beag ionchur a dhéantar i dtaobh polasáí. Tá cruinnithe dirithe den chuid is mó ar obair a chur i láthair atá déanta nó sin atá aontaithe agus ar tí tarlú. Is é an príomhbhuntáiste a bhaineann le rannpháirtíocht sa PPN ná an deis atá ann eolas a mhalartú. Ba chóir comhairliúcháin a sheachaint nuair a bhíonn, go hiondúil, formhór na ndaoine ar saoire i.e., i rith na Nollag, um Cháisc nó sa Samhradh. Má theastaítear comhairliúcháin a reáchtáil le linn na n-amanna seo, ba chóir don tréimhse saoirí a ghlacadh san áireamh. Ba cheart na tréimhsí ama a thugtar do na comhairliúcháin a bheith sách fada, 2 mhí ar a laghad, chun go bhféadfadh an PPN dul i gcomhairle le ballgħrupai, ballgħrupai dul i gcomhairle lena chéile agus aiseolas a thabhairt don PPN in am le go mbeadh aighneacht i scríbhinn déanta ag an PPN. Ba chóir clár ama do comhairliúcháin a eisiúint ag deireadh gach bliana chun fógraí a thabhairt do phobail roimh ré agus chun cuidíú leo ullmhú do na cinn atá siad ag iarraidh cur leo go háirithe. Ba cheart do Ranna dul i gcomhairle lena chéile lena chinntiú nach mbíonn comhairliúcháin éagsúla ar ardleibhél á reáchtáil ag an am céanna. Dá mbeadh córas níos fearr ann chun ionchur an phobail a athint agus luach a chur air spreagfad sé níos mó rannpháirtíochta e.g., aitheantas a bheith tugtha i gcónaí don rud a bhí le rá ag an bpobal agus léargas a thabhairt ar an gcúis go raibh nó nach raibh na rudaí a bhí ráite á fhorbairt i bhfoirm gnímh. Ba cheart níos mó sineirgí agus comhoibrithe a bheith ann maidir le comhairliúcháin i dtaca le pleannána áitiúla lena n-áirítear Pleannána Forbartha Contae, Pleannána Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail agus Pleannána LEADER. Shábhálfadh sé sin acmhainní airgeadais agus foirne chomh maith leis an tuirse a bhaineann le comhairliúcháin. Ba chóir na PPNanna a bheith ar liostaí cursaíochta do gach comhairliúchán rialtais áitiúil agus náisiúnta.

